

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 177



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

12 Iúil 2023

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socrúithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach 1
- ★ Rialachán (AE) 2023/1442 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 Lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia, i dtaca le hathruithe ar údaruithe substaintí agus substaintí nua a chur isteach ⁽¹⁾ 45
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1443 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 maidir le húdarú ullmhóide *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 ⁽¹⁾ 59
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce 63

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú eitlíochta eora-mheánmhara idir an tAontas eorpach agus a bhallstáit, de pháirt, agus rialtas stát Iosrael, den pháirt eile an 4 Iúil 2023 lena n-ionadaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile (2023/1445) 107

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1441 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2023

maidir le socrúithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 47(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Fhóirdheontais Eachtracha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2022/2560, ceadaítear leis an Rialachán sin imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach agus saobhadh den sórt sin a leigheas. Is gá na rialacha agus na nósanna imeachta sonracha a leagan síos a bhaineann, i measc nithe eile, le fógraí a chur isteach de bhun Airteagal 21 agus Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2022/2560, agallaimh a dhéanamh agus ráitis ó bhéal a sholáthar faoi Airteagal 13, Airteagal 14 agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/2560, gealltanais a chur isteach faoi Airteagal 25 agus faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2560, agus na mionsonraí a bhaineann leis an nochtadh agus le cearta cosanta an ghnóthais atá faoi imscrúdú faoi Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2022/2560.
- (2) De bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/2560, ceanglaítear ar dhaoine agus ar ghnóthais fógra a thabhairt faoi chomhchruinnithe móra áirithe lena mbaineann ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha substaintiúla sula gcuirfead an comhchruinniú i bhfeidhm. Le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2022/2560 ceanglaítear freisin go dtabharfar fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí os cionn tairseacha áirithe sula ndámhfar an Conradh. Mura gcomhlíontar an oibleagáid fógra a thabhairt, i measc nithe eile, beidh an duine nó an gnóthas faoi dhliteanas fineálacha a íoc agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla. Dá bhrí sin, is gá sainmhíniú beacht a dhéanamh ar na páirtithe atá freagrach as an bhfógra a chur isteach agus as inneachar na faisnéise atá le soláthar san fhógra.
- (3) I dtaca leis na fíorais agus na himthosca is ábhartha chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith nó le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, is faoi dhaoine nó faoi ghnóthais dá dtagraítear i in Airteagail 21(3) agus 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560 atá sé iad a nochtadh go hiomlán agus go cruinn don Choimisiún.
- (4) Chun na fógraí agus measúnú an Choimisiúin a shimpliú, ba cheart foirmeacha caighdeánaithe a leagan amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Féadfar foirmeacha leictreonacha ina mbeidh na ceanglais chéanna maidir le faisnéis a chur ina n-ionad sin.

⁽¹⁾ IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.

- (5) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcásanna inarb amhlaidh, de thoradh an réamh-athbhreithnithe, go mbeidh táscairí leordhóthanacha ag an gCoimisiún gur deonaíodh fóirdheontas eachtrach do ghnóthas lena saobhtar an margadh inmheánach, ba cheart don Choimisiún nós imeachta grinn-imscrúdúcháin a oscailt chun é a chur ar a chumas dó tuilleadh faisnéise a bhailiú chun measúnú a dhéanamh an ann don fhóirdheontas agus ar éifeachtaí saobhacha iarbhair nó féideartha an fhóirdheontais eachtraigh. Is gá na rialacha maidir le teorainn ama a leagan síos ar lena linn sin is féidir leis an ngnóthas faoi imscrúdú agus daoine eile, lena n-áirítear na Ballstáit agus an tríú tír a dheonaigh an fóirdheontas eachtrach sin, a mbarúlacha maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún a chur isteach chun grinn-imscrúdú a thionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2022/2560.
- (6) De bhun Airteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfaidh an Coimisiún, agus imscrúduithe á ndéanamh aige, agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a aontaíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar an imscrúdaithe. Agus an gá á urramú an chothroime agus an trédhearcacht dhlíthiúil a áirithiú, roimh agallamh a dhéanamh le daoine nádúrtha nó le daoine dlítheanacha a thoilíonn go gcuirfí agallamh orthu, ba cheart don Choimisiún bunús dlí an agallamh a chur in iúl dóibh. Ba cheart cuspóir an agallamh a chur in iúl do na daoine a gcuirfear agallamh orthu freisin agus ba cheart deis a thabhairt dóibh chun barúil a thabhairt maidir leis an agallamh doiciméadaithe sin. Ba cheart don Choimisiún teorainn ama a leagan síos ar lena linn sin a fhéadfaidh an duine a gcuirfear agallamh air aon bharúil ar an agallamh doiciméadaithe a chur in iúl dó.
- (7) De bhun Airteagal 14(2), pointe (c) agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/2560 féadfaidh an Coimisiún, agus cigireachtaí á ndéanamh aige laistigh den Aontas nó lasmuigh de, iarraidh ar aon ionadaí nó ar aon bhall foirne gnóthais nó comhlachais gnóthas mínithe a thabhairt ar fhíorais nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar agus le cuspóir na cigireachta agus na freagraí a dhoiciméadú. Ba cheart na ráitis dhoiciméadaithe ó bhéal a chur ar fáil don d'ionadaí údaraithe an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas. I gcás mínithe arna dtabhairt ag ball foirne neamhúdaraithé, ba cheart deis a thabhairt don ghnóthas nó don chomhlachas gnóthas chun barúil a thabhairt faoi na mínithe doiciméadaithe.
- (8) De bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, bíonn sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Choimisiún chun imscrúduithe a dhéanamh faoin Rialachán sin. Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin uile ar fáil don Choimisiún i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin freisin le húdarais chonarthaacha nó le heintitis chonarthaacha atá i gceannas ar an nós imeachta soláthair phoiblí ábhartha freisin.
- (9) Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún measúnú ceart a dhéanamh chun cinneadh a ghlacadh in éineacht le gealltanais arna dtairiscint ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú d'fhonn saobhadh sa mhargadh inmheánach a leigheas, ba cheart an nós imeachta chun gealltanais a mholadh de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus teorainneacha ama chun gealltanais a mholadh faoi Airteagail 25 agus 31 de Rialachán (AE) 2022/2560 a leagan síos.
- (10) Ar mhaithe leis an trédhearcacht a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta a fhorchur de bhun Airteagal 7(5) agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2560 i ngníomhartha lena gcuirfear clabhsúr le grinn-imscrúdú de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2022/2560. Ba cheart a cheadú leis na hoibleagáidí sin don Choimisiún saobhadh féideartha ar an margadh inmheánach a bhrath nó faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a ghníomhartha arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2022/2560. Dá bhrí sin, is gá foirm, ábhar agus mionsonraí nós imeachta na n-oibleagáidí sin a bheith soiléirithe.
- (11) De bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le cearta na cosanta a urramú, ba cheart deis a thabhairt don ghnóthas atá faoi imscrúdú, sula nglacfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagail 11, 12, 17, 18, 25(3), 26, 31 nó 33 de Rialachán (AE) 2022/2560, a bharúlacha a chur isteach faoin bhforas ar fad ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún ina chinneadh a ghlacadh. I gcomhréir le hAirteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2022/2560, is gá rialacha a leagan síos maidir lena mhéid ba cheart rochtain a dheonú do ghnóthas atá faoi imscrúdú ar an gcomhad de chuid an Choimisiúin. Cé gur cheart an ceart a bheith ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú i gcónaí na leaganacha neamhrúnda de na doiciméid uile atá luaite san foras a fháil ón gCoimisiún, ba cheart rochtain ar na doiciméid uile atá i gcomhad an Choimisiúin a thabhairt do líon teoranta

comhairleoirí sonraithe seachtracha dlí nó eacnamaíocha nó saineolaithe teicniúla seachtracha sonraithe, gan aon fholú, thar ceann an ghnóthais atá faoi imscrúdú, faoi théarmaí a leagfar amach i gcinneadh ón gCoimisiún. Ba cheart teorainn a chur leis an rochtain sin i gcásanna áirithe, lena n-áirítear i gcás ina ndéanfaidh nochtadh doiciméad áirithe dochar don pháirtí a chuir isteach iad nó má bhíonn tús áite ag leasanna eile.

- (12) De bhun Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus é ag deonú rochtana ar an gcomhad, ba cheart don Choimisiún cosaint rúin ghnó nó faisnéise rúnda eile a áirithiú. Dá bhrí sin, is gá rialacha mionsonraithe a leagan amach lena gcuirfear ar a chumas don Choimisiún iarraidh ar dhaoine agus gnóthais a chuireann nó a chuir faisnéis isteach, lena n-áirítear doiciméid, rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile a shainaithint ina dtíolacthaí nó a mhéid a bhaineann le faisnéis i bhfógra nó cinneadh achoimre, agus é a chur ar a chumas don Choimisiún an chaoi a ndéileofar le faisnéis áirithe i gcás easaontú faoi rúndacht a chinneadh.
- (13) Ós rud é, ar fhógra a thabhairt, go ndéantar na teorainneacha ama dlíthiúla a thionscnamh ar teorainneacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear na teorainneacha ama sin agus an dáta a dtiocfaidh éifeacht leo a chinneadh freisin. Go háirithe, ba cheart tús agus deireadh na dteorainneacha ama agus na himthosca lena gcuirtear réachtáil teorainneacha den sórt sin ar fionraí a chinneadh.
- (14) I dtaca le doiciméid a tharchur chuig an gCoimisiún agus uaidh, ba cheart an tarchur sin tarlú i bprionsabal trí mhodhanna digiteacha, agus forbairtí i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus sochar comhshaoil tarchur den sórt sin á mbreithniú. Go háirithe, ba cheart feidhm a bheith aige sin, de bhun Airteagal 47(1) pointí (a), (b) agus (h) de Rialachán (AE) 2022/2560, maidir le fógraí, freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis, barúlacha faoin bhforas ar bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a chinneadh a ghlacadh, ar cinneadh é atá dírithe ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú, mar aon le gealltanais arna dtairiscint ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.
- (15) Ar mhaithe leis an trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm roimh thús chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2560.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

I gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, leagtar amach socruithe mionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas sa Rialachán seo:

- (1) foirm, ábhar agus mionsonraí nós imeachta na bhfógraí faoi chomhchruinnithe;
- (2) foirm, ábhar agus mionsonraí nós imeachta na bhfógraí maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais agus dearbhú nach ann do ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí;
- (3) mionsonraí nós imeachta maidir le ráitis ó bhéal de bhun Airteagal 13(7), Airteagal 14(2), pointe (c) agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/2560;
- (4) rialacha mionsonraithe maidir le nochtadh, rochtain ar chomhad agus ar fhaisnéis rúnda de bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2022/2560;
- (5) foirm, ábhar agus mionsonraí nós imeachta na gceanglas trédhearcachta;
- (6) rialacha mionsonraithe maidir le teorainneacha ama a ríomh;
- (7) na mionsonraí nós imeachta agus na teorainneacha ama maidir le gealltanais a mholadh faoi Airteagal 25 agus 31 de Rialachán (AE) 2022/2560.

*Airteagal 2***Sainmhíithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn ‘páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu’ chun fógraí a thabhairt faoi chomhchruinnithe daoine nó gnóthais a gceanglaítear orthu fógra a chur isteach de bhun Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2022/2560.
- (2) Ciallaíonn ‘páirtithe eile lena mbaineann’ chun fógraí a thabhairt faoi chomhchruinnithe daoine a bhaineann leis an gcomhchruinniú atá beartaithe seachas na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, amhail an díoltóir agus an gnóthas nó cuid den gnóthas arb é sprioc an chomhchruinnithe é.
- (3) Ciallaíonn ‘páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu’ chun fógraí agus dearbhuithe a thabhairt maidir le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i soláthar poiblí na hoibreoírí eacnamaíocha, grúpaí oibreoírí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí uile a chumhdaítear leis an oibleagáid um fhógra i gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560.
- (4) Ciallaíonn an nath ‘laethanta oibre’ gach lá seachas an Satharn, an Domhnach, agus laethanta saoire an Choimisiúin arna bhfoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

CAIBIDIL II

FÓGRAÍ*Airteagal 3***Daoine atá i dteideal fógraí agus dearbhuithe a chur isteach**

1. Cuirfidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), fógraí faoi chomhchruinnithe de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2560 isteach. Beidh gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freagrach as cruinneas na faisnéise a sholáthraíonn sé.
2. Fógraí agus dearbhuithe i nósanna imeachta soláthair phoiblí, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar aghaidh chuig an údarás conarthach nó an eintiteas conarthach iad nó, i gcás grúpaí oibreoírí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí, an príomhchonraitheoir nó an príomhhlamháltóir dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (AE) 2022/2560 thar a gceann agus thar ceann aon pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus thar ceann na bpáirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu dá dtagraítear in Airteagal 2(3). Beidh gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freagrach as cruinneas na faisnéise atá nasctha leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a deonaíodh dó agus cruinneas na faisnéise sin amháin.
3. I gcás ina síneoidh ionadaithe údaraithe seachtracha daoine nó gnóthas na fógraí nó na dearbhuithe, tabharfaidh na hionadaithe sin cruthúnas i scríbhinn ar aird go bhfuil siad údaraithe gníomhú amhlaidh.

*Airteagal 4***Réamhfhógra a thabhairt maidir le comhchruinnithe**

1. Cuirfear fógraí faoi chomhchruinnithe de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2560 isteach agus an fhoirm chun fógra thabhairt do chomhchruinnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I á húsáid. Cuirfear fógraí comhpháirteacha de bhun Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 isteach ar aon fhoirm amháin.
2. I dtaca leis an bhfoirm chun fógra thabhairt do chomhchruinnithe agus leis na doiciméad tacaíochta ábhartha uile, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad i gcomhréir le hAirteagal 25.
3. Déanfar na fógraí a chur isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Mura gcomhaontaíonn an Coimisiún agus na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a mhalairt, is í teanga an fhógra teanga na n-imeachtaí freisin, agus teanga aon imeacht riaracháin dá éis sin os comhair an Choimisiúin faoi Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann leis an gcomhchruinniú céanna. Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad. I gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais bunteanga doiciméid, cuirfear aistriúchán go teanga na n-imeachtaí i gceangal leis.

4. Ar iarraidh i scríbhinn a fháil, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis faoi leith a sholáthar san fhoirm fógra a leagtar amach in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear doiciméid, a ligean ar ceal le haghaidh páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nó aon cheanglas eile san fhoirm fógra a bhaineann leis an bhfaisnéis sin.
5. Admhóidh an Coimisiún, gan mhoill, i scríbhinn chuig na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu go bhfuair sé an fógra agus aon fhreagra ar litir arna seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 6(2) agus Airteagal (3).

Airteagal 5

Fógraí agus dearbhuithe maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. Fógraí faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, cuirfear faoi bhráid an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh atá i gceannas ar an nós imeachta soláthair phoiblí ábhartha iad i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II á húsáid agus cuirfear isteach iad ar fhoirm amháin ina bhfuil faisnéis maidir leis na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu a bhaineann le tairiscint amháin nó iarraidh amháin ar rannpháirtíocht.
2. I gcás inarb amhlaidh, i nósanna imeachta soláthair phoiblí a chomhlíonann na tairseacha in Airteagal 28(1)(a) agus 28(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, nár dheonaigh tríú tír aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu le 3 bliana anuas, ní mór do na páirtithe sin dearbhú, in ionad fógra, a chur isteach. Ní mór an dearbhú a chur faoi bhráid an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh atá i gceannas ar an nós imeachta soláthair phoiblí ábhartha ar fhoirm amháin, ar an modh a fhorordaítear le ceannteideal 7 den Réamhrá agus Roinn 7 d'Iarscríbhinn II. I gcomhréir le hAirteagail 4(3) agus 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfuil an méid iomlán díobh in aghaidh an tríú tír níos lú ná méid na cabhrach *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 in aghaidh an tríú tír thar thréimhse chomhleanúnach 3 bliana roimh an dearbhú, ní gá iad a liostú sa dearbhú.
3. I dtaca leis an bhfógra, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta uile ábhartha, nó an dearbhú, aistreoidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach chuig an gCoimisiún iad i gcomhréir le hAirteagal 26.
4. Cuirfear na fógraí agus na dearbhuithe faoi bhráid an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Mura gcomhaontaíonn an Coimisiún agus na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a mhalairt, is í teanga an fhógra nó an dearbhaithe teanga an imeachta freisin, agus teanga aon imeacht riaracháin dá éis sin os comhair an Choimisiúin faoi Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann leis an nós imeachta soláthair phoiblí céanna. Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad. I gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais bunteanga aon doiciméid, cuirfear aistriúchán go teanga na n-imeachtaí i gceangal leis.
5. Ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, ach an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach atá i gceannas ar an nós imeachta soláthair phoiblí a chur ar an eolas, féadfaidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a dhíolmhú ón oibleagáid maidir le haon fhaisnéis faoi leith a sholáthar san fhoirm fógra a leagtar amach in Iarscríbhinn II, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile san fhoirm fógra a bhaineann leis an bhfaisnéis sin.
6. Admhóidh an Coimisiún, gan mhoill, i scríbhinn chuig an údarás conarthach nó chuig an eintiteas conarthach atá i gceannas ar an nós imeachta soláthair phoiblí, agus seolfar cóip den admháil sin chuig na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó chuig a n-ionadaithe seachtracha údaraithe siúd, go bhfuair sé an fógra nó an dearbhú agus aon fhreagra ar litir arna seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7(1) agus (3).

Airteagal 6

An dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an bhfógra i gcomhchruinnithe

1. De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, is é an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra iomlán an dáta éifeachtach a ghabhfaidh le fógra.

2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, atá san fhógra neamhiomlán, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó a n-ionadaithe seachtracha údaraithe ar an eolas ina thaobh i scríbhinn gan mhoill. Sna cásanna sin, gabhfaidh éifeacht leis an bhfógra an dáta a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis iomlán.
3. Tar éis fógra a thabhairt, cuirfidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu in iúl don Choimisiún gan mhoill aon fhaisnéis, lena n-áirítear athruithe ábhartha ar na fíorais, a bheadh ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra a thabhairt fúthu dá mba rud gurbh eol dóibh iad nó gur cheart gurbh eol dóibh an fhaisnéis sin tráth an fhógra. I gcás ina bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag an bhfaisnéis sin ar an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún ar an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith, féadfaidh an Coimisiún a mheas nach ngabhfaidh éifeacht leis an bhfógra ach an dáta a gheobhaidh sé an fhaisnéis lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó a n-ionadaithe ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn gan mhoill.
4. Chun críocha an Airteagal seo, measfar go bhféadfaidh faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthrófar go mbeidh an fógra neamhiomlán.

Airteagal 7

An dáta a ghabhfaidh éifeacht le fógraí agus dearbhuithe ranníocáíochtaí eachtracha airgeadais i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. I nósanna imeachta soláthair phoiblí de réir bhrí Airteagal 27 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, gabhfaidh éifeacht le fógraí agus le dearbhuithe an dáta a gheobhaidh an Coimisiún iad. I nósanna imeachta soláthair phoiblí ilchéimneacha, maidir le fógra nó dearbhú a chuirtear isteach ag an gcéim a chuirtear an iarraidh ar rannpháirtíocht isteach mar aon leis an bhfógra nuashonraithe nó leis an dearbhú nuashonraithe arna gcur isteach ag an gcéim a chuirtear an tairiscint deiridh isteach de réir Airteagal 29(1), abairt dheireanach, de Rialachán (AE) 2022/2560, gabhfaidh éifeacht leo an dáta a gheobhaidh an Coimisiún iad. Mar sin féin, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, atá san fhógra nó dearbhú a fuarthas neamhiomlán, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó a n-ionadaithe seachtracha údaraithe ar an eolas ina thaobh i scríbhinn gan mhoill. Sna cásanna sin, gabhfaidh éifeacht leis an bhfógra nó leis an dearbhú an dáta a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis iomlán de bhun Airteagal 29(4) de Rialachán (AE) 2022/2560.
2. I gcás ina bhfeidhmeoidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach ábhartha a chearta de bhun Airteagal 56(3) de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 76(4) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, chun soiléirithe ar an bhfógra, ar an dearbhú, nó ar an bhfógra nuashonraithe nó ar an dearbhú nuashonraithe a iarraidh de réir Airteagal 29(1), an abairt dheireanach, agus Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus ina gcinnfidh an t-údarás nó an t-eintiteas sin diúltú don tairiscint nó don iarraidh ar rannpháirtíocht i ngeall ar easpa soiléirithe i gcás nár soláthraíodh go cuí iad, measfar nach mbeidh an fógra ná an dearbhú déanta ná aistrithe chuig an gCoimisiún.
3. Tar éis fógra, dearbhú, fógra nuashonraithe nó dearbhú nuashonraithe a chur isteach, cuirfidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu in iúl don Choimisiún, gan mhoill, aon fhaisnéis nua ábhartha, lena n-áirítear athruithe ar na fíorais, a bheadh ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra a thabhairt fúthu dá mba rud gurbh eol dóibh iad nó gur cheart gurbh eol dóibh an fhaisnéis sin an tráth a cuireadh an fógra iomlán nó an dearbhú iomlán nó an fógra nuashonraithe nó an dearbhú nuashonraithe isteach. I gcás ina bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag an bhfaisnéis sin ar an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún, féadfaidh an Coimisiún a mheas nach ngabhfaidh éifeacht leis an bhfógra, dearbhú, fógra nuashonraithe nó dearbhú nuashonraithe ach an dáta a gheobhaidh sé an fhaisnéis ábhartha. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin méid sin i scríbhinn agus gan mhoill do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí nó a n-ionadaithe seachtracha, agus i gcomhthéacs an údaráis chonarthaigh ábhartha nó an eintitis chonarthaigh ábhartha freisin.

⁽²⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽³⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fluinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

4. Chun críocha an Airteagail seo, agus gan dochar d'Airteagail 17, 29 agus 33 de Rialachán (AE) 2022/2560, measfar go bhféadfaidh faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthrófar go mbeidh an fógra neamhionlán.

CAIBIDIL III

IMSCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG AN gCOIMISIÚN

Airteagal 8

Teorainn ama chun barúlacha a chur isteach tar éis oscailt grinn-imscrúdaithe

1. Nuair a thionscnaíonn an Coimisiún grinn-imscrúdú de bhun Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, socróidh an Coimisiún an teorainn ama ar lena linn a bhféadfaidh an gnóthas atá faoi imscrúdú, aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile, na Ballstáit agus an tríú tír a dheonaigh an fóirdheontas eachtrach a mbarúlacha i scríbhinn a chur isteach, agus nach faide ná mí amháin é de ghnáth ón dáta a cuireadh an gnóthas atá faoi imscrúdú ar an eolas faoin gcinneadh, nó ó dháta foilsithe an fhógra achoimre faoin gcinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* sna cásanna eile uile. Cuirfear barúlacha isteach gcomhréir le hAirteagal 25 agus 26.
2. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an teorainn a leagtar amach i mír 1.
3. I gcás ina mbeidh faisnéis rúnda san áireamh san aighneacht, soláthróidh an duine a chuirfidh isteach í leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

Airteagal 9

Agallaimh

1. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún agallamh ar dhuine i gcomhréir le hAirteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2022/2560, sonróidh an Coimisiún, ag tús an agallaimh, bunús dlí agus cuspóir an agallaimh, agus cuirfidh sé in iúl don duine a chuirfear faoi agallamh go ndéanfaidh sé an t-agallamh a dhoiciméadú.
2. Féadfaidh agallamh a dhéanfar de bhun Airteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2022/2560 a dhoiciméadú in aon fhoirm.
3. Cuirfear cóip den fhoirm dhoiciméadaithe den agallamh ar fáil don duine a cuireadh faoi agallamh ar mhaithe lena chuid barúlacha laistigh de theorainn ama arna leagan síos ag an gCoimisiún.

Airteagal 10

Ráitis ó bhéal le linn cigireachtaí

1. I gcás ina n-iarrfaidh oifigigh nó daoine tionlacain eile arna n-údarú ag an gCoimisiún mínithe ó ionadaithe seachtracha nó ó bhaill foirne gnóthais nó comhlachais gnóthas de bhun Airteagal 14(2), pointe (c) nó Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfar na mínithe sin a dhoiciméadú in aon fhoirm.
2. Ba cheart cóip d'aon doiciméadacht arna déanamh de bhun mhír 1 a chur ar fáil don ghnóthas nó don chomhlachas gnóthas lena mbaineann i ndiaidh na cigireachta.
3. I gcás ina mbeidh mínithe tugtha don Choimisiún ag ball foirne de ghnóthas nó de chomhlachas gnóthas nach bhfuil nó nach raibh údaraithe ag an ngnóthas nó ag an gcomhlachas gnóthas mínithe a thabhairt thar ceann an ghnóthais nó thar ceann an chomhlachais gnóthas, leagfaidh an Coimisiún teorainn ama síos ar lena linn a bhféadfaidh an gnóthas nó an comhlachas gnóthas aon athrú ar na mínithe arna dtabhairt ag an mball foirne sin a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfear na hathruithe leis na mínithe mar a dhoiciméadaítear de bhun mhír 1.

*Airteagal 11***Faisnéis ó na húdaráis chonartha agus ó na heintitis chonartha atá i gceannas ar nósanna imeachta soláthair phoiblí**

1. Maidir le hoibleagáid na mBallstát de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2022/2560 gach faisnéis is gá chun imscrúduithe a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2560 a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, baineann an oibleagáid sin, go háirithe, leis na húdaráis chonartha agus leis na heintitis chonartha atá i gceannas ar na nósanna imeachta soláthair phoiblí ábhartha ag a bhfuil faisnéis is ábhartha don imscrúdú.

2. Aistreoidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach chuig an gCoimisiún, in éineacht leis an bhfógra, na cóipeanna de na doiciméid a úsáidtear in ullmhú na ndoiciméad soláthair, lena n-áirítear, má tá sé ar fáil, aon taighde agus an buiséad inmheánach le haghaidh an tsoláthair, mar aon leis na cóipeanna d'aon doiciméad eile a mheasann an t-údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha a bheith ríthábhachtach le haghaidh an imscrúdaithe. I gcás ina gcuirfidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu faisnéis isteach faoi Roinn 4 d'Iarscríbhinn II, cuirfidh an t-údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha na cóipeanna de na tairiscintí uile a cuireadh isteach ar aghaidh freisin, tairiscintí a bhaineann leis an nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist. I gcás nár cuireadh isteach na tairiscintí go fóill nó nach mbeidh siad ar fáil tráth an fhógra, aistrefar na cóipeanna chuig an gCoimisiún iad a luaithe a bheidh siad ar fáil. I gcás nach n-aistreoidh an t-údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha na cóipeanna de na doiciméid uile is ábhartha don imscrúdú chuig an gCoimisiún nó i gcás nach féidir leis iad a aistriú chuige, iarrfaidh an Coimisiún air na cóipeanna de na doiciméid sonracha is ábhartha d'imscrúdú an Choimisiúin a aistriú.

*Airteagal 12***Faisnéis a chur isteach faoi thairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi**

1. A mhéid nár sholáthair na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cheana ina bhfógra a cuireadh isteach de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560, údair agus doiciméid tacaíochta ghaolmhara a liostaítear san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bhaineann leis an measúnú ar chineál tairisceana a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad de réir na dteoireannacha ama agus na formáide a shonraítear in Airteagal 8 agus féadfar iad a chur isteach le linn an réamh-athbhreithnithe.

2. I gcás ina gcinneadh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu úsáid a bhaint as an bhféidearthacht údair a chur isteach, gabhfaidh na húdair sin leis an aighneacht seo in éineacht leis na doiciméid tacaíochta ghaolmhara uile a liostaítear san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun údar a thabhairt lena maíomh.

3. Agus doiciméid tacaíochta á soláthar, déanfaidh na gnóthais atá faoi imscrúdú aon fhaisnéis is faisnéis rúnda dar leo a shainaithint, tabharfaidh údar cuí leis an maíomh rúndachta sin, agus soláthróidh leagan neamhrúnda ar leithligh.

CAIBIDIL IV

GEALLTANAI, TRÉDHEARCAHT AGUS TUAIRISCIÚ*Airteagal 13***Teorainneacha ama chun gealltanais a chur isteach faoi chomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith**

1. I leith comhchruinnithe dá dtugtar fógra don Choimisiún de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfear gealltanais arna dtairiscint chun críoch cinneadh atá le glacadh de bhun Airteagal 25(3) pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560 faoi bhráid an Choimisiúin 65 lá oibre ar a dhéanaí ón dáta a tionscnaíodh an grinn-imscrúdú de bhun Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2022/2560.

2. I gcás, de bhun Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2022/2560, ina gcuirfear síneadh leis an teorainn ama chun cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 25(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfear an líon laethanta oibre céanna de shíneadh go huathoibríoch leis an teorainn ama de 65 lá oibre chun gealltanais a chur isteach.

3. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún gealltanais a bhreithniú fiú i gcás ina mbeidh siad tairgthe tar éis don teorainn ama ábhartha dul in éag arb í sin an teorainn ama a leagtar amach san Airteagal seo chun na gealltanais sin a chur isteach. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu a bhreithneofar nó nach mbreithneofar na gealltanais sin a bheidh tairgthe in imthosca den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar an ngá an nós imeachta coiste dá dtagraítear in Airteagal 48(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 a chomhlíonadh.

Airteagal 14

Teorainneacha ama chun gealltanais a chur isteach in imscrúduithe i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. I ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoina dtugtar fógra don Choimisiún i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, gealltanais arna dtairiscint ag na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann de bhun Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad laistigh de thréimhse nach faide ná 50 lá oibre ón dáta a tionscnaíodh an grinn-imscrúdú. Maidir leis na gealltanais arna bhfáil ag an gCoimisiún, féadfar a mheas gurb éard atá iontu cás eisceachtúil a bhfuil údar cuí leis chun síneadh a chur leis an teorainn ama chun glacadh le cinneadh chun an grinn-imscrúdú a dhúnadh de réir bhrí Airteagal 30(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, ag brath ar raon feidhme na ngealltanais agus tar éis dul i gcomhairle leis an údarás conarthach nó leis an eintiteas conarthach.

2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún gealltanais a bhreithniú a bheidh tairgthe tar éis don teorainn ama dul in éag arb í sin an teorainn ama a leagtar síos i mír 1. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu a bhreithneofar nó nach mbreithneofar na gealltanais sin a bheidh tairgthe in imthosca den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar an ngá an nós imeachta coiste dá dtagraítear in Airteagal 48(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 a chomhlíonadh.

Airteagal 15

Nós imeachta chun gealltanais a chur isteach

1. I dtaca leis na gealltanais arna dtairiscint ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad i gcomhréir le hAirteagal 25 le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 25(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó i gcomhréir le hAirteagal 26 le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/2560.

2. Agus gealltanais á dtairiscint, déanfaidh an gnóthas atá faoi imscrúdú, an tráth céanna, aon fhaisnéis is faisnéis rúnda dar leo a shainiú, tabharfaidh údar cuí leis an maíomh rúndachta sin, agus soláthróidh siad leagan neamhrúnda ar leithligh.

3. In imeachtaí faoi Chaibidlí 3 agus 4 de Rialachán (AE) 2022/2560, is iad na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a shíneoidh gealltanais, mar aon le haon duine eile lena mbaineann agus ar a bhforchuirtear oibleagáidí leis na gealltanais.

Airteagal 16

Trédhearcacht agus tuairisciú

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh a dhéanfar tar éis grinn-imscrúdú de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2022/2560, oibleagáidí trédhearcachta agus tuairiscithe a fhorchur ar ghnóthas de bhun Airteagal 7(5) agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2560. Féadfaidh baint a bheith ag na hoibleagáidí sin le soláthar faisnéise a bhaineann le haon cheann de na cásanna seo a leanas:

- ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a fuarthas le linn tréimhse shonraithe dar tús an lá tar éis dháta glactha an chinnidh lena bhforchuirtear an oibleagáid sin;
- rannpháirtíocht i gcomhchruinnithe nó i nósanna imeachta soláthair phoiblí (i gcás ina gcuireann an gnóthas atá faoi imscrúdú tairiscint isteach i nós imeachta oscailte nó ina gcuireann sé iarraidh isteach ar rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair phoiblí ilchéimnigh) le linn tréimhse shonraithe dar tús an lá tar éis dháta glactha an chinnidh lena bhforchuirtear an oibleagáid sin;

- (c) i gcur chun feidhme cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3), Airteagal 25(3) pointe (a), nó Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh a ghlactar de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, cinneadh lena dtoirmiscear comhchruinniú a ghlactar de bhun Airteagal 25(3) pointe (c) de Rialachán (AE) 2022/2560, nó cinneadh lena dtoirmiscear dámhachtain an chonartha a ghlactar de bhun Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2022/2560.

CAIBIDIL V

BARÚLACHA A CHUR ISTEACH

Airteagal 17

Barúlacha a chur isteach

1. Nuair a chuirfidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, an gnóthas atá faoi imscrúdú ar an eolas faoin bhforas ar a bhfuil sé beartaithe aige a chinneadh a ghlacadh, leagfaidh an Coimisiún teorainn ama síos nach lú ná 10 lá oibre ar lena linn a bhféadfaidh an gnóthas sin a bharúlacha a chur isteach i scríbhinn. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún aighneachtaí scríofa a fhaightear tar éis dháta éaga na teorainn ama sin a chur san áireamh.
2. Cuirfidh an gnóthas atá faoi imscrúdú aon bharúil isteach i scríbhinn mar aon le haon doiciméad ábhartha lena bhfianaítear na fórais a leagtar amach sna barúlacha sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 25 agus le hAirteagal 26.
3. I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, cinneadh sealadach maidir le bearta idirlinne, leagfaidh an Coimisiún teorainn ama síos ar lena linn a bhféadfaidh an gnóthas atá faoi imscrúdú a bharúlacha maidir leis an gcinneadh sin a chur isteach i scríbhinn. A luaithe a bheidh a gcuid barúlacha curtha isteach ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh críochnaitheach maidir leis na bearta idirlinne lena n-aisghairfear, lena leasófar nó lena ndeimhneofar an cinneadh sealadach. I gcás nach mbeidh a bharúlacha curtha isteach i scríbhinn ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú laistigh den teorainn ama a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, tiocfaidh an cinneadh sealadach chun bheith críochnaitheach nuair a rachaidh an teorainn ama sin in éag.
4. I gcás inarb iomchuí agus ar iarraidh réasúnaithe arna déanamh ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú roimh dhul in éag na teorainn ama bunaidh, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur le teorainneacha ama a leagtar síos i gcomhréir le míreanna 1 agus 3.

CAIBIDIL VI

FAISNÉIS A ÚSÁID AGUS FAISNÉIS RÚNDA A LÁIMHSEÁIL

Airteagal 18

Úsáid faisnéise ag an gCoimisiún

1. De bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 feadfaidh soláthraí faisnéise comhaontú go mbeidh an Coimisiún i dteideal faisnéis a úsáid ar faisnéis í a fuarthas de bhun an Rialacháin sin chun críocha seachas na críocha sin dá bhfuair an Coimisiún an fhaisnéis ar dtús.
2. Má sholáthraíonn an soláthraí faisnéise tarscaoileadh don Choimisiún de bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, tabharfaidh an soláthraí faisnéise le fios cén fhaisnéis shonrach a cheadaíonn sé a húsáid chun críoch eile seachas na críocha sin dá bhfuarthas an fhaisnéis agus, tabharfaidh sé cúiseanna lena mbeadh an fhaisnéis sin ábhartha chun na gcríoch eile sin, lena n-áirítear i gcur i bhfeidhm ghníomhartha eile de chuid an Aontais.

3. Má iarrann an Coimisiún ar an soláthraí faisnéise tarscaoileadh a sholáthar de bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 sonrúidh an Coimisiún an fhaisnéis a chumhdaítear leis an iarraidh sin agus na críocha ar chun na gcríoch sin a mbeartaíonn sé an fhaisnéis sin a úsáid. Ní rachaidh úsáid na faisnéise sin ag an gCoimisiún thar na críocha arna dtabhairt le fios ag an gCoimisiún agus arna gcomhaontú ag an soláthraí.

Airteagal 19

Faisnéis rúnda a shainaithint agus a chosaint

1. Mura ndéantar foráil dá mhalairt in Airteagal 20 den Rialachán seo agus in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2022/2560 agus gan dochar do mhír 6, ní dhéanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, a nochtadh ná rochtain orthu a thabhairt a mhéid atá rúin ghnó iontu nó aon fhaisnéis rúnda eile.

2. Nuair atá faisnéis á hiarraidh de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2560, nuair atá agallamh á chur ar dhuine de bhun Airteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2022/2560, nó nuair a bheidh mínithe ó bhéal á n-iarraidh le linn cigireachtaí i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfidh an Coimisiún in iúl do na daoine, na gnóthais nó na comhlachais sin gurb ionann faisnéis a sholáthar don Choimisiún agus toiliú go bhféadfar rochtain ar an bhfaisnéis sin a dheonú de bhun Airteagal 20. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún faisnéis ar shlí eile ó sholáthraithe eile faisnéise, cuirfidh sé in iúl do na soláthraithe faisnéise sin go bhféadfar rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn siad a dheonú de bhun Airteagal 20.

3. Gan dochar d'Airteagal 8 agus d'Airteagal 15, féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur, laistigh de teorainn ama shonraithe, ar sholáthraithe faisnéise a sholáthraíonn doiciméid nó faisnéis eile de bhun Rialachán (AE) 2022/2560:

- (a) na doiciméid nó codanna de dhoiciméid, nó faisnéis eile, a shainaithint, a measann sé go bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile iontu;
- (b) na daoine a shainaithint ar ina ndáil siúd a meastar na doiciméid nó an fhaisnéis eile sin a bheith rúnda;
- (c) údar a thabhairt lena gcuid maíomh maidir le rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile le haghaidh gach doiciméid nó cuid de dhoiciméid, nó faisnéis eile;
- (d) leagan neamhrúnda de na doiciméid nó de chodanna de dhoiciméid, nó den fhaisnéis eile, ina bhfuil na rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile folaithe ar bhealach soiléir agus intuigthe a sholáthar don Choimisiún;
- (e) tuairisc ghonta, neamhrúnda agus shoiléir a thabhairt ar gach píosa faisnéise folaithe.

4. Ceanglóidh an Coimisiún ar ghnóthas atá faoi imscrúdú na codanna d'fhógra achoimre a shainaithint, laistigh de teorainn ama shonraithe, de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2022/2560 nó na codanna de chinneadh de bhun Airteagal 11, Airteagal 25 agus Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2560, a measann sé go bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile iontu sula bhfoilseofar an fógra achoimre nó an cinneadh. I gcás ina sainaitheofar rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile, tabharfaidh an gnóthas atá faoi imscrúdú údar leis an tsainaithint sin laistigh den teorainn ama a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún.

5. Mura gcuirfidh soláthraí faisnéise nó gnóthas atá faoi imscrúdú an fhaisnéis a mheasann sé a bheith rúnda a shainaithint i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i míreanna 3 agus 4, féadfaidh an Coimisiún glacadh leis nach bhfuil faisnéis rúnda san fhaisnéis lena mbaineann.

6. Má mheasann an Coimisiún go bhféadfar faisnéis áirithe a nochtadh a mhaíonn soláthraí faisnéise nó an gnóthas atá faoi imscrúdú atá rúnda, toisc nach rún gnó ná faisnéis rúnda eile í an fhaisnéis sin, nó toisc go mbaineann leas sáraitheach le nochtadh na faisnéise sin, cuirfidh sé in iúl don soláthraí faisnéise nó don gnóthas atá faoi imscrúdú maidir lena bhfuil ar intinn aige an fhaisnéis sin a nochtadh. I gcás ina ndéanfaidh an soláthraí faisnéise nó an gnóthas atá faoi imscrúdú agóid laistigh de 5 lá oibre tar éis dó a bheith curtha ar an eolas maidir lena bhfuil ar intinn ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena sonrú an dáta ar dá éis a nochtfar an fhaisnéis nó, i gcás mhír 4, a bhfoilseofar san fhógra nó cinneadh achomair. Ní bheidh an dáta sin níos lú ná 5 lá oibre ó dháta an fhógra faoi chinneadh an Choimisiúin. Tabharfar fógra maidir leis an gcinneadh don duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann.

7. Ní chuirfidh an tAirteagal seo cosc leis an gCoimisiún faisnéis lena dtaispeántar gurb ann d'fhóirdheontas eachtrach saobhach a úsáid agus a nochtadh a mhéid is gá.

CAIBIDIL VII

ROCHTAIN AR AN gCOMHAD

Airteagal 20

Rochtain ar chomhad an Choimisiúin agus doiciméid a úsáid

1. Tar éis don Choimisiún an gnóthas atá faoi imscrúdú a chur ar an eolas faoin bhforas ar bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh, féadfaidh an gnóthas atá faoi imscrúdú rochtain a iarraidh ar chomhad an Choimisiúin de bhun Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2022/2560.

2. Ní shíneadh an ceart rochtana ar chomhad an Choimisiúin chuig:

- (a) doiciméid inmheánacha an Choimisiúin;
- (b) doiciméid inmheánacha de chuid údaráis na mBallstát nó tríú tíortha, lena n-áirítear údaráis iomaíochta agus údaráis chonartha nó eintitis chonartha;
- (c) comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát nó tríú tíortha, lena n-áirítear údaráis iomaíochta agus údaráis chonartha nó eintitis chonartha;
- (d) comhfhreagras idir údaráis na mBallstát agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha.

3. Agus é ag soláthar rochtain ar an gcomhad, soláthróidh an Coimisiún leagan neamhrúnda don ghnóthas atá faoi imscrúdú de na doiciméid uile atá luaite san fhoras ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún glacadh le cinneadh.

4. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 5, soláthróidh an Coimisiún rochtain ar na doiciméid uile ina chomhad, gan aon fholú ar ábhar na rúndachta, faoi téarmaí nocht a leagfar amach i gcinneadh ón gCoimisiún. Cinnfear na téarmaí nocht a gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- (a) Ní dheonófar rochtain ar dhoiciméid faoin mír sin ach amháin do líon teoranta de chomhairleoirí dlí agus eacnamaíoch seachtracha sonraithe agus saineolaithe teicniúla seachtracha sonraithe faoi chonradh ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú agus a bhfuil a n-ainmneacha curtha in iúl don Choimisiún.
- (b) Ní mór comhairleoir dlí agus eacnamaíoch seachtrach sonraithe agus saineolaithe teicniúla seachtracha sonraithe a bheith ina ngnóthais, ina bhfostaithe gnóthas nó a bheith i gcomhthéacs atá inchomparáide leis sin d'fhostaithe gnóthas. Beidh siad ar fad faoi cheangal na dtéarmaí nocht.
- (c) Daoine a liostaítear mar chomhairleoirí dlí agus eacnamaíoch seachtracha sonraithe agus saineolaithe teicniúla seachtracha sonraithe, tráth an chinnidh ón gCoimisiún lena leagtar amach na téarmaí nocht, ní bheidh siad i gcaidreamh fostaíochta le bainistíocht an ghnóthais atá faoi imscrúdú nó mar chuid di nó i gcomhthéacs inchomparáide leis sin d'fhostaí nó do bhainisteoir leis an ngnóthas atá faoi imscrúdú. I gcás ina rachaidh an comhairleoir sonraithe seachtrach dlí nó eacnamaíoch nó saineolaí teicniúil seachtrach sonraithe isteach i gcaidreamh den sórt sin leis an ngnóthas atá faoi imscrúdú, le linn an imscrúdaithe nó le linn na 3 bliana tar éis dheireadh imscrúdú an Choimisiúin, cuirfidh an comhairleoir sonraithe seachtrach dlí nó eacnamaíoch nó saineolaí teicniúil seachtrach agus an gnóthas atá faoi imscrúdú an Coimisiúin ar an eolas maidir le téarmaí an chaidrimh sin gan mhoill. Tabharfaidh an comhairleoir seachtrach sonraithe dlí nó eacnamaíoch nó an saineolaí teicniúil seachtrach sonraithe

gealltanais don Choimisiún nach bhfuil rochtain aige nó acu a thuilleadh ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid ar an gcomhad a bhfuair rochtain air de bhun na míre seo nár chuir an Coimisiún ar fáil don ghnóthas atá faoi imscrúdú iad. Tabharfaidh siad gealltanais don Choimisiún go leanfaidh siad de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e) den mhír seo a chomhlíonadh.

- (d) Ní nochtfaidh comhairleoir dlí agus eacnamaíoch seachtrach sonraithe agus saineolaithe teicniúla seachtracha aon cheann de na doiciméid arna soláthar ná an t-ábhar iontu d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach nach bhfuil faoi cheangal na téarmaí noхта.
- (e) Ní úsáidfidh comhairleoir dlí agus eacnamaíoch seachtrach sonraithe agus saineolaithe teicniúla seachtracha aon cheann de na doiciméid arna soláthar ná an t-ábhar iontu seachas chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 10 thíos.

5. Sonróidh an Coimisiún, sna téarmaí noхта, na modhanna teicniúla maidir leis an nochtadh agus fad an noхта. Féadfar nochtadh a dhéanamh trí mheán leictreonach don chomhairleoir dlí agus eacnamaíoch sonraithe agus do shaineolaithe teicniúla sonraithe nó (maidir leis na doiciméid uile nó cuid acu) go fisiciúil ar áitreabh an Choimisiúin amháin. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh gan rochtain ar dhoiciméid áirithe a dheonú faoi na téarmaí noхта dá dtagraítear i mír 4 nó rochtain ar dhoiciméid atá páirtfholaith a dheonú, má chinneann sé gur mó an dochar sin ná tábhacht an noхта maidir leis na cearta cosanta a fheidhmiú, agus an dochar is dócha a dhéanfaí don soláthraí faisnéise mar gheall ar an nochtadh faoi na téarmaí noхта. Gan dochar do mhír 2, déanfaidh an Coimisiún measúnú comhchosúil ar thábhacht an noхта nuair a mheasann sé an gá dó comhfhreagras idir an Coimisiún agus údarais phoiblí na mBallstát nó údarais phoiblí tríú tíortha agus cineálacha eile doiciméad íogair a sholáthraíonn údarais phoiblí na mBallstát nó údarais phoiblí tríú tíortha a nochtadh nó an comhfhreagras sin a nochtadh i bpáirt. Roimh nochtadh an chomhfhreagrais nó na doiciméad sin, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le húdarais an Bhallstáit nó an tríú tír.

6. An comhairleoir dlí agus eacnamaíoch seachtrach sonraithe agus na saineolaithe teicniúla seachtracha sonraithe dá dtagraítear i mír 4, litir (a), laistigh de sheachtain amháin de rochtain a fháil ar an gcomhad faoi na téarma noхта, féadfaidh siad iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar an gCoimisiún chun rochtain a fháil ar leagan neamhrúnda d'aon doiciméad atá i gcomhad an Choimisiúin nár soláthraíodh cheana don ghnóthas atá faoi imscrúdú faoi mhír 3, d'fhonn an doiciméad sin a chur ar fáil don ghnóthas atá faoi imscrúdú. Nó féadfaidh siad iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar leathnú ar na téarmaí noхта chuig an gcomhairleoir dlí agus eacnamaíoch sonraithe nó na saineolaithe teicniúla sonraithe. Ní fhéadfar an rochtain bhreise sin ar leagan neamhrúnda de dhoiciméid nó an leathnú sin chuig daoine aonair a dheonú ach go heisceachtúil ar choinníoll go léireofar go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfeidhmeofar cearta cosanta an ghnóthais atá faoi imscrúdú i gceart.

7. Chun míreanna 5 nó 6 a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go soláthraíonn an soláthraí faisnéise a chuir na doiciméid ábhartha isteach leagan neamhrúnda de na doiciméid de bhun Airteagal 19(3).

8. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil bunús maith le haon cheann de na hiarrataí faoi mhír 6 ós rud é gur gá a áirithiú go bhfuil an gnóthas atá faoi imscrúdú in ann a chearta cosanta a fheidhmiú go héifeachtach, cuirfidh an Coimisiún leagan neamhrúnda den doiciméad ar fáil don ghnóthas atá faoi imscrúdú nó glacfaidh sé cinneadh lena leathnaítear na téarmaí noхта le haghaidh na ndoiciméad i gceist.

9. Tráth ar bith le linn an nós imeachta, féadfaidh an Coimisiún, in ionad an mhodha maidir le rochtain ar chomhad a dheonú de bhun mhír 4 thuas – nó i gcomhcheangal leis sin – rochtain ar na doiciméid folaithe uile, nó ar chuid acu, a thabhairt de bhun Airteagal 19(3) chun moill dhírereach nó ualach riaracháin a sheachaint.

10. Faisnéis a fhaightear trí rochtain ar an gcomhad, ní fhéadfar í a úsáid ach chun críocha na n-imeachtaí ábhartha chun Rialachán (AE) 2022/2560 a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL VIII

TEORAINNEACHA AMA

Airteagal 21

Teorainneacha ama

1. Teorainneacha ama dá ndéantar foráil i Rialachán (AE) 2022/2560, nó arna leagan síos ag an gCoimisiún dá bhun nó de bhun an Rialacháin seo, ríomhfar iad i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus leis na rialacha sonracha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo agus d'Airteagal 22. I gcás coinbhleachta, beidh forlámhas ag forálacha an Rialacháin seo.
2. Cuirfear tús le teorainneacha ama ar an lá oibre tar éis an teagmhais dá dtagraíonn an fhoráil ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 nó den Rialachán seo.

Airteagal 22

Dul in éag na dteorainneacha ama

1. Rachaidh teorainn ama arna ríomh i laethanta oibre in éag ag deireadh lá oibre deireanach na teorann ama sin.
2. Rachaidh teorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún i dtéarmaí dáta féilire in éag ag deireadh an lae sin.

Airteagal 23

Fionraí teorainneacha ama i gcomhchruinnithe

1. Féadfaidh an Coimisiún na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 a chur ar fionraí, de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, nó, ar aon cheann de na forais seo a leanas:
 - (a) i dtaca le faisnéis a d'iarr an Coimisiún de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 ó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó ó dhaoine eile lena mbaineann, nach soláthrófar an fhaisnéis sin nó nach soláthrófar an fhaisnéis iomlán laistigh den teorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún;
 - (b) i dtaca le faisnéis a d'iarr an Coimisiún de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 ó ghnóthais eile nó ó chomhlachais gnóthas, nach soláthrófar an fhaisnéis sin nó nach soláthrófar an fhaisnéis iomlán laistigh den teorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún i ngeall ar imthosca arb iad ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon duine eile lena mbaineann, atá freagrach astu;
 - (c) i gcás inar dhiúltaigh ceann amháin de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon duine eile lena mbaineann, dul faoi iniúchadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 14(1) agus a ordáíodh le cinneadh é bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó comhoibriú le déanamh cigireachta den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2022/2560;
 - (d) i gcás inar mhainnigh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an Coimisiún a chur ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear athruithe ar na fíorais den chineál dá dtagraítear in Airteagal 6(3).
2. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún ar fionraí teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2022/2560, de bhun mhír 1, cuirfear ar fionraí an teorainn ama sna cásanna dá dtagraítear sna pointí seo a leanas:
 - (a) pointí (a) agus (b) de mhír 1, ar feadh na tréimhse idir dul in éag na teorann ama atá leagtha síos san iarraidh ar fhaisnéis, agus tráth fála na faisnéise iomláine agus cirte a cheanglaítear le cinneadh, nó an uair a chuireann an Coimisiún in iúl do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon duine eile lena mbaineann nach bhfuil gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis a iarradh, i bhfianaise thorthaí a athbhreithnithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh;

⁽⁴⁾ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

- (b) pointe (c) de mhír 1, ar feadh na tréimhse idir an iarracht nár éirigh léi chun an chigireacht a dhéanamh agus cur i gcrích iarbhrí na cigireachta a ordáíodh le cinneadh, nó an uair a chuireann an Coimisiún in iúl do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon duine eile lena mbaineann nach bhfuil gá a thuilleadh leis an gcigireacht a ordáíodh, i bhfianaise thorthaí a athbhreithnithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh;
- (c) pointe (d) de mhír 1, ar feadh na tréimhse idir an uair ar cheart an fhaisnéis ábhartha a bheith curtha in iúl don Choimisiún lena n-áirítear athruithe ar na fíorais, idir sin agus tráth fála na faisnéise iomláine agus cirte, nó an uair a chuireann an Coimisiún in iúl do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nach bhfuil gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis a iarradh, i bhfianaise thorthaí a athbhreithnithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh.
3. Cuirfear tús le fionraí na teorann ama ar an lá oibre tar éis an dáta a tharla an teagmhas ba chúis leis an bhfionraí. Rachaidh sí in éag ag deireadh an lae ar a gcuirfear an chúis a bhí leis an bhfionraí ar neamhní. Mura lá oibre an lá sin, rachaidh fionraí na teorann ama in éag ag deireadh an chéad lae oibre eile.
4. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí ar fad a fuair sé faoi chreat a imscrúdaithe a phróiseáil laistigh de thréimhse ama réasúnach, sonraí lena bhféadfadh sé a mheas nach bhfuil gá a thuilleadh le faisnéis a iarradh nó le cigireacht a ordáíodh de réir bhrí mhír 2, pointí (a), (b), agus (c).

Airteagal 24

Teorainneacha ama a chur ar fionraí le linn réamh-athbhreithnithe i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún ar fionraí an teorainn ama maidir leis an réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 30(6) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfear tús leis an bhfionraí sin an lá oibre tar éis dhul in éag na teorann ama de 20 lá oibre. Rachaidh sí in éag ag deireadh an lae ar a gcuirfear an fógra nuashonraithe iomlán faoi bhráid an Choimisiúin. Mura lá oibre an lá sin, rachaidh fionraí na teorann ama in éag ag deireadh an chéad lae oibre eile.

CAIBIDIL IX

TARCHUR AGUS SÍNIÚ NA NDOICIMÉAD

Airteagal 25

Tarchur agus síniú na ndoiciméad i gcomhchruinnithe

1. Tarlóidh tarchur na ndoiciméad chuig an gCoimisiún agus uaidh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 agus an Rialacháin seo trí mhodhanna digiteacha, ach amháin i gcás ina gceadóidh an Coimisiún go heisceachtúil go bhféadfar na modhanna arna sainaithint i míreanna (6) agus (7) a úsáid.
2. I gcás ina gceanglófar síniú, i dtaca le doiciméid a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin trí mhodhanna digiteacha, síneofar iad trí úsáid a bhaint as Ríomhshíniú Cáilithe (QES) amháin ar a laghad a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
3. Féadfar sonraíochtaí teicniúla maidir leis an modh tarchuir agus sínithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuirfear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

4. Cé is moite den fhoirm a áirítear in Iarscríbhinn I, measfar, i dtaca leis na doiciméid uile a tharchuirtear trí mhodhanna digiteacha chuig an gCoimisiún ar lá oibre go mbeidh siad faighte an lá a seoladh iad, ar choinníoll go dtaispeánfar le hadmháil fála ina stampa ama go bhfuarthas an lá sin iad. I dtaca leis an bhfoirm a áirítear in Iarscríbhinn I a tharchuirtear trí mhodhanna digiteacha chuig an gCoimisiún ar lá oibre, measfar go mbeidh siad faighte an lá a seoladh iad, ar choinníoll go dtaispeánfar le hadmháil fála ina stampa ama go bhfuarthas an lá sin iad roimh nó le linn na n-uaireanta oscailte a léirítear ar shuíomh gréasáin AS na hlomaíochta. I dtaca leis an bhfoirm a áirítear in Iarscríbhinn I a tharchuirtear trí mhodhanna digiteacha chuig an gCoimisiún ar lá oibre tar éis na n-uaireanta oscailte a léirítear ar shuíomh gréasáin AS na hlomaíochta, measfar go mbeidh siad faighte an chéad lá oibre eile. I dtaca leis na doiciméid uile a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún lasmuigh de lá oibre, measfar go mbeidh siad faighte an chéad lá oibre eile.

5. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear trí mhodhanna digiteacha chuig an gCoimisiún ní mheasfar go mbeidh siad faighte más rud é gurb amhlaidh maidir leis na doiciméid nó le codanna díobh:

- (a) go bhfuil siad curtha as feidhm nó neamh-inúsáidte (éillithe);
- (b) go bhfuil víris, bogearraí mailíseacha nó bagairtí eile iontu;
- (c) go bhfuil ríomhshínithe iontu nach féidir leis an gCoimisiún a mbailíocht a fhíorú.

Cuirfidh an Coimisiún an seoltóir ar an eolas gan mhoill má tharlaíonn aon cheann de na himthosca dá dtagraítear in (a), (b) nó (c).

6. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún trí phost cláraithe, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna thabhairt le fios ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hlomaíochta de chuid an Choimisiúin.

7. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún agus iad á seachadadh de láimh, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hlomaíochta de chuid an Choimisiúin, fad agus go ndeimhneofar sin in admháil ón gCoimisiún go bhfuarthas iad.

Airteagal 26

Tarchur agus síniú na ndoiciméad i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí (fógraí agus ex officio)

1. Tarlóidh tarchur na ndoiciméad i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí chuig an gCoimisiún agus uaidh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 agus an Rialacháin seo trí mhodhanna digiteacha, ach amháin i gcás ina gceadóidh an Coimisiún go heisceachtúil go bhféadfar na modhanna arna sainaithint i míreanna (5) agus (6) a úsáid.

2. I gcás imeachtaí maidir le fóirdheontais eachtracha i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, ní bheidh sé éigeantach úsáid a bhaint as Ríomhshíníú Cáilithe (QES) a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Beidh an fógra nó an dearbhú sínithe ag na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu agus atá faoi oibleagáid fógra a thabhairt i gcomhthéacs na bhfógraí sa soláthar poiblí.

3. Féadfar sonraíochtaí teicniúla maidir leis an modh tarchuir agus sínithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margaidh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FMBanna.

4. Agus na doiciméid á síniú agus á n-aistriú chuig an gCoimisiún i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, beidh feidhm ag Airteagal 25(4) agus (5) de réir analaí.

5. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún trí phost cláraithe, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna thabhairt le fios ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margaidh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FMBanna.

6. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún agus iad á seachadadh de láimh, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margaidh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FMBanna, fad agus go ndeimhneofar sin in admháil ón gCoimisiún go bhfuarthas iad.

CAIBIDIL X

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 27***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Foirm FS-CO a bhaineann le fógra a thabhairt faoi chomhchruinniú de bhun Rialachán (AE) 2022/2560**Clár Ábhar**

1.	Cuspóir na Foirme FS-CO	18
2.	Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO	18
3.	Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach	19
4.	Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás	19
5.	Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh	20
6.	An ceanglas le haghaidh fógra ceart agus comhlánaithe	20
7.	Conas fógra a thabhairt	21
8.	Rúndacht agus Sonraí Pearsanta	21
9.	Sainmhínte agus teoracha chun críocha na Foirme FS-CO seo	22
ROINN 1:	Tuairisc ar an gcomhchruinniú	22
ROINN 2:	Faisnéis maidir leis na páirtithe	22
ROINN 3:	Mionsonraí an chomhchruinnithe, na húinéireachta agus an rialaithe	23
ROINN 4:	Tairseacha fógartha	24
ROINN 5:	Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha	25
ROINN 6:	Tionchar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sa chomhchruinniú ar an margadh inmheánach	27
ROINN 7:	Éifeachtaí dearfacha féideartha	28
ROINN 8:	Doiciméadacht tacaíochta	28
ROINN 9:	Fianú	29

RÉAMHRÁ

1. Cuspóir na Foirme FS-CO

- (1) Sonraítear leis an bhFoirm FS-CO seo an fhaisnéis nach mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar agus é nó iad ag cur fógra faoi bhráid an Choimisiúin maidir le comhchruinniú beartaithe i gcomhthéacs chóras rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais. Leagtar amach córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais síos i Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún maidir le socrúithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontas eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme')⁽²⁾, atá i gceangal leis an bhFoirm FS-CO seo.

2. Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO

- (2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas de dhíth ar an bhFoirm FS-CO:

(a) Bunfhaisnéis ar riachtanach i bprionsabal í chun measúnú a dhéanamh ar gach comhchruinniú (Ranna 1 go 4).

⁽¹⁾ IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 177, 12.7.2023, lch. 1.

- (b) Faisnéis faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha arna bhfáil ag na páirtithe de bhun Airteagal 20(3) pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 (Roinn 5). Go háirithe, de bhun Roinn 5 den Fhoirm FS-CO, iarrtar faisnéis mhionsonraithe maidir le gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith in *aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d)* de Rialachán (AE) 2022/2560. I ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile, leis an bhFoirm FS-CO ceanglaítear forléargas ar na cineálacha éagsúla ranníocaíochtaí airgeadais cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear i dTábla 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn cás ar chás, faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh maidir le haon chineál de na cineálacha ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear mar fhreagairt ar na ceisteanna i Roinn 5 agus i dTábla 1, nó maidir le haon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a fuair an páirtí nó na páirtithe sa chomhchruinniú. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile a deonaíodh do na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil, ní mór iad a chur san áireamh chun na tairseacha fógartha a chinneadh cé acu a chomhlíontar an tairseach maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 20(3)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nach gcomhlíontar, gan beann ar cé acu a iarrtar faisnéis maidir leo faoi Roinn 5 nó nach n-iarrtar.
- (c) An fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sa chomhchruinniú an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí Airteagail 4 nó 5 de Rialachán (AE) 2022/2560 (i ndáil leis an bpróiseas éadála mar aon leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na páirtithe sa chomhchruinniú) (Roinn 6).
- (d) Faisnéis ar éifeachtaí dearfacha féideartha na bhfóirdheontas eachtrach (Roinn 7).
- (e) Doiciméadacht tacaíochta (Roinn 8).
- (3) Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear i Ranna 1 go 6 agus i Roinn 8 a sholáthar i bprionsabal go measfaí fógra a bheith iomlán. Os a choinne sin, is faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a chinneadh cé acu a sholáthrófar nó nach soláthrófar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Roinn 7, lena ndéileáiltear le faisnéis faoi éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ag na fóirdheontais eachtracha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach, mar aon le héifeachtaí dearfacha eile i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha.
- (4) Tá an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm FS-CO gan dochar don fhéidearthacht go n-iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise in iarraidh ar fhaisnéis.

3. Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach

- (5) I gcás nach bhfuil píosáí sonracha na faisnéise seo a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO sin ar fáil go réasúnach don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu i bpáirt nó ina n-iomláine, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha in aithrisí (9) - (11) den Réamhrá seo.

4. Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás

- (6) De bhun Airteagal 4(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le faisnéis ar leith a sholáthar san fhógra, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean thar ceal i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.
- (7) Féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha maidir le hiarrataí ar tharscaoileadh a leagtar síos in aithrisí 9 go 11 den Réamhrá seo.

5. Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh

- (8) Spreagtar an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dul i mbun pléití réamhfhógra in am leordhóthanach roimh an bhfógra, ar bhonn dréachtfhógra, más féidir. I dtaca leis an bhféidearthacht dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra, is seirbhís é sin a sholáthraíonn an Coimisiún don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar bhonn deonach chun an t-athbhreithniú tosaigh ar fhóirdheontas eachtrach a ullmhú i gcomhthéacs comhchruinnithe. Mar sin, cé nach céim éigeantach iad na teagmhálacha réamhfhógra, is féidir leo a bheith sárluachmhar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus don Choimisiún araon chun méid beacht na faisnéise a cheanglaítear i bhfógra a chinneadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthrófar faoi Roinn 5 agus i dTábla 1 agus chun a áirithiú go bhfuil an fógra iomlán. Thairis sin, d'fhéadfadh laghdú suntasach teacht ar an bhfaisnéis a cheanglaítear de bharr na dteagmhálacha réamhfhógra.
- (9) I gcaitheamh na dteagmhálacha réamhfhógra, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tarscaoilte a iarradh maidir le faisnéis áirithe a cheanglaítear leis an bhfoirm seo a chur isteach. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis ábhartha go réasúnach. I gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir, ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu na meastacháin is fearr a thabhairt le haghaidh na sonraí atá in easnamh agus na foinsí le haghaidh na meastachán sin á sainaithint nó an áit a bhféadfadh an Coimisiún aon chuid den fhaisnéis a iarradh nach bhfuil ar fáil a fháil á sonrú.
- (b) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.
- (10) Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i scríbhinn le linn réamhfhógra, sa dréachtfhógra féin más féidir (ag tús na Roinne nó na Foroinne ábhartha). Déileálfaidh an Coimisiún le hiarrataí ar tharscaoileadh le linn réamhfhógra i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréachtfhógra.
- (11) I dtaca leis an bhfóras go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis go bhféadfar aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm FS-CO seo a fhágáil ar lár ó fhógra, ní chuirtear cosc ar an gCoimisiún in aon chor an fhaisnéis sin a iarradh tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarradh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

6. An ceanglas le haghaidh fógra ceart agus comhlánaithe

- (12) Mar a mhínítear i aithrisí 2 go 4 den Réamhrá seo, ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1 go 6 agus i Roinn 8 a sholáthar i bprionsabal i ngach cás chun go measfar an fógra a bheith comhlánaithe. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí, agus ní mór di a bheith ceart agus iomlán.
- (13) Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:
- (a) Tosóidh an tréimhse ama de 25 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 an lá oibre tar éis an fógra comhiomlán a fháil. Áirithítear leis sin go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú dá dtugtar fógra laistigh de na teorainneacha ama dochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2560.
- (b) Ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fhíorú, le linn dó nó dóibh an fógra a ullmhú, gur cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta iad na hainmneacha agus uimhreacha teagmhála, agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sholáthraítear don Choimisiún.
- (c) Ní mór sonraí teagmhála arna n-iarradh a sholáthar san fhormaid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin ('Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta') ar a suíomh gréasáin. Tá sé fíor-riachtanach i gcás próiseas imscrúdaithe iomchuí go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuige sin, ní mór seoltaí ríomhphoist a sholáthraítear a bheith pearsantaithe agus sannta do dhaoine teagmhála sonracha agus dá dheasca sin, ní mór boscaí poist cuideachta ginearálta (e.g., info@, hello@) a sheachaint. Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhu go bhfuil an fógra neamhiomlán ar bhonn sonraí teagmhála míchuí.
- (d) Ní mór doiciméadacht tacaíochta faoi Roinn 8 a sholáthar in éineacht le tábla achoimre a chloíonn leis an bhformáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ar a suíomh gréasáin.

- (e) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, measfar go bhfágfaidh faisnéis mhícheart nó mhíthreorach atá san fhógra nó a sholáthraítear in éineacht leis an bhfógra go mbeidh an fógra neamhiomlán chun dáta éifeachtach an fhógra a chinneadh.
- (f) Faoi Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, an gnóthas a sholáthraíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fíneálacha suas le 1 % dá láimhdeachas comhiomlán a ghearradh air. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le comhchruinniú a chúilghairm i gcás ina raibh sé bunaithe ar fhaisnéis mhíthreorach, mhícheart nó neamhiomlán.

7. Conas fógra a thabhairt

- (14) Déanfar na fógraí a chur isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Cuirfear ainmneacha na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu isteach ina dteanga bhunaidh freisin. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO seo a leagan amach agus úsáid á baint as na ranna agus as na foranna atá le fáil inti, agus i gcás inarb ábhartha, doiciméadacht tacaíochta á cur i gceangal léi. Ní mór fianú sínithe a chuimsiú san fhógra a chuirfear isteach mar a sholáthraítear i Roinn 9. I gcás inarb ionann cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a sholáthraítear in dhá roinn dhifriúla, féadfar crostagairtí a úsáid.
- (15) I dtaca leis an bhfógra, ní mór do dhaoine é a shíniú ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ní mór d'ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu é a shíniú. Ní mór an chumhacht atur nae chomhfhreagrach/na cumhachtuithe atur nae comhfhreagracha (nó cruthúnas scríofa go bhfuil siad údaraithe chun gníomhú) a chur i gceangal leis an bhfógra. Is féidir sonraíochtaí agus teoracha teicniúla maidir le fógraí (sínithe san áireamh) a aimsiú ar AS na hIomaíochta.
- (16) Agus Ranna 5, 6 agus 7 den Fhoirm FS-CO seo á líonadh isteach, iarrtar ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a m(h)achnamh a dhéanamh an fearr, de ghrá na soiléireachta, an fhaisnéis sna ranna sin a chur i láthair in ord uimhriúil, nó an féidir iad a ghrúpáil le chéile le haghaidh gach ranníocaíocht airgeadais eachtrach aonair (nó grúpa de ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha).
- (17) Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hiarscríbhinní. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile a chur i láthair i gcorp an fhógra. Ní mór gan aon iarscríbhinní a chuirfear isteach a úsáid ach amháin chun an fhaisnéis a sholáthraítear i bpríomhchorp an fhógra féin a fhorlíonadh, agus ní mór a thabhairt le fios go soiléir sa chorp an áit mar a soláthraítear faisnéis fhorlíontach in iarscríbhinn.
- (18) Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ceanglófar aistriúchán go teanga na n-imeachtaí leis an doiciméad (Airteagal 4(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

8. Rúndacht agus Sonraí Pearsanta

- (19) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus in Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar aon lena chuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2560, ar fhaisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla í. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.
- (20) Má chreideann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu go ndéanfaí dochar dá leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar orthu a sholáthar, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur isteach go leithleach, agus 'Faoi Rún' a mharcáil go soiléir ar gach leathanach breise. Ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.
- (21) I gcás comhrialú ar chumaisc nó éadálacha, nó i gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná páirtí amháin an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san fhógra go measfaí an fógra a bheith iomlán.

(22) Aon sonraí pearsanta a chuirfeadh isteach i bhfógra nó in éineacht le fógra, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.

9. Sainmhínte agus treoracha chun críocha na Foirme FS-CO seo

(23) Chun críocha na hlarscríbhíne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ‘An páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu’: i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcás cumaisc, tagraíonn an téarma sin do na páirtithe uile sa chumasc nó, i gcás éadail rialaithe, do na gnóthais nó do na daoine uile a fhaigheann urlámhas aonair nó comhrialú ar iomlán nó ar chodanna de ghnóthas amháin nó níos mó.
- (b) ‘Sprioc(anna)’: tagraíonn sé do gach gnóthas nó do gach cuid de ghnóthas a mbeidh leas urlámhais á éadail ann (lena n-áirítear comhfhiontar) nó a chuirfeadh faoi réir tairiscint phoiblí. Ní áirítear an díoltóir nó na díoltóirí leis an téarma sin.
- (c) ‘Páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú’: an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu mar a shainmhínítear in (a) agus an sprioc mar a shainmhínítear in (b).

(24) Mura sonraítear a mhalaírt:

- (a) Áirítear leis an téarma ‘an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu’, (i) na gnóthais uile atá faoi urlámhas aonair nó faoi chomhrialú, go díreach nó go hindíreach, ag ‘an bpáirtí nó ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu’ i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus 20(6) de Rialachán (AE) 2022/2560, (ii) na gnóthais nó na daoine uile ag a bhfuil urlámhas aonair nó comhrialú, go díreach nó go hindíreach, ar ‘an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu’, agus (iii) na gnóthais atá faoi urlámhas na bpáirtithe dá dtagraítear i bpointe (ii).
- (b) Leis an téarma ‘sprioc(anna)’, cuimsítear na gnóthais uile atá faoi urlámhas aonair nó faoi chomhrialú, go díreach nó go hindíreach, ag ‘an sprioc nó ag na spriocanna’ i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus 20(6) de Rialachán (AE) 2022/2560. Os a choinne sin, ní áirítear leis an téarma sin gnóthais agus daoine nach mbeidh urlámhas aonair nó comhrialú, go díreach nó go hindíreach, acu a thuilleadh ar ‘an sprioc nó ar na spriocanna’ nuair a bheidh an comhchruinniú curtha chun feidhme (e.g. na díoltóirí i gcás éadail rialaithe).

(25) Ní mór aon sonraí airgeadais a iarrtar a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim sna blianta nó sna tréimhsí eile i gceist.

ROINN 1

Tuairisc ar an gcomhchruinniú

1.1. Tabhair achoimre feidhmiúcháin den chomhchruinniú, ina sonraítear na páirtithe sa chomhchruinniú, an próiseas éadála (e.g. cé acu a roghnaíodh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tar éis próiseas iomaíoch), cineál an chomhchruinnithe (e.g. cumasc, éadail urlámhais aonair nó comhrialaithe nó cruthú comhfhiontar), an réasúnaíocht straitéiseach agus eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú, agus gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú.

ROINN 2

Faisnéis maidir leis na páirtithe

2.1. Faisnéis faoi na páirtithe sa chomhchruinniú.

I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair:

2.1.1. Ainm an ghnóthais (cuirfeadh ainm an ghnóthais isteach ina dteanga bhunaidh freisin);

2.1.2. a ról sa chomhchruinniú (páirtí cumaisc/páirtí is faighteoir/sprioc/comhfhiontar nuachruthaithe);

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe iomaíochta ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en

- 2.1.3. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí iomchuí, agus an post atá aige; is gá gur seoladh le haghaidh seirbhíse atá sa seoladh a thugtar chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí ón gCoimisiún agus doiciméid nós imeachta eile, agus measfar go mbeidh an teagmhálaí a thugtar údaraithe chun glacadh le seirbhís;
- 2.1.4. má cheaptar ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó de chuid an ghnóthais, chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí an Choimisiúin agus doiciméid nós imeachta eile:
- 2.1.4.1. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist gach ionadaí, agus an post atá aige; agus
- 2.1.4.2. an cruthúnas i scríbhinn go bhfuil gach ionadaí údaraithe le gníomhú thar ceann an pháirtí sa chomhchruinniú i gceist (bunaithe ar shamhail na Cumhachta Aturnae atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta).
- 2.2. Cineál gnó gach páirtí.
- I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair tuairisc ar chineál gnó an ghnóthais.

ROINN 3

Mionsonraí an chomhchruinnithe, na húinéireachta agus an rialaithe

Féadfar an fhaisnéis atá á lorg sa roinn seo a léiriú trí chairteacha eagrúcháin nó léaráidí a úsáid chun struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú a thaispeáint roimh an gcomhchruinniú agus tar éis é a chur i gcrích.

- 3.1. Tabhair tuairisc ar chineál an chomhchruinnithe a bhfuil fógra á thabhairt ina leith trí thagairt do chritéir ábhartha Rialachán (AE) 2022/2560:
- 3.1.1. Sainaithin na gnóthais nó na daoine a rialaíonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ina n-aonar nó go comhpháirteach, go díreach nó go hindíreach, ar deireadh, agus tabhair tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú roimh an chomhchruinniú a chur i gcrích.
- 3.1.2. Tabhair míniú cibé an ceann de na nithe seo a leanas atá sa chomhchruinniú atá beartaithe:
- (i) cumasc de réir bhí Airteagal 20(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560;
- (ii) urlámhas aonair nó comhrialú a éadail de réir bhí Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2022/2560; nó
- (iii) comhfhiontar a chruthú de réir bhrí Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2022/2560.
- 3.1.3. Tabhair míniú faoin gcaoi a gcuirfear an comhchruinniú chun feidhme (mar shampla trí chomhaontú a chur i gcrích, trí thairiscint phoiblí a sheoladh, etc.).
- 3.1.4. Faoi threoir Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair míniú cé acu a tharla aon cheann de na nithe seo a leanas nó nár tharla tráth an fhógra:
- (i) Tugadh comhaontú i gcrích.
- (ii) Rinneadh leas urlámhais a éadail.
- (iii) Fógraíodh tairiscint phoiblí nó an rún tairiscint phoiblí a sheoladh; nó
- (iv) Léirigh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus na díoltóirí (de réir mar a bheidh) intinn meoin mhacánta chun comhaontú a thabhairt i gcrích.
- 3.1.5. Tabhair le fios dáta aon mhórtheagmhais a bhfuil coinne leis, ar mórtheagmhais iad atá ceaptha chun an comhchruinniú a chur i gcrích.
- 3.1.6. Tabhair míniú ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe na sprice nó an ghnóthais a eascraíonn as an gcomhchruinniú.

- 3.2. Tabhair tuairisc ar an réasúnaíocht eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.
- 3.3. Luaigh luach an idirbhirt (an praghas ceannaigh nó luach na sócmhainní uile lena mbaineann, de réir mar is infheidhme); sonraigh cibé acu an íoctar é sin i bhfoirm cothromais, airgid, nó sócmhainní eile. Tabhair le fios freisin luach fiontair na sprice agus míniú ar an mbealach a ríomhadh an luach fiontair sin ⁽⁴⁾.
- 3.4. Liosta foinsí uile an mhaoinithe (fiachas, cothromas, sócmhainní, etc.) a úsáidtear chun an t-idirbheart a mhaoiniú.
- 3.5. Má mhaoinítear an éadáil ar fad nó cuid di trí fhiachas:
 - 3.5.1. tabhair an t-iasachtóir le haghaidh gach ionstraim fiachais le fios;
 - 3.5.2. tabhair na ráthaíochtaí agus an chomhthaobhacht uile atá bainteach le gach ionstraim fiachais le fios.
- 3.6. Má mhaoinítear an éadáil ar fad nó cuid di trí chothromas:
 - 3.6.1. tabhair aitheantas na ngnóthas a bhfuil na scaireanna á suibscríobh/gceannach acu;
 - 3.6.2. tabhair aon choinníoll atá i gceangal leis an maoiniú cothromais le fios.
- 3.7. Deimhnigh cé acu a rinne an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu aon éadálacha rialaithe le 3 bliana nó nach ndearnadh, éadálacha ar tugadh fógra don Choimisiún Eorpach maidir leo faoi Rialachán (AE) 2022/2560 nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ⁽⁵⁾.
- 3.8. Liosta d'éadálacha rialaithe a rinne an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar, éadálacha ar tugadh fógra faoi rialacha rialaithe cumaisc d'údarás iomaíochta náisiúnta san Aontas maidir leo.

ROINN 4

Tairseacha fógartha

- 4.1. Tabhair an láimhdeachas san Aontas le haghaidh na bliana airgeadais roimhe sin ⁽⁶⁾ maidir le gach ceann de na gnóthais a shaináithnítear in Airteagal 20(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560 de réir mar is ábhartha ⁽⁷⁾:
 - 4.1.1. I gcás cumaisc: i gcás gach ceann de na gnóthais atá i mbun cumaisc;
 - 4.1.2. I gcás éadáil rialaithe: an sprioc, lena n-áirítear an comhfhiontar i gcásanna ina bhfaightear comhrialú.

Ní mór sonraí láimhdeachais a sholáthar trí thábla teimpléid an Choimisiúin a líonadh isteach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

Ba cheart na sonraí láimhdeachais sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/2560. I gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, más codanna a fháil, bíodh na codanna sin ina n-eintitis dhlíthiúla nó ná bíodh, de chuid gnóthais amháin nó níos mó atá sa chomhchruinniú, as láimhdeachas an díoltóra, ní chuirfear san áireamh ach an láimhdeachas a bhaineann leis na codanna atá ina n-ábhar den chomhchruinniú.

⁽⁴⁾ Chun críocha na Foirme FS-CO seo, tomhaiseann luach fiontair luach iomlán cuideachta, agus ba cheart caipitliú margaidh na sprice a chuimsiú i ríomh an luacha sin mar aon leis an bhfiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach freisin agus aon airgead tirim nó aon choibhéis airgid atá ar chlár comhardaithe na sprice.

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

⁽⁶⁾ Maidir leis an láimhdeachas a ríomh féach Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2022/2560.

⁽⁷⁾ De réir Airteagal 20(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560, is gá ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá i mbun cumaisc, an gnóthas a fuarthas, nó an comhfhiontar a bheith 'bunaithe san Aontas'. Ní mór 'bunaithe san Aontas' a thuiscint i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus cuimsítear leis corprú fochuideachta san Aontas, mar aon le bunaíocht bhuan ghnó san Aontas (féach breithiúnais i gcásanna C-230/14 Weltimmo, míreanna 29, 30; C-39/13, C-40/13 agus C-41/13 SCA Group Holding agus Eile, míreanna 24, 25, 26, 27; agus C-196/87 Steymann, mír 16).

- 4.2. Maidir leis na gnóthais a shaináithnítear in Airteagal 20(3)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, an bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais comhiomlána comhcheangailte de níos mó ná EUR 50 milliún ó thríú tíortha deonaithe dóibh le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ⁽⁸⁾, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a éadáil?

tá níl

ROINN 5

Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha

- 5.1. Tabhair le fios cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh aon ranníocaíochtaí airgeadais do gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil, ar ranníocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith in *aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d)* de Rialachán (AE) 2022/2560:

- 5.1.1. Chun a chinneadh ar deonaíodh ranníocaíocht airgeadais eachtrach do ghnóthas a bhí anásta de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nár deonaíodh, tabhair le fios ar comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nó nár comhlíonadh ag aon phointe ama le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil:

- 5.1.1.1. An bhfuil an gnóthas ina chuideachta faoi dhliteanas, i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tá níl

Sprioc tá níl

- 5.1.1.2. An cuideachta atá sa ghnóthas ina bhfuil dliteanas neamhtheoranta ar chuid dá bhaill ar a laghad as fiachas na cuideachta, agus i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá chaipiteal mar a léirítear é i gcuntais na cuideachta tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu is ea ní hea

Sprioc is ea ní hea

- 5.1.1.3. An bhfuil an gnóthas faoi réir comhimeachtaí dócmhainneachta nó an gcomhlíonann sé na critéir faoina dhlí náisiúnta lena chur i gcomhimeachtaí dócmhainneachta arna iarraidh sin ag a chreidiúnaithe?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tá níl

Sprioc tá níl

- 5.1.1.4. I gcás nach FBM an gnóthas i gceist ⁽⁹⁾:

- 5.1.1.4.1. an raibh cóimheas fiachas de réir na leabhar le cothromas an ghnóthais níos mó ná 7,5 le 2 bhliain anuas?

agus

⁽⁸⁾ Ba cheart a mheas go mbeidh ranníocaíocht airgeadais eachtrach deonaithe ón uair a gheobhaidh an tairbhí teidlíocht chun an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a fháil. Ní coinníoll riachtanach é eisíocaíocht iarbhír na ranníocaíochta airgeadais eachtraí chun go dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais eachtrach faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2560.

⁽⁹⁾ Sainmhínítear fiontair bheaga agus mheánmhéide nó FBManna in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

5.1.1.4.2. an raibh cóimheas cumhdaigh úis EBITDA ⁽¹⁰⁾ an ghnóthais faoi 1.0 le 2 bhliain anuas?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu bhí ní raibh

Sprioc bhí ní raibh

5.1.1.5. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra le ceann ar bith de na ceisteanna i ranna 5.1.1.1 go 5.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair le fios cé acu a bhí an gnóthas anásta nó nach raibh, a fuair sé aon ranníocaíochtaí airgeadais a d’fhéadfadh a chur le hinmharthanacht fhadéarmach an ghnóthais a athbhunú nó nach bhfuair (lena n-áirítear aon chúnadh leachtachta sealadach atá deartha chun tacú leis an athbhunú inmharthanachta sin) nó chun an páirtí sin a choimeád i mbun gnó ar feadh na tréimhse ama giorra is gá chun teacht ar phlean athstruchtúrúcháin nó leachtúcháin.

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu bhí ní raibh

Sprioc bhí ní raibh

5.1.1.6. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna 5.1.1.1 go 5.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair le fios má tá plean athstruchtúrúcháin a bhféadfaidh marthanas fadtéarmach an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó marthanas fadtéarmach na sprice eascairt as, agus má chuimsítear leis an bplean athstruchtúrúcháin sin ranníocaíocht dhílis shuntasach ón bpáirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu, ón sprioc nó ó aon pháirtí eile sa chomhchruinniú agus tabhair sonraí maidir leis an bplean sin.

5.1.1.7. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna 5.1.1.1 go 5.1.1.4, tabhair údar leis an bhfreagra, lena n-áirítear tagairtí sa fhreagra leis na doiciméid tacaíochta atá le soláthar in iarscríbhinní (féadfaidh na doiciméid seo a leanas de chuid an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó na sprice, gan bheith teoranta dóibh, a bheith san áireamh: na ráitis is déanaí ón gcuntas brabúis agus cailleanais mar aon le cláir chomhardaithe, nó cinntí cúirte lena n-osláitear imeachtaí dócmhainneachta cnuasaitheacha ar an gcuideachta nó doiciméid lena soláthraítear fianaise go gcomhlíontar na critéir lena cur faoi imeachtaí dócmhainneachta ar iarraidh na gcreidiúnaithe faoi dhlí cuideachta náisiúnta, etc.).

5.1.2. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, eadhon gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin (Airteagal 5(1)(b)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu deonaíodh níor deonaíodh

Sprioc deonaíodh níor deonaíodh

5.1.3. Beart maoinithe onnmhairiúcháin nach bhfuil i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil (Airteagal 5(1)(c)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu deonaíodh níor deonaíodh

Sprioc deonaíodh níor deonaíodh

5.1.4. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach (Airteagal 5(1)(d)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu deonaíodh níor deonaíodh

Sprioc deonaíodh níor deonaíodh

⁽¹⁰⁾ Tuilleamh roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh.

- 5.2. I gcás gach ranníocaíochta airgeadais eachtraí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú go haonarach le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith in *aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d)* de Rialachán (AE) 2022/2560, soláthair an fhaisnéis seo a leanas agus soláthair doiciméid tacaíochta:
- 5.2.1. Foirm na ranníocaíochta airgeadais (e.g. iasacht, díolúine cánach, instealladh caipitil, dreasacht fhioscach, ranníocaíochtaí comhchineáil, etc.).
- 5.2.2. An tríú tír atá ag deonú na ranníocaíochta airgeadais. Sonraigh freisin an t-údarás nó an t-eintiteas poiblí atá á dheonú.
- 5.2.3. Méid gach ranníocaíochta airgeadais.
- 5.2.4. An cuspóir agus an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhí i gceist leis an ranníocaíocht airgeadais a dheonú don pháirtí
- 5.2.5. Cé acu atá aon choinníoll i gceangal leis na ranníocaíochtaí airgeadais mar aon lena húsáid nó nach bhfuil.
- 5.2.6. Tabhair tuairisc ar na príomhghnéithe agus na príomh-shainréithe de na ranníocaíochtaí airgeadais sin (e.g. rátaí úis agus fad i gcás iasachta).
- 5.2.7. Tabhair míniú cé acu a thugann nó nach dtugann an ranníocaíocht tairbhe de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560 don ghnóthas ar deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach dó nó d'aon pháirtí eile sa chomhchruinniú ⁽¹⁾. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 8.
- 5.2.8. Tabhair míniú cé acu atá an ranníocaíocht teoranta le dlí nó le gníomh, de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560, do ghnóthais nó do thionscail áirithe nó nach bhfuil ⁽²⁾. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 8.
- 5.3. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil agus **nach bhfuil** in *aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e)* de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha a thugtar i dTábla 1 á leanúint.

ROINN 6

Tionchar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sa chomhchruinniú ar an margadh inmheánach

- 6.1. An bhfuil an comhchruinniú ag tarlú i gcomhthéacs próisis tairisceana struchtúrtha? Más ea:
- 6.1.1. Tabhair tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas tairisceana.
- 6.1.2. Tabhair tuairisc ar phróifíl gach duine de na hiarrthóirí eile a bhfuil tú ar an eolas faoi (e.g. cé acu is cuideachtaí cothromais phríobháidigh nó gnóthais thionsclaíochta iad nó nach ea).
- 6.2. Tabhair míniú ar na línte nó ar na gníomhaíochtaí gnó difriúla atá ag an sprioc, agus míniú á thabhairt ar chatagóirí táirgí agus/nó ar sheirbhísí arna dtairiscint i ngach ceann díobh agus ar na custaiméirí dá dtairgtear iad. Tabhair míniú an bhfuil an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu gníomhach sna gníomhaíochtaí nó línte gnó céanna nó gaolmhara agus tabhair tuairisc orthu.
- 6.3. I gcás gach ceann de na línte gnó nó gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc faoi Roinn 6.2 le haghaidh na sprice agus an pháirtí nó na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, tabhair le fios an méid seo a leanas:

⁽¹⁾ Ba cheart a mheas go dtugtar, le ranníocaíocht airgeadais, tairbhe do ghnóthas mura bhféadfaí í a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin mbealach chun measúnú a dhéanamh an ann do thairbhe, féach aithris 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

⁽²⁾ Ba cheart an tairbhe a thabhairt do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. D'fhéadfaí sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh.

- 6.3.1. an láimhdeachas a baineadh amach ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais le haghaidh an líne gnó nó na gníomhaíochta gnó sin;
- 6.3.2. an céatadán atá i gceist leis an láimhdeachas a baineadh amach san Aontas i ndáil le láimhdeachas foriomlán an ghnóthais le haghaidh an líne gnó nó na gníomhaíochta gnó sin.
- 6.4. Le haghaidh gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais dá soláthraíodh faisnéis bhreise de bhun Roinn 5.2 thuas, tabhair míniú cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí feabhas a chur ar staid iomaíoch na bpáirtithe sa chomhchruinniú sa mhargadh inmheánach leis an ranníocaíocht airgeadais agus ar an gcaoi a gcuirfeadh an feabhas sin ar a staid. Agus freagra á thabhairt ar an roinn sin, déan tagairt do chineál, méid agus úsáid nó cuspóir na ranníocaíochta airgeadais.
- 6.5. Tabhair le fios má spreag an comhchruinniú fógraí maidir le rialú cumaisc san Aontas (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta) agus, más amhlaidh gur spreag, tabhair stádas gach ceann de na himeachtaí sin tráth an fhógra sin le fios.
- 6.6. Tabhair le fios má spreag an comhchruinniú comhduithe rialála eile san Aontas (amhail comhdú maidir le scagadh infheistíochta díri coigríche ar an leibhéal náisiúnta) agus, más amhlaidh gur spreag, tabhair stádas gach ceann de na himeachtaí sin tráth an fhógra le fios.

Sonraí teagmhála

- 6.7. Tabhair sonraí teagmhála na gcúig iomaitheoir is mó de chuid na sprice atá gníomhach san Aontas.
- 6.8. Má spreag an comhchruinniú comhduithe maidir le rialú cumaisc san Aontas (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta), tabhair sonraí teagmhála uile na n-iomaitheoirí a sholáthraítear i gcomhthéacs an chomhdaithe nó na comhduithe sin maidir le rialú cumaisc.

ROINN 7

Éifeachtaí dearfacha féideartha

- 7.1. Más infheidhme, liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach fhéideartha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach. Liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach eile a bhaineann leis an bhfóirdheontas eachtrach, amhail éifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe na cuspóirí beartais sin de chuid an Aontais, agus sonraigh cathain agus cá háit tharla na héifeachtaí sin nó lena bhfuil coinne go dtarlóidh siad. Tabhair tuairisc ar gach ceann de na héifeachtaí dearfacha sin.

ROINN 8

Doiciméadacht tacaíochta

Soláthair an méid seo a leanas le haghaidh gach páirtí sa chomhchruinniú:

- 8.1. Cóipeanna de na doiciméid tacaíochta uile a bhaineann leis na ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560 de bhun Roinn 5.1.
- 8.2. Cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúthóirí, nó den bhord maoirseachta:
 - (a) anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, cuir i láthair agus aon doiciméid inchomparáide ina bpléitear cuspóir, úsáid agus réasúnaíocht eacnamaíoch na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560. Na doiciméid chéanna a sholáthar a d'ullmhaigh nó a fuair an t-eintiteas a dheonaíonn an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a mhéid agus atá siad i do sheilbh agat nó agus atá siad ar fáil go poiblí.
 - (b) Anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, láithreoirachtaí agus aon doiciméad inchomparáide chun measúnú nó anailís a dhéanamh ar an gcomhchruinniú i ndáil lena réasúnaíocht (lena n-áirítear doiciméid ina bpléitear an t-idirbheart i ndáil le héadálacha malartacha féideartha).

(c) I gcás gur thug aon chomhairleoirí seachtracha cúnaimh don pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir le dícheall cuí a rinneadh ar an sprioc chun críocha an chomhchruinnithe, achoimrí, conclúidí nó tuarascálacha a sholáthar a d'ullmhaigh na comhairleoirí sin mar chuid den dícheall cuí sin, agus aon doiciméid ar a ndéantar luach an idirbhirt a mheas nó a phlé.

8.3. Tásc den seoladh idirlín, más ann dó, mar a bhfuil na cuntais nó na tuarascálacha bliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú ar fáil, nó mura bhfuil aon seoladh idirlín mar sin ann, cóipeanna de na cuntais bhliantúla agus de na tuarascálacha is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú.

ROINN 9

Fianú

Ní mór an fianú seo a leanas a chur ag deireadh an fhógra agus é sínithe ag na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu, nó thar a gceann siúd:

'Deimhniú an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann.

Is feasach dóibh na forálacha d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.'

Dáta:

[sínitheoir 1]	[sínitheoir 2 más infheidhme]
Ainm:	Ainm:
Eagraíocht:	Eagraíocht:
Post:	Post:
Seoladh:	Seoladh:
Uimhir theileafóin:	Uimhir theileafóin:
Ríomhphost:	Ríomhphost:
(‘ríomhshínithe’/síníú]	(‘ríomhshínithe’/síníú]

Tábla 1

Treoracha chun faisnéis a sholáthar a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) (Roinn 5.3)

1. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a dheonaigh gach tríú tír don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil agus **nach bhfuil** in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha thíos á leanúint.

A. *An fhaisnéis atá le háireamh sa Tábla*

2. Grúpáil na ranníocaíochtaí airgeadais difriúla in aghaidh an tríú tír agus **in aghaidh an chineáil ranníocaíochta**, amháil deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíochta, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán (AE) 2022/2560), nó eile.

3. Ná háirigh ach na tíortha sin amháin a bhfuil méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil (a ríomhtar de réir phointe (5)) cothrom le EUR 45 milliún nó os a chionn.

4. I gcás gach cineáil ranníocaíochta, tabhair tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais agus na n-eintiteas deonúcháin.
5. Cainníochtaigh méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaíonn **gach tríú tír** le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil i bhfoirm **raonta**, mar a shonraítear sna nótaí a ghabhann leis an Tábla thíos. **Chun an méid sin a ríomh**, tá na breithnithe seo a leanas ábhartha:

(a) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha atá i gcatagóirí Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus ar soláthraíodh faisnéis ina leith faoi Ranna 5.1 agus 5.2 a chur san áireamh.

(b) **Ná** cuir ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfágtar as an áireamh san áireamh de réir phointí 6 agus 7 thíos.

B. *Eisceachtaí*

6. **Ní gá** duit faisnéis maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha seo a leanas a áireamh sa Tábla:

(a) Iarchuir íocaíochta cánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta, maithiúnais fhioscacha agus saoirí cánacha mar aon le gnáth-dhímheas agus rialacha maidir le cailleanais a thabhairt ar aghaidh a bhfuil feidhm ghinearálta acu. Má tá na bearta seo teoranta, mar shampla, d'earnálacha, réigiúin nó cineálacha gnóthas áirithe, ní mór iad a áireamh ann.

(b) Faoisimh chánach a chur i bhfeidhm chun cánachas dúbailte a sheachaint i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, mar aon le faoisimh chánach aontaobhacha chun cánachas dúbailte a sheachaint a chuirtear i bhfeidhm faoi reachtaíocht náisiúnta um cháin a mhéid agus a leanann siad an loighic agus na coinníollacha céanna le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.

(c) Earraí/seirbhísí a sholáthar/a cheannach (cé is moite de sheirbhísí airgeadais) ar théarmaí an mhargaidh i ngnáthchúrsaí gnó, mar shampla earraí nó seirbhísí a sholáthar/a cheannach a dhéantar de réir nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(d) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoin méid aonair de EUR 1 milliún.

7. I gcás comhchruinnithe i gciste infheistíochta nó in eintiteas dlítheanach faoi rialú ciste infheistíochta nó trí bhíthin ciste infheistíochta, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a deonaíodh do chistí infheistíochta eile atá á mbainistiú ag an gcuideachta infheistíochta chéanna ach a bhfuil infheisteoirí difriúla aici (nó ranníocaíochtaí a deonaíodh do chuideachtaí punainne a rialaíonn na cistí eile sin) ar choinníoll gur féidir leat a léiriú go gcomhlíontar go carnach na coinníollacha seo a leanas:

(a) Ní mór an ciste lena rialaítear an t-eintiteas éadála a bheith faoi réir Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha ⁽¹³⁾ nó faoi réir reachtaíocht choibhéiseach tríú tír i dtéarmaí rialacha stuamachta, eagrúcháin agus iompair, lena n-áirítear ceanglais atá dírithe ar infheisteoirí a chosaint; agus

(b) Na hidirbhearta eacnamaíochta agus tráchtála idir an ciste lena rialaítear an t-eintiteas éadála agus cistí infheistíochta eile (agus na cuideachtaí atá faoi rialú na gcistí sin) atá á mbainistiú ag an gcuideachta infheistíochta, níl ann dóibh nó tá siad teoranta. Chuige sin, ní mór duit fianaise a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le haon idirbheart eacnamaíoch agus tráchtála den chineál sin a d'fhéadfadh gur tharla siad le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil. Áirítear ar idirbhearta eacnamaíochta agus tráchtála, ach gan bheith teoranta dóibh, sócmhainní a dhíol, (lena n-áirítear úinéireacht i gcuideachtaí), iasachtaí, línte creidmheasa nó ráthaíochtaí.

⁽¹³⁾ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

Páirtí X		
Tríú tír	Cineál ranníocaíochta airgeadais (*)	Tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochta airgeadais agus an eintitis deonúcháin (**)
Tír A	Cineál 1	
	Cineál 2	
	Cineál 3	
	Cineál 4	
	...	

Ranníocaíochtaí airgeadais measta comhiomlána arna ndeónú ag A: EUR [...] (***)

Tír B	Cineál 1	
	Cineál 2	
	Cineál 3	
	Cineál 4	
	...	

Ranníocaíochtaí airgeadais measta comhiomlána arna ndeónú ag B: EUR [...] (***)

Tír C		
...		

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: soláthair tábla ar leithligh le haghaidh gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu. Ba cheart tríú tíortha agus, i gcás inarb iomchuí, cineálacha na ranníocaíochtaí a chur in ord de réir mhéid iomlán na ranníocaíochta airgeadais eachtraí, ón méid is airde go dtí an méid is ísle.

- (*) Sainaithin na ranníocaíochtaí airgeadais á ngrúpáil de réir cineáil: amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíochta, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíochta gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán 2022/2560), nó eile.
- (**) Tuairisc ghinearálta ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear i ngach cineál agus ar chuspóir an eintitis deonúcháin/na n-eintiteas deonúcháin. Mar shampla, 'díolúine ó cháin le haghaidh tháirgeadh táirge A agus ghníomhaíochtaí R&D', 'roinnt iasachtaí le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit chun críoch X', 'roinnt bearta airgeadais le gníomhaireachtaí infheistiúcháin Stáit chun costais oibriúcháin a chumhdach/le haghaidh ghníomhaíochtaí R&D', 'instealladh caipitil poiblí i gCuideachta X'.
- (***) Úsáid na raonta seo a leanas: 'EUR 45-100 milliún', 'EUR > 100-500 milliún', 'EUR > 500-1 000 milliún', 'níos mó ná EUR 1 000 milliún'.

C. Tuilleadh eolais

8. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfaidh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar gach comhchruinniú, d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar roinnt tosca amhail na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí lena mbaineann, cineál na ranníocaíochtaí airgeadais nó sainiúlachtaí eile an cháis. I bhfianaise na sainiúlachtaí sin, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh i gcás ina measann sé faisnéis den sórt sin a bheith riachtanach le haghaidh a mheasúnaithe.

IARSCRÍBHINN II

Foirm FS-PP a bhaineann le fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair poiblí de bhun Rialachán (AE) 2022/2560**Ábhar**

1.	Cuspóir na Foirme FS-PP	32
2.	Sainmhínte agus treoracha chun críocha na Foirme FS-PP seo	32
3.	Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP	33
4.	Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach	34
5.	Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás	34
6.	Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh	34
7.	An ceanglas maidir le fógra nó dearbhú ceart iomlán	35
8.	Conas fógra a thabhairt	36
9.	Rúndacht agus Sonraí Pearsanta	36
ROINN 1:	Tuairisc ar an soláthar poiblí	37
ROINN 2:	Faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu	37
ROINN 3:	Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha	38
ROINN 4:	Údar a thabhairt le gan tairiscint a bheith ann lena mbainfeadh buntáiste míchuí	40
ROINN 5:	Éifeachtaí dearfacha féideartha	41
ROINN 6:	Doiciméadacht tacaíochta	41
ROINN 7:	Dearbhú	41
ROINN 8:	Fianú	42

RÉAMHRÁ**1. Cuspóir na Foirme FS-PP**

- (1) Sonraítear leis an bhFoirm FS-PP seo an fhaisnéis nach mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar agus fógra nó dearbhú á chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nós imeachta soláthair poiblí a chumhdaítear le córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais. Leagtar amach córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais síos i Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún maidir le socrúithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme') ⁽²⁾, atá i gceangal leis an bhFoirm FS-PP seo.

2. Sainmhínte agus treoracha chun críocha na Foirme FS-PP seo

- (2) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
- (a) Ciallaíonn 'páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu', i gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, na hoibreoírí eacnamaíocha, grúpaí oibreoírí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus na príomhsholáthróirí uile a chumhdaítear leis an oibleagáid um fhógra i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560;

⁽¹⁾ IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 177, 12.7.2023, lch. 1.

(b) Is é an 'príomhchonraitheoir', de réir bhrí Threoracha 2014/24/AE ⁽³⁾ agus 2014/25/AE ⁽⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó 'príomhlamháltóir' de réir bhrí Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, an t-oibreoir eacnamaíoch a áirithíonn cur isteach an fhógra nó an dearbhaithe thar ceann na bpáirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu.

- (3) Mura sonraítear a mhalairt, cuimsítear leis an téarma 'páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu' na fochuideachtaí uile gan neamhspleáchas tráchtála agus a chuideachtaí sealbhaíochta uile de réir bhrí Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560.
- (4) Ní mór aon sonraí airgeadais a iarrtar a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim sna blianta nó sna tréimhsí eile i gceist.

3. Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP

- (5) I gcás ina bhfuair páirtí amháin ar a laghad de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu fógra isteach, agus ní dhéanfaidh sé nó siad ach é sin amháin. Cuirtear an fógra isteach ar fhoirm amháin atá bunaithe ar na gnéithe a leagtar amach thíos.
- (6) Os a choinne sin, i gcás nach bhfuair aon pháirtí de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dearbhú isteach, agus ní dhéanfaidh sé nó siad ach é sin amháin. Cuirtear an dearbhú isteach ar fhoirm amháin atá bunaithe ar na gnéithe a leagtar amach thíos.
- (7) Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn cás ar chás, faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh maidir le haon chineál de na cineálacha ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear mar fhreagairt ar na ceisteanna atá i Roinn 3 agus i dTábla 1, nó maidir le haon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a fuair an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra, ní mór iad a chur san áireamh chun na tairseacha fógartha a chinntiú faoi Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, gan beann ar cé acu a iarrtar faisnéis maidir leo faoi Roinn 3 nó nach n-iarrtar.
- (8) Beidh an fhaisnéis seo a leanas de dhíth ar an bhFoirm FS-PP:

(a) FÓGRAÍ FAOI RANNÍOCAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS EACHTRACHA

- (i) I gcás fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoi Chaibidil 4 de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór gach roinn agus a réimsí faoi seach a líonadh isteach de ghnáth, cé is moite de Roinn 7 (Dearbhú).
- (ii) Ní mór tuairisc achoimre ar an nós imeachta soláthair phoiblí a bheith i Roinn 1.
- (iii) Ní mór faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a bheith i Roinn 2.
- (iv) Ní mór faisnéis mhionsonraithe ar an (na) ranníocaíocht(aí) airgeadais eachtrach(a) a bheith i Roinn 3. Go háirithe, de bhun Roinn 3, iarrtar faisnéis mhionsonraithe maidir le gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra a d'fhéadfadh a bheith in *aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e)* de Rialachán (AE) 2022/2560. I ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile, leis an bhFoirm FS-PP ceanglaítear ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu forléargas a thabhairt ar na cineálacha éagsúla ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear i dTábla 1.

⁽³⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽⁴⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

⁽⁵⁾ IO L 94, 28.3.2014, lch. 1.

- (v) Féadfaidh míniú a bheith i Roinn 4 ar an mbealach nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint.
- (vi) Féadfar aon éifeacht dhearfach a d'fhéadfadh a bheith ag na fóirdheontais ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche ábhartha a liostú agus údar a thabhairt léi, más infheidhme, i Roinn 5, mar aon le héifeachtaí dearfacha eile i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha.
- (vii) I Roinn 6, liostaítear na doiciméid tacaíochta a áirítear.
- (viii) Ní mór fianú sínithe a bheith i Roinn 8 go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear fíor, ceart agus iomlán agus go bhfuil an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar an eolas faoi na forálacha maidir le fineálacha.

(b) DEARBHÚ NACH ANN D'AON RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS EACHTRACH INFHÓGARTHA

- (i) Murar deonaíodh aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le 3 bliana anuas, ní mór Ranna 1, 2, agus 8 den Fhoirm FS-PP a líonadh isteach, mar aon leis an Roinn 7 shonrach agus ní mór na ranna a bheidh fágtha a fhágáil folamh.
- (ii) Tá an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm FS-PP gan dochar don fhéidearthacht go n-iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise in iarraidh ar fhaisnéis.

4. Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach

- (9) I gcás nach bhfuil píosáí sonracha den fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP sin ar fáil go réasúnach, i bpáirt nó ina n-iomláine, don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid an fhaisnéis ábhartha a sholáthar a ligean ar ceal, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Ba cheart an iarraidh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha in aithrisí 13 go 15 den Réamhrá seo.

5. Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás

- (10) De bhun Airteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le faisnéis ar leith a sholáthar san fhógra, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean thar ceal i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.
- (11) Féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha maidir le hiarrataí ar tharscaoileadh a leagtar síos faoi aithrisí 13 go 15 den Réamhrá don Fhoirm FS-PP seo.

6. Teagmhálacha réamhfógra agus iarrataí ar tharscaoileadh

- (12) Moltar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dul i mbun pléití réamhfógra in am leordhóthanach roimh an bhfógra, ar bhonn dréacht-Fhoirm FS-PP más féidir. Is seirbhís í an fhéidearthacht chun dul i mbun teagmhálacha réamhfógra arna tairiscint ag an gCoimisiún don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar bhonn deonach chun an réamh-athbhreithniú ar na fóirdheontais eachtracha a ullmhú i gcomhthéacs soláthar poiblí foilsithe. Mar sin, cé nach céim éigeantach iad na teagmhálacha réamhfógra, is féidir leo a bheith luachmhar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus don Choimisiún araon chun méid beacht na faisnéise a cheanglaítear i bhfógra a chinneadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar faoi Roinn 3 agus i dTábla 1 agus chun a áirithiú go bhfuil an fógra iomlán. Thairis sin, d'fhéadfadh laghdú suntasach teacht ar an bhfaisnéis a cheanglaítear de bharr na dteagmhálacha réamhfógra. I gcás ina bhfuil níos mó ná páirtí amháin a bhfuil fógra á thabhairt aige (mar oibreoir eacnamaíoch aonair) nó níos mó ná grúpa amháin de pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu (mar chomhaltaí den chuibhreannas céanna) a bhfuil sé d'aidhm ag gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó gach grúpa tairiscint dhifriúil a chur isteach sa nós imeachta soláthair phoiblí céanna, ní mór na pléití réamhfógra a dhéanamh le gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó gach grúpa de ar leithligh agus faoi rúndacht iomlán, chun iomaíocht chóir a áirithiú sa nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist.

- (13) I gcaitheamh na dteagmhálacha réamhfhógra, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tarscaoiltí a iarraidh maidir le faisnéis áirithe a cheanglaítear leis an bhfoirm seo a chur isteach. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis ábhartha go réasúnach. I gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir, ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu' na meastacháin is fearr a thabhairt le haghaidh na sonraí atá in easnamh agus na foinsí le haghaidh na meastachán sin á sainiú nó an áit a bhféadfadh an Coimisiún aon chuid den fhaisnéis a iarraidh nach bhfuil ar fáil don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fháil á sonrú.
 - (b) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.
- (14) Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i scríbhinn le linn réamhfhógra, sa Dréachtfhógra féin más féidir (ag tús na roinne nó na foroinne ábhartha). Déileálfad an Coimisiún le hiarrataí ar tharscaoileadh le linn réamhfhógra i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréachtfhógra.
- (15) I dtaca leis an bhfóras go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis go bhféadfar aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm FS-PP seo a fhágáil ar lár ó fhógra, ní chuirtear cosc ar an gCoimisiún in aon chor an fhaisnéis sin a iarraidh tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarraidh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

7. An ceanglas maidir le fógra nó dearbhú ceart iomlán

- (16) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1 go 3, 6 agus 8 a sholáthar i gcás fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha, agus is amhlaidh dá réir ar ceanglas í maidir le fógra iomlán. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí den Fhoirm FS-PP, agus ní mór di a bheith ceart agus comhlánaithe.
- (17) I gcás dearbhú nach bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha, ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1, 2, 7 agus 8 a sholáthar, agus is amhlaidh dá réir ar ceanglas í maidir le dearbhú iomlán a fháil. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí den Fhoirm FS-PP, agus ní mór di a bheith ceart agus comhlánaithe.
- (18) Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:
- (a) Tosóidh an tréimhse ama 20 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 30, míreanna (2) agus (6) de Rialachán (AE) 2022/2560 an lá oibre tar éis an fógra comhiomlán a fháil. Airithítear leis sin go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha dá dtugtar fógra laistigh de na teorainneacha ama dochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2560.
 - (b) Ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fhíorú, le linn dóibh a bhfógra a ullmhú, gur cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta iad na hainmneacha agus uimhreacha teagmhála, agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sholáthraítear don Choimisiún.
 - (c) Ní fhéadfar dearbhú a chur isteach ach amháin i gcás ina mbeidh na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu ag dearbhú nár deonaíodh aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha dóibh le 3 bliana anuas. I gcás inar deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha infhógartha do pháirtí amháin ar a laghad de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, measfar gur fógra chun críocha an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo an aighneacht sin.
 - (d) Ní mór sonraí teagmhála na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu arna n-iarraidh a sholáthar san fhormáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (AS GROW) ar a suíomh gréasáin. ⁽⁶⁾ Tá sé fíor-riachtanach i gcás próiseas athbhreithnithe ceart go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuipe sin, níor cheart seoltaí ríomhphoist a sholáthrófar a bheith pearsantaithe ná a bheith sannta do theagmhálacha sonracha; ba cheart boscaí feidhmíula cuideachta na foirne atá i gceannas ar an bhfógra a úsáid. Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhu go bhfuil an fógra neamhiomlán ar bhonn sonraí teagmhála míchuí.

⁽⁶⁾ Féach: <https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/public-procurement/foreign-subsidies-regulation> agus lean na teoracha ansin.

- (e) Ní mór doiciméadacht tacaíochta faoi Roinn 6 a sholáthar in éineacht le tábla achoimre a chloíonn leis an bhformáid a d'fhorordaigh AS GROW ar a suíomh gréasáin.
- (f) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, má bhíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach san fhógra nó má sholáthraítear sin in éineacht leis an bhfógra, measfar an fógra a bheith neamhiomlán maidir le dáta éifeachtach an fhógra a chinneadh.
- (g) Faoi Airteagal 29(4) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcás ina mbeidh fógra a ghabhfaidh le tairiscint nó le hiarraidh ar rannpháirtíocht fós neamhiomlán d'ainneoin iarraidh arna déanamh ag an gCoimisiún chun é a líonadh isteach, ba cheart don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena n-iarrrfar ar an údarás conarthach nó ar an eintiteas conarthach cinneadh a ghlacadh lena ndiúltófar do thairiscint nó d'iarraidh neamhrialta den sórt sin ar rannpháirtíocht.
- (h) Faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann a sholáthraíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fineálacha suas le 1 % dá láimhdeachas comhiomlán a ghearradh orthu. Inna theannta sin, de bhun Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a chúlghairm i gcás ina raibh sé bunaithe ar fhaisnéis mhíthreorach, mhícheart nó neamhiomlán.

8. Conas fógra a thabhairt

- (19) Déanfar na fógraí a chur isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Cuirfear ainmneacha na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu isteach ina dteanga bhunaidh freisin. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP seo a leagan amach agus úsáid á baint as na ranna agus as na foranna atá le fáil inti, agus i gcás inarb ábhartha, doiciméadacht tacaíochta á cur i gceangal léi. Ní mór fianú a chuimsiú san fhógra a chuirfear isteach mar a sholáthraítear i Roinn 8. I gcás inarb ionann cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a sholáthraítear in dhá roinn dhifriúla, féadfar crostagairtí a úsáid.
- (20) I dtaca leis an bhfógra, ní mór do dhaoine é a shíniú ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ní mór d'ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu é a shíniú. Ní mór an chumhacht aturnae chomhfhreagrach/na cumachtuithe aturnae comhfhreagracha (nó cruthúnas scríofa go bhfuil siad údaraithe chun gníomhú) a chur i gceangal leis an bhfógra. Tá sonraíochtaí teicniúla agus treoracha maidir le fógraí le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh Innmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna.
- (21) Agus Roinn 3 den Fhoirm FS-PP seo á líonadh isteach, iarrrtar ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a m(h)achnamh a dhéanamh an fearr, de ghrá na soiléireachta, an fhaisnéis sna ranna sin a chur i láthair in ord uimhriúil, nó an féidir an fhaisnéis a ghrúpáil le chéile le haghaidh gach ranníocaíocht airgeadais eachtrach aonair (nó grúpa de ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha).
- (22) Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hianscribhinní. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile a chur i láthair i gcorp an fhógra. Ní mór gan aon ianscribhinní a chuirfear isteach a úsáid ach amháin chun an fhaisnéis a sholáthraítear i bpríomhchorp an fhógra féin a fhorlíonadh, agus ní mór a thabhairt le fios go soiléir sa chorp an áit mar a soláthraítear faisnéis fhorlíontach in ianscribhinn.
- (23) Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ceanglófar aistriúchán go teanga na n-imeachtaí leis an doiciméad (Airteagal 5(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

9. Rúndacht agus Sonraí Pearsanta

- (24) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus in Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar aon lena chuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm an Rialacháin, ar faisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla í. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

- (25) Má chreideann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu go ndéanfaí dochar dá leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, lena n-áirítear na hoibreoírí eacnamaíochta eile a gcuireann siad an fógra isteach in éineacht leo agus an t-údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar orthu a sholáthar, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an údaráis chonarthaigh ábhartha nó an eintitis chonarthaigh ábhartha ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar 'Faoi Rún'. Chun na críche sin, féadfar cartlann chriptithe doiciméad ar leithligh a chur isteach agus féadfar an eochair a sholáthar go leithleach don Choimisiún. Ba cheart do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cúiseanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.
- (26) I gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san fhógra go measfaí an fógra a bheith iomlán.
- (27) Aon sonraí pearsanta a chuirfeadh isteach i bhfógra nó in éineacht le fógra, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.

ROINN 1

Tuairisc ar an soláthar poiblí

- 1.1. Soláthair nasc leis an doiciméad lena n-iarrtar iomaíocht sa nós imeachta seo, atá foilsithe ar Tenders Electronic Daily (TED) mar aon le haon ardáin eile, agus achoimre ar an nós imeachta soláthair poiblí
- 1.2. I gcás ina n-úsáidfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (ESPD), ba cheart an oibleagáid a chomhlíonadh, maidir le hachóimre ar an nós imeachta soláthair poiblí a sholáthar, trí Chuid I d'Iarscríbhinn 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún) 2016/7, agus an chuid sin líonta isteach ⁽⁸⁾.
- 1.3. I gcás ina gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a chuid nó a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór Roinn 1 den Fhoirm FS-PP seo a thabhairt isteach go díreach ó ESPD san Fhoirm FS-PP trí sheirbhís dhigiteach arna soláthar ag an gCoimisiún. In éagmais seirbhís den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach an fógra a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún in éineacht leis an gCuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD agus í líonta isteach.
- 1.4. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór an roinn sin a líonadh isteach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD.
- 1.5. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD ach go páirteach, ní mór na gnéithe atá ar iarraidh ó Chuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD a sholáthar sa roinn seo.

ROINN 2

Faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

- 2.1. I gcás ina n-úsáidfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ESPD, is féidir an oibleagáid a chomhlíonadh, maidir le faisnéis a sholáthar faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, trí Chuid II d'Iarscríbhinn 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/7 a sholáthar, lena leagtar síos an fhoirm chaighdeánach le haghaidh ESPD. Líontar ESPD isteach le haghaidh n-oibreoírí eacnamaíochta uile atá

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe iomaíochta ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/7 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2016 lena mbunaítear an fhoirm chaighdeánach don Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (IO L 3, 6.1.2016, lch. 16).

rannpháirteach sa tairiscint nó sna hiarrataí ar rannpháirtíocht mar aon le fochonraitheoirí a bhfuiltear ag brath ar a n-inniúlachtaí chun na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh. Fochonraitheoirí nach ‘príomh-fhochonraitheoirí’ iad de réir bhrí Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, níl orthu an roinn sin den fhoirm a líonadh isteach. Fochonraitheoirí ar ‘príomh-fhochonraitheoirí’ iad de réir bhrí Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, ach nach bhfuiltear ag brath ar a n-inniúlachtaí úd i gcomhréir le hAirteagal 63 de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 79 de Threoir 2014/25/AE, ní mór dóibh an roinn sin a líonadh isteach de láimh.

- 2.2. I gcás ina gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, tabharfar an chuid seo den Fhoirm FS-PP isteach go díreach ó ESPD san Fhoirm FS-PP seo trí sheirbhís dhigiteach arna soláthar ag an gCoimisiún. In éagmais seirbhís den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach an fógra sin a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún in éineacht le Cuid II d'Iarscríbhinn 2, agus í líonta isteach, den ESPD arna chur isteach.
- 2.3. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór an roinn sin a líonadh isteach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn 2 do ESPD.
- 2.4. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD ach go páirteach, ní mór na gnéithe atá ar iarraidh ó Chuid II d'Iarscríbhinn 2 do ESPD a sholáthar sa roinn seo.
- 2.5. Tabhair seoladh ríomhphoist nó aitheantóir uathúil a úsáidtear le haghaidh an chuntais EU Login a fheidhmeoidh mar dheis chumarsáide.

ROINN 3

Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha

- 3.1. Déanfar an measúnú i dtaobh an bhfuil saobhadh ann arb iad na fóirdheontais eachtracha i nós imeachta soláthair phoiblí is cúis leis trí na táscairí saofa ⁽⁹⁾ a mheas agus an bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann ⁽¹⁰⁾. Sa Roinn seo, níor cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a thuairisciú ach amháin na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin atá i raon feidhme Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 atá ar na ranníocaíochtaí is mó ar dócha dóibh an margadh inmheánach a shaobhadh. I gcás ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil sna catagóirí sin, féach pointe 3.3 den Roinn seo agus Tábla 1. I gcás nósanna imeachta a chomhlíonann na tairseacha in Airteagal 28(1)(a) agus 28(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus inar deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra, ar ranníocaíochtaí iad atá infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair le fios cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn go haonarach ⁽¹¹⁾ do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, ar ranníocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560:
 - 3.1.1. Chun gur féidir a chinneadh ar deonaíodh ranníocaíocht airgeadais eachtrach do ghnóthas a bhí anásta de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nár deonaíodh, tabhair le fios ar comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nó nár comhlíonadh ag aon pointe ama le linn na 3 bliana roimh an bhfógra:
 - 3.1.1.1. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina chuideachta faoi dhliteanas, i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

tá

níl

⁽⁹⁾ Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2560.

⁽¹⁰⁾ Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2022/2560.

⁽¹¹⁾ Ba cheart a mheas go mbeidh ranníocaíocht airgeadais deonaithe ón uair a gheobhaidh an tairbhí teidlíocht dhlíthiúil chun an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a fháil. Ní coinníoll riachtanach é eisíocaíocht iarbhir na ranníocaíochta airgeadais chun go dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2560.

- 3.1.1.2. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina chuideachta ina bhfuil dliteanas neamhtheoranta ar chuid dá bhaill ar a laghad as fiachas na cuideachta, agus i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá chaipiteal mar a léirítear é i gcuntais na cuideachta tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?
- tá níl
- 3.1.1.3. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi réir comhimeachtaí dócmhainneachta nó an gcomhlíonann sé na critéir faoina dhlí náisiúnta lena chur i gcomhimeachtaí dócmhainneachta arna iarraidh sin ag a chreidiúnaithe?
- tá níl
- 3.1.1.4. I gcás nach FBM an páirtí i gceist a bhfuil fógra á thabhairt aige ⁽¹²⁾:
- 3.1.1.4.1. an raibh cóimheas fiachas de réir na leabhar le cothromas an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige níos mó ná 7.5 le 2 bhliain anuas
- agus
- 3.1.1.4.2. an raibh cóimheas cumhdaigh úis EBITDA ⁽¹³⁾ an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi 1.0 le 2 bhliain anuas?
- bhí ní raibh
- 3.1.1.5. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra le ceann ar bith de na ceisteanna i ranna 3.1.1.1 go 3.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, tabhair le fios, le linn na tréimhse ina raibh an gnóthas i gceist anásta, cé acu a fuair sé aon ranníocaíochtaí airgeadais a d’fhéadfadh a chur le hinmharthanacht fhadéarmach an ghnóthais a athbhunú nó nach bhfuair (lena n-áirítear aon chúnamh leachtachta sealadach atá deartha chun tacú leis an athbhunú inmharthanachta sin) nó chun an páirtí sin a choimeád i mbun gnó ar feadh na tréimhse ama giorra is gá chun teacht ar phlean athstruchtúrúcháin nó leachtúcháin.
- Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu fuair ní bhfuair
- 3.1.1.6. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna 3.1.1.1 go 3.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, tabhair le fios má tá plean athstruchtúrúcháin ann a bhféadfaidh marthanais fadtéarmach an pháirtí sin ag eascairt as, agus má chuimsítear leis an bplean athstruchtúrúcháin sin ranníocaíocht dhílis shuntasach ón bpáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus tabhair sonraí maidir leis an bplean sin.
- 3.1.1.7. Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i bpointí 3.1.1.1 go 3.1.1.4, tabhair údar leis an bhfreagra, lena n-áirítear tagairtí sa fhreagra leis an bhfianaise nó leis na doiciméid tacaíochta atá le soláthar in iarscríbhinní (féadfaidh na doiciméid seo a leanas, gan bheith teoranta dóibh, a bheith san áireamh: na ráitis is déanaí de chuid an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ón gcuntas brabúis agus caillteanais mar aon le clár chomhardaithe, nó cinneadh cúirte lena n-osclaítear imeachtaí dócmhainneachta cnuasaitheacha ar an gcuideachta nó ar na doiciméid lena soláthraítear fianaise go gcomhlíontar na critéir lena cur faoi imeachtaí dócmhainneachta ar iarraidh na gcreidiúnaithe faoi dhlí cuideachta náisiúnta, etc.).
- 3.1.2. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, is é sin ranníocaíocht gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin (Airteagal 5(1)(b)).
- deonaíodh níor deonaíodh
- 3.1.3. Beart maoinithe onnmhairiúcháin nach bhfuil i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil (Airteagal 5(1)(c)).
- deonaíodh níor deonaíodh

⁽¹²⁾ Sainmhínítear fiontair bheaga agus mheánmhéide nó FBManna in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

⁽¹³⁾ Tuilleamh roimh ús, cáin, dímhias agus amúchadh. Ríomhtar an cóimheas sin mar EBITDA/Íocaíochtaí úis.

- 3.1.4. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach lena gcuirtear ar chumas gnóthais tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, agus ar a mbonn a d'fhéadfaí an conradh ábhartha a dhámhachtain don ghnóthas (Airteagal 5(1)(e)).
- deonaíodh níor deonaíodh
- 3.2. I gcás gach ranníocaíochta airgeadais eachtraí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair an fhaisnéis seo a leanas agus tabhair doiciméid tacaíochta:
- 3.2.1. Foirm na ranníocaíochta airgeadais (e.g. iasacht, díolúine cánach, instealladh caipitil, dreasacht fhioscach, ranníocaíochtaí comhchineáil, etc.).
- 3.2.2. An tríú tír atá ag deonú na ranníocaíochta airgeadais. Sonraigh freisin an t-údarás nó an t-eintiteas poiblí atá á dheonú.
- 3.2.3. Méid gach ranníocaíochta airgeadais.
- 3.2.4. An cuspóir agus an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhí i gceist leis an ranníocaíocht airgeadais a dheonú don pháirtí.
- 3.2.5. Cé acu atá aon choinníoll i gceangal leis na ranníocaíochtaí airgeadais mar aon lena húsáid nó nach bhfuil.
- 3.2.6. Tabhair tuairisc ar na príomhghnéithe agus na príomh-shaintréithe de na ranníocaíochtaí airgeadais sin (e.g. rátaí úis agus fad i gcás iasachta).
- 3.2.7. Tabhair míniú cé acu a thugann nó nach dtugann an ranníocaíocht tairbhe de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560 don ghnóthas ar deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach dó. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 6.
- 3.2.8. Tabhair míniú cé acu atá an ranníocaíocht teoranta le dlí nó le gníomh, de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560, do ghnóthais nó do thionscail áirithe nó nach bhfuil ⁽¹⁴⁾. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 6.
- 3.2.9. Tabhair míniú cé acu a deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach le haghaidh costais oibriúcháin ⁽¹⁵⁾ atá nasctha go heisiach leis an soláthar poiblí i gceist amháin nó nár deonaíodh.
- 3.3. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra agus nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha a thugtar i dTábla 1 á leanúint.

ROINN 4

Údar a thabhairt le gan tairiscint a bheith ann lena mbainfeadh buntáiste míchuí

- 4.1. I gcás aon cheann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha lena gcuirtear ar a chumas don ghnóthas tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, agus ar a mbonn a d'fhéadfaí an conradh ábhartha a dhámhachtain don ghnóthas (Airteagal 5(1)(e) de Rialachán (AE) 2022/2560), an bhfuil aon ghné ann chun údar a thabhairt leis an tairiscint ar an ábhar nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi go díreach nó go hindíreach i ngeall ar an ranníocaíocht/na ranníocaíochtaí airgeadais a fuarthas, lena n-áirítear trí na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 69(2) de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 84(2) de Threoir 2014/25/AE?
- 4.2. Féadfar tagairt a dhéanamh don mhéid seo a leanas go háirithe leis na gnéithe:
- 4.2.1. *eacnamaíocht an phróisis mhonaraíochta, na seirbhísí a sholáthraítear nó an mhodha tógála;*

⁽¹⁴⁾ Ba cheart an tairbhe a thabhairt do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. D'fhéadfaí sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh.

⁽¹⁵⁾ Cuir i gcás costais phearsanra, ábhair, fuinneamh, cothabháil, cíos, riarachán.

- 4.2.2. na réitigh theicniúla a roghnaíodh nó aon choinníoll atá iontach fabhrach agus ar fáil don tairgeoir chun na táirgí nó na seirbhísí a sholáthar nó chun an obair a dhéanamh;
- 4.2.3. úrnuacht na hoibre, na soláthairtí nó na seirbhísí atá á moladh ag an tairgeoir;
- 4.2.4. comhlíonadh na n-oibleagáidí is infheidhme i réimsí dhlí an chomhshaoil, an dlí shóisialta agus dhlí an tsaothair;
- 4.2.5. comhlíonadh oibleagáidí maidir leis an bhfochonraitheoireacht.

ROINN 5

Éifeachtaí dearfacha féideartha

- 5.1. Más infheidhme, liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach fhéideartha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach. Liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach eile a bhaineann leis na fóirdheontais eachtracha, amhaíl éifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe na cuspóirí beartais sin de chuid an Aontais, agus sonraigh cathain agus cá háit ar tharla na héifeachtaí sin nó lena bhfuil coinne go dtarlóidh siad. Tabhair tuairisc ar gach ceann de na héifeachtaí dearfacha sin.

ROINN 6

Doiciméadacht tacaíochta

Soláthair an méid seo a leanas le haghaidh gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige:

- 6.1. Cóipeanna de na doiciméid oifigiúla tacaíochta uile a bhaineann leis na ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 de bhun Roinn 3.1.
- 6.2. Cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúrtóirí, nó den bhord maoirseachta: anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, cuir i láthair agus aon doiciméid inchomparáide ina bpléitear cuspóir, úsáid agus réasúnaíocht eacnamaíoch na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560. Na doiciméid chéanna a sholáthar a d'ullmhaigh nó a fuair an t-eintiteas a dheonaíonn an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a mhéid agus atá siad i do sheilbh agat nó agus atá siad ar fáil go poiblí.
- 6.3. Tásca den seoladh idirlín, más ann dó, mar a bhfuil na cuntais nó na tuarascálacha bliantúla is déanaí leis an bpáirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar fáil, nó mura bhfuil aon seoladh idirlín mar sin ann, cóipeanna de na cuntais bhliantúla agus de na tuarascálacha is déanaí.
- 6.4. I gcás ina dtugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu údar le gan buntáiste míchuí a bheith ag baint leis an tairiscint trí Roinn 4 den fhoirm seo a líonadh isteach, ní mór dóibh an doiciméadacht a sholáthar freisin le haghaidh na tréimhse lena gcumhdaítear na 3 bliana roimh an bhfógra lena dtugtar údar leis na gnéithe dá dtugtar ar aird. Féadfar an méid seo a leanas a chuimsiú sa doiciméadacht sin, *inter alia*, de réir mar is ábhartha:
 - a. dearbhuithe cánach le haghaidh na tréimhse faoi athbhreithniú, lena n-áirítear cóipeanna de thuairisceáin chánach agus tuairisceáin CBL na cuideachta,
 - b. pleananna gnó agus taighde margaidh atá mar bhonn faoin gcinneadh bheith rannpháirteach sa nós imeachta soláthair phoiblí.

ROINN 7

Dearbhú

- 7.1. I gcomhréir leis an Réamhrá, aithris 6, i gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí a chomhlíonann na tairseacha atá in Airteagal 28(1)(a) agus 28(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus ar nósanna imeachta iad nár deoníodh aon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ina leith le 3 bliana anuas don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, ar ranníocaíochtaí iad atá infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór Ranna 1, 2 agus 8 den Fhoirm seo a líonadh isteach mar aon leis an Roinn seo ina bhfuil an ráiteas seo a leanas:

'Níl ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha infhógartha faoi Chaibidil 4 de Rialachán (AE) 2022/2560 faighte ag ceachtar de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu.'

- 7.2. I gcomhréir leis an oibleagáid in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile dá bhfuarthas a liostú. Cumhdaítear san oibleagáid sin na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile atá neamh-infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 a fuarthas le linn na 3 bliana roimh an dearbhú.
- 7.3. Mar sin féin, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha neamh-infhógartha ar luach nach lú ná EUR 1 milliún iad ach nach mó ná an luach a shonraítear i Roinn 7.4 thíos iad le 3 bliana roimh an dearbhú, is féidir iad a dhearbhu mar ranníocaíochtaí comhiomlán gan a luachanna a shonrú trí Thábla 2 a úsáid. Ní mór na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin a thuairisciú ina n-aonar, arna iarraidh sin don Choimisiún.
- 7.4. I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfuil an méid iomlán díobh in aghaidh an tríú tír níos lú ná méid na cabhrach de minimis mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún ⁽¹⁶⁾ thar thréimhse chomhleanúnach 3 bliana roimh an dearbhú, ní gá iad a thuairisciú sa dearbhú.

ROINN 8

Fianú

- 8.1. Ní mór an fianú seo a leanas a chur ag deireadh an fhógra agus é sínithe ag gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige:
- 8.2. *'Deimhníonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra nó sa dearbhú seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchoipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP seo, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann.*
- 8.3. *Is feasach dóibh na forálacha d'Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann le fineálacha agus le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.'*

Dáta:

[sínitheoir 1] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: (‘ríomhshínithe’/síníú]	[Sínitheoir 2 más infheidhme, déan arís an oiread agus atá páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ann] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: (‘ríomhshínithe’/síníú]
--	--

Tábla 1

Treoracha chun faisnéis a sholáthar a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) (Roinn 3.3)

1. Úsáidtear an Tábla seo chun forléargas a thabhairt ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a dheonaigh gach tríú tír do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra agus **nach bhfuil** in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha thíos á leanúint. I bpointe A, soiléirítear cén fhaisnéis is gá a áireamh sa tábla, agus i bpointe B, soiléirítear cén fhaisnéis nach gá a áireamh ann.

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

A. *An fhaisnéis atá le háireamh sa Tábla*

2. Grúpáil na ranníocaíochtaí airgeadais difriúla in aghaidh an tríú tír agus **in aghaidh an chineáil ranníocaíochta**, amháil deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíoctha, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán (AE) 2022/2560), nó eile.
3. Ná háirigh ach na tíortha sin arb amhlaidh ina dtaobh go bhfuil méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh le linn na 3 bliana roimh an bhfógra (a ríomhtar de réir phointe 5) cothrom le EUR 4 milliún nó os a chionn.
4. I gcás gach cineáil ranníocaíochta, tabhair tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais agus na n-eintiteas deonúcháin.
5. Cainníochtaigh méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaíonn **gach tríú tír** le linn na 3 bliana roimh an bhfógra i bhfoirm **raonta**, mar a shonraítear sna nótaí a ghabhann leis an Tábla thíos. Chun an méid sin a ríomh, tá na breithnithe seo a leanas ábhartha:
 - (a) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha atá i gcatagóirí Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus ar soláthraíodh faisnéis ina leith faoi Ranna 3.1 agus 3.2 a chur san áireamh.
 - (b) **Ná** cuir ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfágtar as an áireamh san áireamh de réir phointí 6 agus 7 thíos.

B. *Eisceachtaí*

6. **Ní gá** duit tuairisc ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha seo a leanas a áireamh sa Tábla:
 - (a) Iarchuir íocaíochta cánacha agus/nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta, maithiúnais fhioscacha agus saoirí cánacha mar aon le gnáth-dhímheas agus rialacha maidir le cailleanais a thabhairt ar aghaidh a bhfuil feidhm ghinearálta acu. Má tá na bearta seo teoranta, mar shampla, d'earnálacha, réigiúin nó gnóthais áirithe (nó cineálacha gnóthas áirithe), ní mór iad a áireamh ann.
 - (b) Faoisimh chánach a chur i bhfeidhm chun cánachas dúbailte a sheachaint i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, mar aon le faoisimh chánach aontaobhacha chun cánachas dúbailte a sheachaint a chuirtear i bhfeidhm faoi reachtaíocht náisiúnta um cháin a mhéid agus a leanann siad an loighic chéanna le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.
 - (c) Earraí/seirbhísí a sholáthar/a cheannach (cé is moite de sheirbhísí airgeadais) ar théarmaí an mhargaidh i ngnáthchúrsaí gnó, mar shampla earraí nó seirbhísí a sholáthar/a cheannach a dhéantar de réir nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.
 - (d) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoin méid aonair de EUR 1 milliún.

Tríú tír	Cineál ranníocaíochta airgeadais (*)	Tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochta airgeadais agus an eintitis deonúcháin (**)
Tír A	Cineál 1	
	Cineál 2	
	Cineál 3	
	Cineál 4	
	...	

Ranníocaíochtaí airgeadais measta iomlána arna ndéonú ag A: EUR [...] (***)

Tír B	Cineál 1	
	Cineál 2	
	Cineál 3	
	Cineál 4	
	...	

Ranníocaíochtaí airgeadais measta iomlána arna ndéonú ag B: EUR [...] (***)

Tír C		
...		

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Soláthair tábla ar leithligh le haghaidh gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu. Ba cheart tríú tíortha agus, i gcás inarb iomchuí, cineálacha na ranníocaíochtaí a chur in ord de réir mhéid iomlán na ranníocaíochta airgeadais eachtraí, ón méid is airde go dtí an méid is ísle.

- (*) Sainaithe na ranníocaíochtaí airgeadais á ngrúpáil de réir cineáil: amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíochta, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh na gníomhaíochtaí neamheacnamaíoch gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán 2022/2560), nó eile.
- (**) Tuairisc ghinearálta ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear i ngach cineál agus ar chuspóir an eintitis deonúcháin/na n-eintiteas deonúcháin. Mar shampla, 'díolúine ó cháin le haghaidh tháirgeadh táirge A agus gníomhaíochtaí R&D', 'roinnt iasachtaí le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit chun críoch X', 'roinnt bearta airgeadais le gníomhaireachtaí infheistíochta Stáit chun costais oibriúcháin a chumhdach/le haghaidh gníomhaíochtaí R&D', 'instealladh caipitil poiblí i gCuideachta X'.
- (***) Úsáid na raonta seo a leanas: 'EUR 45-100 milliún', 'EUR > 100-500 milliún', 'EUR > 500-1 000 milliún', 'níos mó ná EUR 1 000 milliún'.

C. Tuilleadh eolais

7. Na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar gach soláthar poiblí, d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar roinnt tosca amhail na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí lena mbaineann, cineál na ranníocaíochtaí airgeadais nó sainiúlachtaí eile an cháis. I bhfianaise na sainiúlachtaí sin, féadfaidís an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh i gcás ina measann sé faisnéis den sórt sin a bheith riachtanach le haghaidh a mheasúnaithe.

Tábla 2

Chun ranníocaíochtaí airgeadais ar lú a luach ná EUR 1 milliún agus ar mó a luach ná an luach a thugtar le fios i Roinn 7.4

Tríú tír	Tuairisc ghairid ar na ranníocaíochtaí airgeadais
Tír A	
Tír B	
Tír C	
...	

RIALACHÁN (AE) 2023/1442 ÓN gCOIMISIÚN**an 11 Iúil 2023****Lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia, i dtaca le hathruithe ar údaruithe substaintí agus substaintí nua a chur isteach****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fómhír, pointí (a), (d), (e), (h) agus (i), Airteagal 11(3) agus Airteagal 12(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos rialacha sonracha maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia. Go háirithe, le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 bunaítear liosta an Aontais de shubstaintí údaraithe is féidir a úsáid d'aon ghnó chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia a mhonarú.
- (2) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairimí eolaíocha breise maidir le substaintí nua a fhéadfar a úsáid in ábhair theagmhála bia ('FCM') agus maidir le húsáid substaintí atá údaraithe cheana féin. Ina theannta sin, sainithníodh débhríochtaí áirithe a bhain le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chun a áirithiú go gcuirfeadh dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil san áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, go háirithe na torthaí is déanaí ón Údarás, agus chun deireadh a chur le haon amhras maidir lena chur i bhfeidhm ceart, ba cheart an Rialachán sin a leasú.
- (3) Údaraithe an tsubstaint 'plúr adhmaid agus snáithíní adhmaid, neamhchóireáilte' (Uimh. FCM 96, 'adhmaid') faoi láthair mar bhreiseán in ábhair phlaisteacha theagmhála bia ar bhonn meastóireacht ón gCoiste Eolaíoch um Bia inar thángthas ar an gconclúid gur ábhair thámha iad plúr adhmaid agus snáithíní adhmaid. Mar sin féin, ina thuairim uaidh ⁽³⁾ i mí na Samhna 2019 ní raibh an tÚdarás in ann foras na conclúide sin a bhailíochtú. Dúirt sé nach féidir adhmaid a mheas mar ábhar támh *per se*, de bharr mhéid na substaintí ísealmheáchain mhóilíneacha ann. Thairis sin, ní léirítear sa tuairim aon choinníollacha faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil úsáid adhmaid i bpláistigh sábháilte, agus tugann sí dá haire, de bharr na ndifríochtaí ceimiceacha i gcomhdhéanamh na n-ábhar plandaí, nach mór sábháilteacht ascnamh na n-ábhar sin a mheas ar bhonn cás ar chás, agus aird á tabhairt ní hamháin ar an speiceas ach freisin ar an tionscnamh, ar an próiseáil, ar an gcóireáil le haghaidh comhoiriúnú leis an bpolaiméir óstach agus ar an measúnú ar na comhábhair ísealmheáchain mhóilíneacha a ascnaíonn isteach i mbia. Ós rud é nach gcuirtear na gnéithe sin san áireamh san údarú maidir le hadhmaid atá ann faoi láthair agus, dá bhrí sin, nach bhféadfar aird leordhóthanach a thabhairt ar úsáid shábháilte na substainte sin i bpláisteach, agus nach ndearna an tÚdarás foráil maidir le srianta eile a d'áiríteadh úsáid shábháilte na substainte sin i bpláisteach, ba cheart an t-údarú a chúlghairm.

⁽¹⁾ IO L 338, 13.11.2004, lch. 4.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2019;17(11):5902

- (4) An 29 Aibreán 2020, tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch ⁽⁴⁾ ina ndearnadh athbhreithniú ar na 451 substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, nach bhfuil aon teorainn ascnaimh shonrach ('SML') socraithe ina leith de bhun Airteagal 11(1)(e) den Rialachán sin. Mheas sé gur ghá athmheastóireacht a dhéanamh ar 284 de na substaintí sin chun a chinneadh an bhfuil gá le teorainn ascnaimh shonrach agus rinne sé iad a aicmiú i dtrí ghrúpa tosaíochta. Cuireadh trí shubstaint isteach sa 'ghrúpa ardtosaíochta'. As na trí shubstaint sin, is eol go n-úsáidtear stíreín (Uimh. FCM 193) go forleathan agus tá sí faoi réir athmheastóireachta cheana féin, agus maidir leis an tsubstaint aigéad lárach, eistear vinile (Uimh. FCM 436) chuir úsáideoir sonraí breise ar fáil don Údarás a léirigh go ndéanfadh athmheastóireacht í a aicmiú i ngrúpa tosaíochta níos ísle. Maidir leis an tríú substaint, aigéad salaicileach (Uimh. FCM 121), áfach, ní dhearna aon duine d'úsáideoirí na substainte sin teagmháil leis an gCoimisiún nó leis an Údarás, tar éis di a bheith curtha ar an liosta ardtosaíochta agus tar éis do sheirbhísí an Choimisiúin dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara maidir lena húdará a chúlghairm. Ní féidir leis an Údarás meastóireacht a dhéanamh ar úsáid substainte gan úsáideoir aitheanta a bheith ann, áfach, toisc go mbíonn air na coinníollacha úsáide a bheartaítear maidir leis an ábhar nó leis an earra ina n-úsáidí an tsubstaint a chur san áireamh, agus ní féidir le haon duine ach an t-úsáideoir faisnéis den sórt sin a sholáthar. Ina theannta sin, dá gcuirfí ar fáil an fhaisnéis sin, is ar a bonn, den chuid is mó, a dhéanfaí raon feidhme aon údaraíthe amach anseo a chinneadh, ar údarú é a d'fhéadfadh a bheith níos teoranta ná an t-údarú leathan atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ós rud é nach eol aon úsáid shonrach ná úsáideoir sonrach aigéad salaicileach, agus i bhfianaise na héiginnteachta maidir leis na coinníollacha úsáide faoina gcomhlíonadh úsáid na substainte sin Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, is iomchuí an t-údarú reatha d'aigéad salaicileach a chúlghairm.
- (5) Bunaithe ar thuairimí ón Údarás a glacadh in 2005 ⁽⁵⁾, tá cúig shubstaint ó ghrúpa ar a dtugtar 'taláit' de ghnáth, is iad sin Uimh. FCM 157 ('DBP'), Uimh. FCM 159 ('BBP'), Uimh. FCM 283 ('DEHP'), Uimh. FCM 728 ('DINP') agus Uimh. FCM 729 ('DIDP'), a údaraítear mar bhreiseáin lena n-úsáid mar phlaisteacháin agus mar oibreáin tacaíochta teicniúla in FCM plaisteach, faoi réir srianta sonracha ar úsáid agus teorainneacha ascnaimh.
- (6) Tar éis tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') a fháil in 2017 maidir le tograí srianta le haghaidh roinnt de na taláití sin ⁽⁶⁾, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás athmheasúnú a dhéanamh ar an riosca don tsláinte phoiblí ó thaláití a údaraítear lena n-úsáid i FCM plaisteach. Dá bhrí sin, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch an 18 Meán Fómhair 2019 ⁽⁷⁾ lena ndeimhnítear na TDInna aonair a leagtar amach ina thuairimí uaidh in 2005 i leith gach ceann de na cúig thaláití ach rinneadh é sin ar bhonn sealadach amháin (t-TDI), de dheasca roinnt teorainneacha agus éiginnteachtaí a bhain leis an measúnú, ar nithe iad ar cheart aghaidh a thabhairt orthu amach anseo.
- (7) Shuigh an tÚdarás t-TDI grúpa nua freisin, bunaithe ar shásra comhchoiteann gníomhaíochta is bun le héifeachtaí atáirgthe DBP, BBP agus DEHP, agus a n-acmhainneachtaí coibhneasta á gcur san áireamh. Anuas air sin, mheas an tÚdarás gurb iomchuí DINP a chur san áireamh i t-TDI an ghrúpa mar chur chuige coimeádach bunaithe ar a éifeachtaí neamhbhuan ar leibhéal téististéaróin féatais, agus an neart níos airde DINP ar an ae á chur san áireamh ag an am céanna. Maidir le t-TDI an ghrúpa i gcás DBP, BBP, DEHP agus DINP, shocraigh an tÚdarás é ag 50 micreagram in aghaidh an chileagram de mheáchan coirp ($\mu\text{g}/\text{kg bw}$) arna shloinneadh mar neart coibhéiseach DEHP. Níor chuir an tÚdarás DIDP san áireamh i t-TDI an ghrúpa agus shocraigh sé t-TDI aonair de 150 $\mu\text{g}/\text{kg bw}$ ina leith bunaithe ar éifeachtaí ar an ae, agus é i gcomhréir lena thorthaí ó 2005.
- (8) Chun an riosca a shaintréithriú tuilleadh, rinne an tÚdarás measúnú ar nochtadh cothúcháin mar chuid den tuairim chéanna. Cé nach raibh sé in ann an rannchuidiú ó FCM plaisteach a chinneadh go sonrach, rinne sé meastacháin maidir le nochtadh cothúcháin i gcás gach ceann de na cúig thaláití, meastacháin arb ionann iad agus na meastacháin ar na gcásanna is measa de nochtadh ó fhoinní FCM. Bunaithe ar mheasúnú comhiomlánaithe ar nochtadh cothúcháin i gcás DBP, BBP, DEHP agus DINP, tháinig sé ar an gconclúid gurb ionann nochtadh cothúcháin agus suas le 14 % de t-TDI an ghrúpa de 50 $\mu\text{g}/\text{kg bw}$ i gcás an mheántomhaltóra agus suas le 23 % de t-TDI an ghrúpa i gcás ardtomhaltóirí. Léiríonn na meastacháin maidir le DIDP go bhfuil nochtadh cothúcháin i bhfad faoi bhun an t-TDI de 150 $\mu\text{g}/\text{kg bw}$ i gcás meántomhaltóirí agus ardtomhaltóirí araon.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2020;18(6):6124

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2005; 3(9):242; EFSA Journal [Iris EFSA] 2005; 3(9):241; EFSA Journal [Iris EFSA] 2005; 3(9):243; EFSA Journal [Iris EFSA] 2005; 3(9):244, 1-18; EFSA Journal [Iris EFSA] 2005; 3(9):245

⁽⁶⁾ Tuairim ón gCoiste ECHA um Measúnú Riosca (RAC) agus ón gCoiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina molar srianta ar cheithre thaláit (DEHP, BBP, DBP, DIBP); ECHA/RAC/RES-O-0000001412-86-140/F agus ECHA/SEAC/RES-O-0000001412-86-154/F faoi seach. Ar fáil ar líne <https://echa.europa.eu/documents/10162/a265bf86-5fbd-496b-87b4-63ff238de2f7>.

⁽⁷⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2019;17(12):5838

- (9) Ina theannta sin, rinne an tÚdarás breithniú ar nochtadh tomhaltóirí do thaláití eile, go háirithe 1,2-bis (2-meitilpróipil) beinséin-1,2-décharbocsaíoláit (taláit dé-iseabúitile nó 'DIBP'; Uimh. FCM 1085; Uimhir CAS 84-69-5), ar substaint í nach n-údaráítear mar bhreiseán le haghaidh FCM plaisteach, ach a d'fhéadfadh a bheith i láthair ann i méideanna níos lú ina heisíontas nó mar thoradh ar a húsáid mar oibreán tacaíochta teicniúla i bpróiseas monaraíochta cineálacha áirithe plaistigh. Thug an tÚdarás dá aire go gcuireann DIBP go mór leis an nochtadh foriomlán agus leis an riosca do thomhaltóirí ó thaláití agus gur cheart don bhainisteoir riosca an nochtadh sin mar aon lena neart maidir le héifeachtaí atáirgthe a chur san áireamh freisin. Thug an tÚdarás dá aire freisin go n-eascraíonn nochtadh tomhaltóirí do thaláití as foinsí eile seachas an aiste bia. Rannchuidítear go suntasach le nochtadh iomlán taláití trína láithreach in earraí tomhaltóra agus in ábhair thógála agus trí theagmháil dheirmeach leo ina dhiaidh sin, chomh maith le hionanálú acir agus deannaigh sa timpeallacht laistigh.
- (10) Chun t-TDI an ghrúpa i gcás DBP, BBP agus DEHP agus breithnithe an Údaráis maidir le DIBP a chur san áireamh, agus, go háirithe, chun a áirithiú nach sáróidh nochtadh do na taláití sin ó FCM plaisteach t-TDI an ghrúpa, ba cheart teorainn ascnamh iomlán nua (SML(T)) a shuí. Ar mhaithe le soiléireacht agus simpliú, áfach, go háirithe maidir le comhlíonadh a bhunú nó le linn do rialuithe oifigiúla a dhéanamh i gcásanna nár úsáideadh ach ceann amháin de na taláití sin, ba cheart SMLanna aonair a choinneáil le haghaidh na dtaláití údaraithe agus é sin sa bhreis ar na SML(T)anna.
- (11) Cé gur chuir an tÚdarás DINP san áireamh i t-TDI an ghrúpa freisin, suíodh SML(T) i gcás DINP in éineacht le DIDP roimhe sin toisc gur meascáin iad a bhfuil forlú ceimiceach eatarthu agus nach bhféadfaí idirdhealú anailíseach a dhéanamh orthu i gcás comhtharlú. Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir le modhanna anailíseacha ó suíodh an SML(T) sin, tá gá fós le tuilleadh oibre bailíochtaithe sula bhféadfaí údaráis inniúla DINP agus DIDP a idirdhealú go rialta agus rialuithe oifigiúla á ndéanamh acu. Is iomchuí, dá bhrí sin, SML(T) ar leith a choinneáil le haghaidh shuim DINP agus DIDP agus toirmeasc a chur ar úsáid DINP in éineacht le DBP, BBP agus DEHP, agus in éineacht le DIBP chomh maith, i gcás ina bhféadfar é sin a úsáid mar oibreán tacaíochta teicniúla, chun aon chomhnochtadh féideartha ón FCM plaisteach céanna a sheachaint.
- (12) Agus é á chur san áireamh go meastar go mbeidh an nochtadh comhiomlánaithe ó FCManna agus ó fhoinsí seachas FCManna araon thart ar leibhéal an t-TDI, agus go bhféadfadh carnadh tarlú sa slabhra monaraíochta bia de bharr ascnamh ó threalamh próiseála bia agus ó phacáistíocht bia freisin, agus an leibhéal suntasach éiginnteachta maidir leis na meastacháin reatha le haghaidh nochtá á chur san áireamh, is iomchuí an nochtadh a chur san áireamh trí fhachtóir leithdháilte de 20 % i gcás DBP, BBP, DEHP agus DINP in FCM plaisteach. Agus an gá leis an SML(T) le haghaidh DINP agus DIDP a choinneáil á chur san áireamh, is iomchuí an fachtóir leithdháilte sin a úsáid le haghaidh gach ceann de na cúig thaláití agus an SML(T) agus na SMLanna aonair á sócrú.
- (13) Údaráítear an tsubstaint fosfónáit dé-eitile[[3,5-bis(1,1-démheitileitil)-4-hidrocsaifeinil]meitil] (Uimh. FCM 1007) i láthair na huaire lena húsáid suas le 0,2 % (meáchan/meáchan) bunaithe ar an meáchan polaiméire deiridh sa phróiseas polaiméirithe chun polai(teireataláit eitiléine) ('PET') a mhonarú. An 26 Eanáir 2022, tar éis dó iarratas a fháil ar úsáid na substainte sin a leathnú, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽⁸⁾ maidir lena húsáid suas le 0,1 % (meáchan/meáchan) bunaithe ar an meáchan polaiméire deiridh sa phróiseas polaiméirithe chun pola (2,5-fúráindécharbocsaláit eitiléine) ('PEF') a mhonarú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, nuair a úsáidtear an méid sin den tsubstaint, nár braitheadh ascnamh na substainte de bharr a hionchorpraithe sa slabhra poileistir. De bharr an ionchorpraithe sin, níl aon chúis ann ach an oiread, nuair a úsáidtear í in PEF ar leibhéal úsáide 0,2 % meáchan/meáchan, chun glacadh leis go mbeadh ascnamh na substainte i bhfad níos airde. Dá bhrí sin, ós rud é go n-eascraíonn úsáid shábháilte na substainte as í a ionchorprú go hiomlán sa pholaiméir, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus simplíocht, is iomchuí an t-údarú atá ann cheana maidir le leibhéal úsáide na substainte sin in PET ag 0,2 % meáchan/meáchan a shíneadh chuig monarú PEF freisin.

⁽⁸⁾ doi: 10.2903/j.efsa.2022.7172

- (14) Le Rialachán (AE) 2019/1338 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾ údaraíodh an tsubstaint Polai(R)-3-hiodrocsabúitráit-có-(R)-3-hiodrocsaiheacsánóait) ('PHBH', Uimh. FCM 1059). Dealraíonn sé, áfach, gur gá soiléiriú a dhéanamh ar shonraíocht maidir le húsáid cheadaithe na substainte sin. Ar thaobh amháin, ós rud é gur macramóilín é PHBH a fhaightear ó choipeadh miocróbach agus go gceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 go sonraítear go bhfaightear macramóilín ón gcoipeadh sin, ba cheart an tagairt don mhodh táirgthe sin a chur le sonraíocht PHBH. Ina theannta sin, leis an údarú ceadaítear tréimhse ghearr téamh suas, gan uasteocht a shonrú. In éagmais uasteochta, d'fhéadfaí téamh a cheadú ag teochtaí níos airde ná na teochtaí dá bhforáiltear sa tuairim ón Údarás ar ar údaraíodh an tsubstaint, tuairim a thagraíonn do dhálaí 'líonadh te', a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 mar theocht nach mó ná 100 °C tráth an líonta. Ina theannta sin, léirítear sa tuairim go bhfuil leáphointe sa raon 120–150 °C ag plaisteach a mhonaraítear leis an tsubstaint. Thairis sin, tugtar le tuiscint in éagmais uasteochta nach bhfuil sé soiléir cé na coinníollacha tástála ba cheart a úsáid chun comhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a fhíorú maidir leis an tsonraíocht a bhaineann leis an 'tréimhse ghearr téamh suas'. Ba cheart, dá bhrí sin, an tsonraíocht a shoiléiriú trí choinníoll úsáide a léiriú nach sáraíonn na coinníollacha teochta dá bhforáiltear sa tuairim.
- (15) Ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽¹⁰⁾ maidir le húsáid na substainte 'aigéad fosfarach, eistear trifheinile, polaiméir le alfa-hidrea-óimige-hiodrocsapola[ocsa(meitil-1,2-eatándé-il)], eistir ailcile C10–16 (Uimh. FCM 1076) mar bhreiseán suas le 0,025 % meáchan/meáchan i gcomhpholaiméirí acrílínitríle-bútaidhé-éin-stiréine (ABS). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní é úsáid na substainte maidir le sábháilteacht an tomhaltóra má úsáidtear í mar bhreiseán suas le 0,025 % meáchan/meáchan in ábhair agus earraí ABS lena n-úsáid aon uair amháin agus lena n-athúsáid agus iad i dteagmháil le bianna de chineál uiscí, aigéadach, alcólach agus de chineál eibleacht uisce-in-ola, le haghaidh stóráil fhadtéarmach ag teocht an tseomra agus faoina bun, agus mura sáraíonn an t-ascnamh 0,05 mg/kg bia. Ós rud é go ndearnadh na tástálacha ascnaimh chun úsáidí a mbíonn teagmháil le gach cineál bia i gceist leo a chumhdach, is iomchuí úsáid an bhreiseáin sin a údarú i leith monarú ábhar agus earraí ABS a bhíonn i dteagmháil le gach cineál bia le haghaidh gach úsáide ag teocht an tseomra agus faoina bun agus teorainn ascnaimh a leagan amach i gcomhréir leis an tuairim ón Údarás.
- (16) An 19 Meán Fómhair 2019, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽¹¹⁾ maidir le húsáid na substainte trís (2-eitilheicsil) beinséin-1,2,4-eistear trícharbocsaioiláit (Uimh. FCM 1078, uimhir CAS 3319-31-1), mar bhreiseán (plaisteachán) in FCM polai(viniolclóiríd) ('PVC'). Sa tuairim sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta é úsáid FCM Uimh. 1078 ar an iomlán nuair a úsáidtear é i monarú PVC bog. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a údarú dá réir sin. Mar sin féin, tá conclúid an Údaráis coinníollach ar ascnamh substainte nach mó ná 5 mg/kg bia. Ina theannta sin, thug an tÚdarás le fios gur cheart breithniú a dhéanamh ar fhachtóir leithdháilte a chur i bhfeidhm de bharr an rannchuidithe bhreise ó fhoinsí eile a d'fhéadfadh cur leis an nochtadh ó FCManna plaisteacha. I bhfianaise easpa sonraí nochta arna dtomhas go díreach maidir leis an tsubstaint sin i dtaca leis an daonra foriomlán ó gach foinse, is iomchuí fachtóir leithdháilte 20 % a chur i bhfeidhm go dtí go déanfar sonraí eolaíoch a iomchuí a sholáthar. Thairis sin, luaigh an tÚdarás ina thuairim uaidh nach gcumhdaítear lena mheastóireacht úsáid na substainte sin agus í i dteagmháil le 'bianna naíonán'. Dá bhrí sin, níor léiríodh maidir le húsáid na substainte sin agus í i dteagmháil le 'bianna naíonán' go gcomhlíonadh sí ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004. Dá bhrí sin, ba cheart údarú na substainte sin a bheith faoi réir teorann ascnaimh 1 mg/kg bia agus faoi réir srian lena gcuirtear cosc ar í a bheith i dteagmháil le bianna a cheaptar lena n-úsáid mar bhíanna do naíonán. Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht le srianta comhchosúla, is iomchuí tagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar 'naíonán' a leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2019/1338 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 209, 9.8.2019, lch. 5).

⁽¹⁰⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(8):6786.

⁽¹¹⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2019; 17(10):5864; ina thuairim uaidh, tagraíonn an tÚdarás do 'eistear triomailéiteach, trís(2-eitilheicsil)', ach tagraíonn an Rialachán seo dá ainm IUPAC 'trís(2-eitilheicsil) beinséin-1,2,4-trícharbocsaioiláit'.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonán agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

- (17) Thairis sin, ós rud é, le srian grúpa 32 i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, go leagtar amach SML(T) le haghaidh plaisteachán agus gur plaisteachán í an tsubstaint Uimh. FCM 1078 freisin, is iomchuí an srian grúpa sin a chur i bhfeidhm maidir leis an tsubstaint sin freisin. Ina theannta sin, chun aon amhras maidir le cineál an tsriain ghrúpa sin a shoiléiriú, is iomchuí a léiriú go mbaineann sé le plaisteacháin.
- (18) An 29 Aibreán 2020, tar éis don Údarás iarratas a fháil chun úsáid na substainte (trí-eatánólaimín-sárchlóráit, salann sóidiam) démhéir (Uimh. FCM 1080) a údarú mar bhreiseán in PVC docht le haghaidh buidéal athúsáide a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le huisce, ghlac sé tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽¹³⁾ maidir leis an úsáid sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go mbeadh a húsáid sábháilte dá mbeadh sí i dteagmháil le huisce agus le bianna uiscí aigéadacha, amhail súnna torthaí, mar, in uisce agus i mbianna uiscí aigéadacha araon, déanann an tsubstaint (trí-eatánólaimín-sárchlóráit, salann sóidiam) démhéir a dhícheangal go hiomlán ina trí-eatánólaimín agus ina sárchlóráit. Tá an dá shubstaint sin san áireamh cheana i liosta an Aontais de shubstaintí údaraithe, trí-eatánólaimín mar Uimh. FCM 793 le teorainn ascnaimh 0,05 mg/kg, agus sárchlóráit mar Uimh. FCM 822 le teorainn ascnaimh 0,002 mg/kg. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart feidhm a bheith ag na teorainneacha sin maidir le Uimh. FCM 1080 freisin toisc, i gcás ina n-úsáidtear an tsubstaint i bplaisteach atá i dteagmháil le huisce agus le bianna uiscí aigéadacha, tá a sábháilteacht faoi rialú iomlán ag na teorainneacha ascnaimh a bunaíodh don dá shubstaint sin de dheasca a díthiomsaithe. Thairis sin, dheimhnigh an tÚdarás gur cheart ascnamh FCM Uimh. 822 a shloinneadh mar shárchlóráit ⁽¹⁴⁾. Is iomchuí, dá bhrí sin, dhá shrian grúpa a bhunú i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, lena gcuimsítear substaint Uimh. FCM 1080 mar aon le substaint Uimh. FCM 793 i ngrúpa amháin, agus substaint Uimh. FCM 822 arna sloinneadh mar shárchlóráit sa ghrúpa eile. Is iomchuí, dá bhrí sin, substaintí Uimh. FCM 793 agus 822 a leasú dá réir sin, agus an tsubstaint (trí-eatánólaimín-sárchlóráit, salann sóidiam) démhéir (Uimh. FCM 1080) a áireamh mar bhreiseán i liosta an Aontais de shubstaintí údaraithe, agus an srian ann nár cheart í a úsáid ach amháin le bianna a áirítear sa chatagóir bia a bhfuil uimhir thagartha 01.01.A ag gabháil léi i dtábla 2 d'Iarscríbhinn III a chuimsíonn uisce agus na bianna uiscí aigéadacha a rinne an tÚdarás a mheas.
- (19) Tar éis don Údarás iarratas a fháil ar úsáid na substainte N, N-bis(2-hiodrocsa-eitil)stéaralaimín a eistear go páirteach le haigéid shailleacha C16/C18 sáithithe (Uimh. FCM 1081) a údarú mar bhreiseán, in FCM plaisteach a bhíonn i dteagmháil le bianna tirime, le bianna aigéadacha agus le deochanna alcólacha a bhféadfaí a stóráil suas le sé mhí ag teocht chomhthimpeallach, ghlac sé tuairim eolaíoch pháirtfhabhrach ⁽¹⁵⁾ maidir leis an úsáid sin. Mar chuid dá mheastóireacht, rinne an tÚdarás breithniú ar na sonraí ascnaimh a chuir an t-iarratasóir ar fáil chun tástáil a dhéanamh maidir le dálaí stórála ar feadh tréimhse os cionn sé mhí ag teocht an tseomra agus faoina bun. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir é N,N-bis(2-hiodrocsa-eitil)stéaralaimín nuair a úsáidtear é suas le 2 % (meáchan/meáchan) i ngach polaiméir nach bhfuil beartaithe lena dteacht i dteagmháil ach le bianna tirime, ar choinníoll maidir le hascnamh suim N,N-bis(2-hiodrocsa-eitil)stéaraimín agus a mhona-eistear agus a dhé-eistear, arna ríomh mar N,N-bis(2-hiodrocsa-eitil)stéaraimín, nach sáraíonn an t-ascnamh SML(T) i gcás substaintí Uimh. FCM 19 agus 20, ina raibh, de réir an Údaráis, ascnamh mona-eistear agus dé-eistear N,N-bis(2-hiodrocsa-eitil)stéaralaimín le háireamh freisin. Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid na substainte sin a údarú suas le 2 % (meáchan/meáchan) le haghaidh monaraíocht FCM plaisteach nach bhfuil beartaithe lena dteacht i dteagmháil ach le bianna tirime ag teocht an tseomra, agus ba cheart í a áireamh sa srian grúpa a leagtar síos le haghaidh na substaintí a bhfuil Uimh. FCM 19 agus 20 iontu.
- (20) Mheas an tÚdarás freisin, áfach, nár fhág na sonraí a cuireadh ar fáil go bhféadfaí measúnú sábháilteachta a dhéanamh ar an tsubstaint le Uimh. FCM 1081 ann i gcás teagmháil le bianna aigéadacha agus le deochanna alcólacha, agus léirigh sé go mbeadh ascnamh ard ann i gcás teagmháil le bianna sailleacha go háirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí maolú a dhéanamh ar an riosca intuartha go n-úsáidfeadh tomhaltóirí plaisteach ina mbeadh an tsubstaint sin i gcás teagmháil le bianna eile seachas bianna tirime. Chun na críche sin, níor cheart an tsubstaint sin a úsáid ach amháin in iarratais ar úsáid i gcás pacáistíú bia ag oibreoirí gnólachtaí bia. Ina theannta sin, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfadh méadú teacht ar an ráta ascnaimh i gcás leibhéal níos ísle eistearúcháin agus go bhféadfadh an ráta ascnaimh sin teorainneacha ascnaimh a sháru i gcás tiús níos airde den ábhar plaisteach ina n-úsáidtear í, agus go bhféadfadh paraiméadair eile, cur i gcás polaraíocht na polaiméire, a bheith ábhartha freisin. Dá bhrí sin, is iomchuí a léiriú i nóta maidir le comhlíonadh a fhíorú go bhfuil baol ann go bhféadfar teorainneacha ascnaimh a sháru ag brath ar thiús an ábhair, ar pholaraíocht na polaiméire agus ar mhéid eistearúcháin na substainte féin.

⁽¹³⁾ EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(5): 6046..

⁽¹⁴⁾ Scientific panel on FCM, Enzymes, and processing SEIF (CEP) [an Painéal Eolaíoch ar FCM, Einsimí agus áiseanna próiseála], *Minutes of the 19th meeting of the working group on FCM 2018-2021* [Miontuairiscí ón 19^ú cruinniú den mheitheal maidir le FCM 2018-2021, 30 Meán Fómhair 2020, pointe 7(I)].

⁽¹⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(3):6047.

- (21) Ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽¹⁶⁾ maidir le húsáid na substainte aigéad fosfarach, eistir mheasctha le meataicrioláit 2-hidrocsa-eitile (Uimh. FCM 1082) i gcomhchodaigh atá bunaithe ar pholamheiteataicrioláit a bheartaítear lena dteacht i dteagmháil le gach cineál bia arís agus arís eile. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar inmí sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint má úsáidtear í mar chomh-mhonaiméir suas le 0,35 % meáchan/meáchan, agus ar choinníoll nach dtéann a hascnamh thar 0,05 mg/kg bia arna shloinneadh mar shuim mona-eistir, dé-eistir agus tríeistir d'aigéad fosfarach agus mona-eistir, dé-eistir agus tríeistir d'aigéad défhosfair. Cé gur thagair an tÚdarás d'úsáid na substainte seo i 'comhchodaigh', d'fhéadfaí a chumhdach leis an téarma sin freisin ábhair nach polaiméirí iad agus, dá bhrí sin, nach plaisteach iad de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 10/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid na substainte tosaithe sin a údarú i monarú polamheitiolmeataicrioláite suas le 0,35 % meáchan/meáchan agus teorainn ascnaimh a leagan síos de réir na tuairime ón Údarás.
- (22) Ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽¹⁷⁾ maidir le húsáid na substainte tosaigh dé-ainhidríd beinseafeanóin-teitrecarbocsailigh-3,3', 4, 4' (BTDA) (Uimh. FCM 1083). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar inmí don tomhaltóir í úsáid shubstaint BTDA má chuirtear i bhfeidhm í suas le 43 % mar chomh-mhonaiméir i dtáirgeadh poilimídí le haghaidh úsáid lena ndéantar teagmháil arís agus arís eile le bianna aigéadacha agus bianna sailleacha ag teochtaí suas le 250 °C, ar choinníoll nach mó ná 0,05 mg/kg ascnamh BTDA. Maidir leis na tástálacha ascnaimh sonracha ar ar a mbonn a tháinig an tÚdarás ar chonclúid fhabhrach maidir le húsáid na substainte sin, ós rud é go ndearnadh na tástálacha sin faoi choinníollacha athúsáide le haigéad aiséiteach (ionsamhlach B) agus le hola olóige (ionsamhlach D2), agus ós rud é gur thug an tÚdarás faoi deara nach mbeadh ábhar inmí ann fiú dá n-úsáidí í i gcásanna nuair nach athúsáid atá i gceist, is iomchuí úsáid na substainte tosaithe sin a údarú lena húsáid i monarú poilimídí suas le 43 % meáchan/meáchan polaiméir a bhíonn i dteagmháil le bianna nach leagtar síos ach ionsamhlacha B agus/nó D2 ina leith i dtábla 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ag teochtaí suas le 250 °C, agus i gcás ina bhfuil an úsáid sin faoi réir teorainn ascnaimh 0,05 mg/kg bia.
- (23) Chun gur féidir le hoibreoírí oiriúnú do na hathruithe ar údaruithe áirithe atá ann cheana a leagtar amach sa Rialachán seo, is iomchuí go ndéantar a fhoráil maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, de réir mar is infheidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go gceadófar iad a chur ar an margadh den chéad uair ar feadh idirthréimhse 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus go bhfanfaidh siad ar an margadh go dtí go n-ídeofar na stoic. Mar sin féin, is iondúil go mbíonn soláthar roinnt táirgí agus substaintí ó chéimeanna idirmheánacha monaraíochta ag oibreoírí eile i gceist le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha deiridh a tháirgeadh. Ar mhaithe le sábháilteacht an tomhaltóra, ba cheart an t-aistriú chuig comhlíonadh iomlán an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir, agus a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, maidir le hoibreoírí a mhonaraíonn táirgí idirmheánacha agus substaintí nach gcomhlíonann an Rialachán seo go fóill, ba cheart a cheangal orthu úsáideoirí a bhaineann úsáid as na táirgí sin cheana féin a chur ar an eolas laistigh de naoi mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nach féidir na táirgí sin, mar a fhoráiltear dóibh, a úsáid chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonarú ar rudaí iad atá le cur ar an margadh tar éis dheireadh na hidirthréimhse 18 mí.
- (24) Leis an Rialachán seo, cúlghairtear na húdaruithe le haghaidh na substaintí 'plúr adhmaid agus snáithíní adhmaid, neamhchóireáilte' (Uimh. FCM 96) agus aigéad salaicileach (Uimh. FCM 121) toisc nach féidir a shuí maidir leis na húdaruithe sin, mar atá siad faoi láthair, go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1935/2004 ós rud é go mbeadh gá le faisnéis faoi shubstaintí sonracha nó faoi úsáidí sonracha na substaintí sin chun a áirithiú nach rachaidh na húdaruithe sin thar a bhfuil sábháilte. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh aistriú rianúil ann chuig údaruithe a d'fhéadfadh a bheith níos teoranta i gcás ina measfaidh oibreoírí atá ag monarú nó ag baint úsáid as na substaintí sin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go gcomhlíonann roinnt úsáidí sonracha Rialachán (AE) Uimh. 1935/2004, is iomchuí cead a thabhairt ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonaraítear leis na substaintí sin a chur ar an margadh ar choinníoll go gcuirtear isteach iarratas ar údarú na n-úsáidí sonracha sin laistigh de thréimhse chomhréireach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Maidir le plúr adhmaid neamhchóireáilte agus snáithíní adhmaid neamhchóireáilte, ós rud é gur mheas an tÚdarás ina tuairim uaidh i dtaca le hadhmad gur gá meastóireacht a dhéanamh ar ábhair ar nós adhmaid ar bhonn cás ar cás, meastóireacht atá spriocdhírthe ar an speiceas, ba cheart an t-iarratas sin a bheith sonrath do speiceas áirithe adhmaid.

⁽¹⁶⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(5):6120.

⁽¹⁷⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(7):6183.

- (25) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 de réir mar is infheidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ábhair agus earraí a cuireadh ar an margadh den chéad uair roimh an 1 Feabhra 2025, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí go n-ídeofar stoic.

2. I gcás táirge ó chéim idirmheánach de mhonarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha nó substainte a bheartaítear chun táirge, ábhar nó earra den sórt sin a mhonarú, ar táirge nó substaint iad a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 mar is infheidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a chuirtear ar an margadh den chéad uair tar éis an 1 Bealtaine 2024 agus nach gcomhlíonann an Rialachán seo, léireofar sa dearbhú comhlíontachta atá ar fáil don tsubstaint nó don táirge sin nach gcomhlíonann sí nó sé na rialacha reatha, agus nach féidir í nó é a úsáid ach amháin i monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha atá le cur ar an margadh roimh an 1 Feabhra 2025.

3. Ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonaraítear le haigéad salaicileach (Uimh. FCM 121) nó a mhonaraítear le plúr adhmaid neamhchóireáilte nó le snáithíní adhmaid neamhchóireáilte ó speiceas sonrach adhmaid, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh den chéad uair tar éis an 1 Feabhra 2025 ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) Gur cuireadh iarratas ar údarú na substainte sin nó an phlúir adhmaid neamhchóireáilte nó an tsnáithín adhmaid neamhchóireáilte sin ó speiceas sonrach adhmaid faoi bhráid an údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 roimh an 1 Lúnasa 2024;
- (b) maidir leis an tsubstaint sin nó an plúr neamhchóireáilte nó an snáithín adhmaid neamhchóireáilte sin ó speiceas sonrach adhmaid chun ábhar plaisteach agus earra plaisteach a mhonarú, agus úsáid an ábhair agus an earra sin, beidh an úsáid sin teoranta do na coinníollacha úsáide a bheartaítear a bhfuil tuairisc orthu san iarratas;
- (c) san fhaisnéis a sholáthraítear don Údarás i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, go bhfuil ráiteas á rá gur iarratas atá ann atá i gcomhréir leis an mír seo, agus
- (d) Mheas an tÚdarás go bhfuil an t-iarratas bailí.

4. Ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonaraítear leis an tsubstaint nó leis an bplúr adhmaid neamhchóireáilte nó leis an snáithín adhmaid neamhchóireáilte atá faoi réir iarratais, féadfar leanúint dá n-úsáid ansin go dtí go dtarraingeoidh an t-iarratasóir a iarratas siar nó go dtí go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndeonaítear nó lena ndiúltaítear an t-údarú chun an tsubstaint sin nó plúr adhmaid nó snáithín adhmaid a úsáid de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 1, Tábla 1 mar a leanas:

- (a) scriostar iontráil 96 maidir le plúr adhmaid agus snáithíní adhmaid, neamhchóireáilte, agus iontráil 121 maidir le haigéad salaicileach;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 157 maidir le haigéad talach, eistear dé-bhúitile:

'157	74880	000008-4-74-2	aigéad talach, eistear dé-bhúitile ('DBP')	úsáid	ná húsáid	neamh-infheidhme	0,12	(32) (36)	Ná húsáidtear ach mar seo a leanas: (a) plaisteachán in ábhair agus earraí athúsáide a bhíonn i dteagmháil le bianna neamhshailleacha; (b) oibreán tacaíochta teicniúil i bpololaifíní i dtiúchain suas le 0,05 % (meáchan/meáchan) sa táirge deiridh.	(7)
------	-------	---------------	--	-------	-----------	------------------	------	--------------	--	-----

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 159 maidir le haigéad talach, eistear búitile beinsile:

'159	74560	000008-5-68-7	aigéad talach, eistear búitile beinsile ('BBP')	úsáid	ná húsáid	neamh-infheidhme	6	(32) (36)	Ná húsáidtear ach mar seo a leanas: (a) plaisteachán in ábhair agus earraí athúsáide; (b) plaisteachán in ábhair agus earraí aon úsáide a bhíonn i dteagmháil le bianna neamhshailleacha seachas i gcás bainne foirmle agus bainne foirmle leantach do naionáin (*); (c) oibreán tacaíochta teicniúil i dtiúchain suas le 0,1 % (meáchan/meáchan) sa táirge deiridh.	(7)
------	-------	---------------	---	-------	-----------	------------------	---	--------------	---	-----

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 283 maidir le haigéad talach, eistear bis(2-eitilheicsil):

'283	74640	000011-7-81-7	aigéad talach, eistear bis (2-eitilheicsil) ("DEHP")	úsáid	ná húsáid	neamhinfheidhme	0,6	(32) (36)	Ná húsáidtear ach mar seo a leanas: (a) plaisteachán in ábhair agus earraí athúsáide a bhíonn i dteagmháil le bianna neamhshailleacha; (b) oibreán tacaíochta teicniúil i dtiúchain suas le 0,1 % (meáchan/meáchan) sa táirge deiridh.	(7)
------	-------	---------------	--	-------	-----------	-----------------	-----	--------------	--	-----

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 728 maidir le haigéad talach, dé-eistir le halcóil phríomhúla, sháithithe, bhraintsithe C₈-C₁₀, níos mó ná 60 % C₉:

'728	75100	006851-5-48-0-002855-3-12-0	aigéad talach, dé-eistir le halcóil phríomhúla, sháithithe, bhraintsithe C ₈ -C ₁₀ níos mó ná 60 % C ₉ ("DINP")	úsáid	ná húsáid	neamhinfheidhme		(26) (32)	Ná húsáidtear ach mar seo a leanas: (a) plaisteachán in ábhair agus earraí athúsáide; (b) plaisteachán in ábhair agus earraí aon úsáide a bhíonn i dteagmháil le bianna neamhshailleacha seachas i gcás bainne foirmle agus bainne foirmle leantach do naíonáin (") (c) oibreán tacaíochta teicniúil i dtiúchain suas le 0,1 % (meáchan/meáchan) sa táirge deiridh. Ná húsáidtear i gcomhcheangal le substaintí FCM 157, 159, 283, ná 1085.	(7)
------	-------	-----------------------------	--	-------	-----------	-----------------	--	--------------	---	-----

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 793 maidir le trí-eatánolaimín:

'793	94000	000010-2-71-6	trí-eatánolaimín	úsáid	ná húsáid	neamhinfheidhme		(37)		
------	-------	---------------	------------------	-------	-----------	-----------------	--	------	--	--

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 822 maidir le haigéad sárchlórach, salainn (sárchlóráit):

'822	71983	14797-7-3-0	Aigéad sárchlórach, salainn (sárchlóráit)	úsáid	ná húsáid	neamhinfheidhme		(38)		
------	-------	-------------	---	-------	-----------	-----------------	--	------	--	--

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1007 maidir le fosfónáit dhé-eitil[[3,5-bis(1,1-démheitileitil)-4-hiodrocsaifeinil]meitil]:

'1007		976-56-7	fosfónáit dhé-eitil [[3,5-bis(1,1-démheitileitil)-4-hiodrocsaifeinil]meitil]	ná hús-áid	úsá-id	nea-mh-inf-hei-dh-me			Ná húsáidtear thar 0,2 % (meáchan/meáchan) bunaithe ar an meáchan polaiméire deiridh sa phróiseas polaiméirithe chun polai(teireataláit eitiléine) (PET) agus poil (dhécharbocsaláit eitiléin 2,5-fúrán) (PEF) a mhonarú'
-------	--	----------	--	------------	--------	----------------------	--	--	---

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1059 maidir le pola((R)-3-hiodrocsabútaráit-(R)-3-dé-hiodrocsa-heacsánóáit):

'1059		147398--31-0	Pola((R)-3-hiodrocsabútaráit-(R)-3-dé-hiodrocsa-heacsánóáit) (PHBH)	ná hús-áid	úsá-id	nea-mh-inf-hei-dh-me	(35)	Is macramóilín í an tsubstaint a fhaightear ó choipeadh miocróbach. Ná húsáidtear ach faoi dhálaí teochta nach sáraíonn na coinníollacha a shainmhínítear i bpointe 2.1.4(d) d'Iarscríbhinn V. Ascnamh gach olagaiméire ag a bhfuil meáchan móilíneach faoi bhun 1 000 Da, ní rachaidh sé thar 5,0 mg/kg bia.	(23)
-------	--	--------------	---	------------	--------	----------------------	------	---	------

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1076 maidir le haigéad fosfarach, eistear trífhéinil, polaiméir ag a bhfuil alfa-hidrea-óimige-hiodrocsapola[ocsai(meitil-1,2-eatándé-il)], eistear ailcile C10-16:

'1076		122793-7-46-3	Aigéad fosfarach, eistear trífhéinil, polaiméir le halfa-hidrea-óimige-hiodrocsapola [ocsai (meitil-1,2-eatándé-il)], eistear ailcile C10-16	úsá-id	ná hús-áid	nea-mh-inf-hei-dh-me	0,05	Ná húsáidtear ach mar a leanas: a) mar bhreiseán suas le 0,2 % meáchan/meáchan in ábhair pholaistiréine ardtionchair agus earraí polaistiréine ardtionchair atá beartaithe le bheith i dteagmháil le bia ag teocht an tseomra agus faoina bun, lena n-áirítear líonadh te agus/nó téamh suas le 100 °C ar feadh suas le 2 uair an chloig. Ní úsáidfeair é i gcás teagmháil le bianna a sanntar an t-ionsamhlach C agus/nó D1 ina leith in Iarscríbhinn III.
-------	--	---------------	--	--------	------------	----------------------	------	--

									(b) mar bhreiseán suas le 0,025 % meáchan/meáchan in ábhair stíreín bhútaidh-éine aicrilinítríle (ABS) lena n-úsáid ag teocht an tseomra agus faoina bun'
--	--	--	--	--	--	--	--	--	---

(k) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach ag deireadh Thábla 1 in ord uimhreach:

'1078		3319-3-1-1	trís(2-eitilheicsil) bein-séin-1,2,4-trí-charbocsaláit	úsáid	ná húsáid	neamh-infheidhme	1	(32)	Ná húsáidtear ach mar phlaisteachán chun clóiríd polaivinile bhog a mhonarú. Ná húsáidtear i gcás teagmháil le bianna atá beartaithe do naíonáin (')	
1080		156157-97-0	(tré-eatánólaimín-sárchlóráit, salann sóidiam) démhéir	úsáid	ná húsáid	neamh-infheidhme		(37) (38)	Ná húsáidtear ach i gclóiríd polaivinile dhocht a bhíonn i dteagmháil le bianna a áirítear sa chatagóir bia ag a bhfuil uimhir thagartha 01.01.A i dtábla 2 d'Iarscríbhinn III	
1081		-	N, N-bis (2-hiodrocsa-eítíl)stéirilimín eistearaithe go páirteach le aigéid shailleacha sáithithe C16/C18	úsáid	ná húsáid	neamh-infheidhme		(7)	Ná húsáidtear thar 2 % (meáchan/meáchan) in ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe do phacáistiú bianna tirime ag oibreoirí gnólachtaí, ar bhianna tirime iad a sanntar ionsamhlach E i dtábla 2 d'Iarscríbhinn III ina leith.	(30)
1082		52628--03-2	Aigéad fosfarach, eistir mheasctha le meataicrioláit 2-hiodrocsa-eitile	ná húsáid	úsáid	neamh-infheidhme	0,05		Ná húsáidtear thar 0,35 % (meáchan/meáchan) chun polaiméitilmeataicrioláit a mhonarú. SML arna shloinneadh mar shuim na mona-eistear, na ndé-eistear agus na dtrí-eistear aigéid fhosfaraigh agus na mona-eistear, na ndé-eistear, na dtrí-eistear d'aigéad dhéfhosfarach	

1083		2421-2-8-5	Dé-ainhidríd beinseafeanóin-teitreatcarbocsaigh -3,3',4,4' ('BTDA')	ná hús-áid	úsáid	neamh-infheidhme	0,05		Ná húsáidtear thar 43 % (meáchan/meáchan) mar chomh-mhonaiméir i dtáirgeadh poilimídí lena n-úsáid i gcás teagmháil le bianna nach leagtar síos ach ionsamhlaigh B agus/nó D2 ina leith i dtábla 2 d'Iarscríbhinn III ag teochtaí suas le 250 °C.'
------	--	------------	---	------------	-------	------------------	------	--	--

(1) Bia do naíonáin, bainne foirmle agus bainne foirmle leantach do naíonáin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia atá beartaithe lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).'

(2) i bpointe 2, leasaítear tábla 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 7:

'7	19 20 1081	1,2	arna shloinneadh mar aimín treasach'
----	------------------	-----	--------------------------------------

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 26:

'26	728 729	1,8	arna shloinneadh mar shuim na substaintí'
-----	------------	-----	---

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 32:

'32	8 72 3 138 140 157 159 207 242 283 532 670 728 729 775 783 797 798 810 815 1078 1085*	60	arna shloinneadh mar shuim na substaintí (plaisteacháin) * Taláit dé-iseabúitile, Uimh. FCM 1085, le comhchiallaigh 1,2-bis (2-meitilpróipil) beinséin-1,2-décharbocsaláit nó 'DIBP' agus uimhir CAS 84-69-5 ní liostaítear é mar shubstaint údaráithe i dTábla 1. Mar sin féin, féadfaidh sí a bheith ann ag an tráth céanna le taláit eile mar thoradh ar a húsáid mar chabhair do pholaiméiriú agus áirítear í i srianta grúpa agus Uimh. FCM 1085 sannta di.'
-----	--	----	--

(d) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

36	157 159 283 1085*	0,6	suim d'aigéad talach, eistear dé-bhúitile (DBP), taláit dé-iseabúitile (DIBP), aigéad talach, eistear búitile beinsile (BBP) agus aigéad talach, eistear bis(2-eitilheicsil) (DEHP) arna sloinneadh mar choibhéisí DEHP agus úsáid á baint as an gcothromóid seo a leanas: $DBP*5 + DIBP*4 + BBP*0,1 + DEHP*1$. * Féach an ráiteas ar FCM Uimh. 1085 i ró 32
37	793 1080	0,05	arna shloinneadh mar shuim de thrí-eatánólaimín agus den aducht hidreaclóiríd arna sloinneadh mar thrí-eatánólaimín
38	822 1080	0002	arna shloinneadh mar shárchlóráit – tá feidhm ag nóta 4 de thábla 3'

(3) i bpointe 3, tábla 3 cuirtear an mhír seo a leanas leis:

(30)	Tá baol ann go sárófar teorainneacha ascnaimh; méadaíonn an t-ascnamh le tiús an phlaistigh ina bhfuil an tsubstaint, agus le polaraíocht laghdaitheach na polaiméire agus le leibhéal laghdaitheach eistearúcháin na substainte féin'
------	--

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1443 ÓN gCOIMISIÚN
an 11 Iúil 2023

maidir le húdarú ullmhóide *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le breiseáin a údarú lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh an ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 (a sainaitníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus plantarum* DSM 19457) ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sa tuairim uaidh an 22 Samhain 2022 ⁽³⁾ gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil an ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaoil faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl é an breiseán ach, mar gheall ar a nádúr próitéineach, gur cheart a mheas gur íogróir riospráide é. In éagmais sonraí, ní fhéadfadh an tÚdarás teacht ar chonclúid maidir le hacmhainneacht an bhreiseáin a bheith ina íogróir craicinn.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sa mheasúnú roimhe seo bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2012 maidir leis na hullmhóidí *Lactobacillus plantarum* (DSM 23375, CNCM I-3235, DSM 19457, DSM 16565, DSM 16568, LMG 21295, CNCM MA 18/5U, NCIMB 30094, VTT E-78076, ATCC PTSA-6139, DSM 18112, DSM 18113, DSM 18114, ATCC 55943 agus ATCC 55944) a údarú mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 314, 14.11.2012, lch. 15).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EPSA], 2023;21(1):7697.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

- (6) Léiríonn an measúnú ar an ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú na hullmhóide sin a athnuachan.
- (7) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (8) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 a leasú dá réir.
- (9) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 19457 a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ar ullmhóid í a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíochta' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1065/2012, scriostar iontráil 1k20718 a bhaineann le '*Lactobacillus plantarum* (DSM 19457)'.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn agus an bheatha a bhfuil sí inti, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Lúnasa 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					CFU/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k20718	<i>Lactiplantibacillus plantarum</i> DSM 19457	<p>Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> DSM 19457 ina bhfuil íoschion 1×10^{10} CFU/g de bhreiseán</p> <p>Foirm sholadach</p> <p>Tréithriú na substainte gníomhaí</p> <p>Cealla inmharthana</p> <p><i>Lactiplantibacillus plantarum</i> DSM 19457</p> <p>Modh anailíse ⁽¹⁾</p> <p>Áireamh <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> DSM 19457 sa bhreiseán beathaithe:</p> <p>— Modh an leata ar phláta ar Agar MRS (EN 15787)</p> <p>Sainaitheint <i>Lactiplantibacillus plantarum</i> DSM 19457:</p> <p>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-		-	<ol style="list-style-type: none"> Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le mioc-rorgánach eile mar bhreiseáin sadhlais: 5×10^7 CFU/kg d'ábhar úr. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don anáil a úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin. 	1 Lúnasa 2033.

⁽¹⁾ Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1444 ÓN gCOIMISIÚN
an 11 Iúil 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

- (1) An 14 Samhain 2022, thosaigh an Coimisiún Eorpach (an 'Coimisiún') iniúchadh frithdhumpála maidir le hallmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an PCR') agus na Tuirce iad ('na tíortha lena mbaineann'), bunaithe ar Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh an Coimisiún Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾ ('an Fógra Tionscnaimh').
- (2) Rinne an Coimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh tar éis do Laminados Losal S.A.U gearán a thaisceadh an 30 Meán Fómhair 2022 ('an gearánach'). Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais le haghaidh plátaí ceannbheannacha cruach de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Clárúchán

- (3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta, mura mbíonn fianaise leordhóthanach aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcoítear leis na ceanglais faoi phointí (c) nó (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.
- (4) Níor iarr an gearánach clárú agus chinn an Coimisiún nár comhlíonadh na ceanglais faoi phointe (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. De bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor tháinig méadú suntasach eile ar allmhairí ina dhiaidh sin.
- (5) De bharr na gcúiseanna atá leagtha amach i roinn 4.3.1 thíos, chinn an Coimisiún na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a chnardh chun críche na hanailíse a bhfuil cur síos uirthi sna haithrisí thuas. In anailís ar na sonraí a bhaintear as an mBunachar Sonraí Faireachais agus ar na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sna tíortha lena mbaineann gur tháinig laghdú de 2 % ar mhéid carnach na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sna chéad cheithre mhí iomlána (i.e. ó Nollaig 2022 go dtí Márta 2023) tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú de 15 % ar an meánmhéid míosúil d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na chéad cheithre mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis an meánmhéid míosúil d'allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach faoi réir clárúcháin faoi Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse réamhnochta.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála i dtaca le hallmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, IO C 431, 14.11.2022, lch. 11.

1.3. Páirtithe leasmhara

- (6) San Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach mar aon leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, allmhaireoirí aitheanta, soláthraithe agus úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais fios iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh.
- (7) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus iarraidh ar éisteacht leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.4. Barúlacha maidir le tionscnamh

- (8) Tar éis an tionscnaimh, fuarthas tuairimí ó Rialtas na Tuirce, an táirgeoir onnmhairithe Turcach Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş ('Özkan Demir'), úsáideoir an Aontais Fincantieri S.p.A. ('Fincantieri') agus an t-allmhaireoir neamhghaolmhar Baglietto s.r.l. ('Baglietto').
- (9) Mhaígh Rialtas na Tuirce agus Fincantieri araon, i measc nithe eile, go raibh an gearán ag brath an iomarca ar fhaisnéis rúnda, go háirithe maidir le leibhéal na mionsonraí a bhain le táscairí maicreacnamaíochta thionscal an Aontais, chomh maith le hiarscríbhinní áirithe a bhí ag gabháil leis an ngearán. Mhaígh an dá pháirtí nár leor mar sin an leagan neamhrúnda chun ligean do na páirtithe barúlacha fiúntacha a sholáthar ar na táscairí díobhála agus ar na líomhaintí arna leagan amach sa ghearán.
- (10) Déantar foráil le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán maidir le faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste suntasach iomaíochta ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis. Ós rud é go mbaineann an gearán le faisnéis táirgeora Aontais amháin, nó le faisnéis an táirgeora Aontais sin i gcomhcheangal le faisnéis agus le staidreamh atá ar fáil go poiblí, chuir an gearánach na figiúirí ábhartha ar fáil i raonta fiúntacha ar chúiseanna rúndachta. Ar an gcaoi chéanna, sholáthair an gearánach leagan neamhrúnda de na hiarscríbhinní nó achoimre bhríoch ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil. Mheas an Coimisiún mar sin maidir leis an leagan neamhrúnda den ghearán a bhí ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara go raibh an fhianaise riachtanach go léir agus na hachóimrí neamhrúnda ar na sonraí rúnda a cheadaíonn do pháirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú i gceart. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.
- (11) Chuir Rialtas na Tuirce agus Fincantieri araon i gcoinne cuimsiú na sonraí san anailís díobhála le haghaidh Laminorul S.A. ('Laminorul'), táirgeoir de phlátaí ceannbheannacha cruach ón Rómáin, a chuaigh i bhféimheacht agus a scoir den táirgeadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, tar éis a féimheachta, fuair cuideachta eile Laminorul ina sin, ach níor atosáigh sí a táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach. De réir Rialtas na Tuirce agus Fincantieri, níor cheart go mbeadh na sonraí atá ar fáil do Laminorul curtha san áireamh sna figiúirí a cuireadh i láthair sa ghearán, toisc go ndeachaigh an cuideachta sin i bhféimheacht agus nach dtáirgeann sí plátaí ceannbheannacha cruach a thuilleadh. Níor cheart, dá bhrí sin, Laminorul a mheas mar chuid de thionscal an Aontais sa ghearán.
- (12) Mheas an Coimisiún, áfach, go raibh Laminorul fós ina chuid de thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé nach raibh sé ina chuid de ar feadh na tréimhse iomláine. Ar an gcúis sin, bhí an ceart ag an ngearánach sonraí Laminorul a áireamh sa ghearán agus thug sé léiriú cruinn ar staid thionscal an Aontais ar feadh na dtréimhsí ábhartha. Ina theannta sin, chonacthas sna sonraí a cuireadh i láthair sa ghearán gur léiríodh treochtaí comhchosúla le formhór na dtáscairí, bíodh Laminorul san áireamh san anailís nó ná bíodh. Ar aon chuma, chuir an Coimisiún in iúl, san anailís a rinne sé le linn na tréimhse faoi bhreathnú don Rialachán seo, an éifeacht atá ag sonraí Laminorul ar staid díobhála thionscal an Aontais, nuair ab fhéidir.
- (13) Thug Rialtas na Tuirce agus Özkan Demir barúlacha ar roinnt táscairí díobhála aonair a cuireadh i láthair sa ghearán, ag maíomh nár léirigh cuid de na táscairí staid dhíobhálacha thionscal an Aontais, nó go bhféadfadh fachtóirí eile seachas allmhairí ó na tíortha lena mbaineann arbh chúis leis an ngearán.

- (14) Chuirge sin, mheabhraigh an Coimisiún foclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ina sonraítear go mbeidh faisnéis sa ghearán maidir le hathruithe ar chainníocht na n-allmhairí a líomhnaítear a bheith dumpáilte, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna de tháirge dá samhail ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar a léirítear le fachtóirí ábhartha (ní gá na fachtóirí go léir). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, a léirigh go raibh díobháil ann chomh maith le nasc cúisíoch le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh dóthain fianaise sa ghearán chun díobháil agus nasc cúisíoch a thabhairt le fios, agus mar sin dhiúltaigh sé don éileamh.
- (15) Déileáiltear le tráchtanna sonracha eile maidir le díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, nach raibh baint dhíreach acu leis an tionscnamh, sna ranna ábhartha thíos (Ranna 4, 5 agus 7).

1.5. Sampláil

- (16) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

- (17) I bhfianaise líon teoranta táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas, d'fhógair an Coimisiún san Fhógra Tionscnaimh go gcuirfeadh sé ceistneoirí ar fáil don dá tháirgeoir amháin atá ar eolas de chuid an Aontais. As an dá tháirgeoir sin, níor thug ach Laminados Losal, S.A.U. (an gearánach) freagra ar an gceistneoir. Níor tháinig an dara táirgeoir de chuid an Aontais, Olifer spl., ('Olifer') arbh ionann é agus [15-25] % de tháirgeadh an Aontais, chun cinn le linn an imscrúdaithe. Mar sin, ní raibh an Coimisiún in ann leas a bhaint as sampláil ach d'úsáid sé sonraí an ghearánaigh agus rinne sé meastachán ar na sonraí le haghaidh Olifer agus Laminorul i gcás inarb ábhartha mar a mhínítear in aithris (147).

Sampláil na n-allmhaireoirí

- (18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (19) Níor sholáthair ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, nach raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairithe i nDaon-Phoblacht na Síne a shampláil

- (20) D'fhonn a aimsiú cibé an raibh nó nach raibh gá le sampláil agus, dá mb'amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Dhaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhísean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu páirt a ghlacadh san imscrúdú.
- (21) Chuir táirgeoir onnmhairithe amháin i nDaon-Phoblacht na Síne, Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus d'aontaigh sé a bheith curtha san áireamh sa sampla. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc

- (22) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhísean na Tuirc chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (23) Níor sholáthair ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa Tuirc, Özkan Demir, an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus d'aontaigh sé go gcuirfí san áireamh é sa sampla. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.6. Freagraí ceistneora agus cuairteanna fíorúcháin

- (24) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon fhreagra. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas faoina rún fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (25) D'fhoilsigh an Coimisiún ar líne ^(?) na ceistneoirí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara agus do tháirgeoirí an Aontais.
- (26) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil agus le díobháil dá bharr agus le leas an Aontais. Rinneadh cuairteanna fíoraithe de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitribh na gcuideachtaí seo a leanas:

Táirgeoir an Aontais

— Laminados Losal S.A.U., Gernika, an Spáinn.

Úsáideoir

— Fincantieri S.p.A, Monfalcone agus Trieste, an Iodáil

Táirgeoir onnmhairiúcháin sa Tuirc

— Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş., Aliğa/İzmir, An Tuirc

- (27) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na bearta cosanta arna gcur i bhfeidhm, rinne an Coimisiún cross-seiceáil cianda ar an táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach seo a leanas:
- Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., Daon-Phoblacht na Síne

1.7. Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (28) San imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINNEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. Táirge faoi imscrúdú

- (29) Is é an táirge atá faoi imscrúdú plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail sa raon suas le leithead de 204 mm ('plátaí ceannbheannacha cruach'). Úsáidtear go príomha plátaí ceannbheannacha cruach i dtionscal na longthógála le haghaidh tógáil na creatlaí cruach de chúrsóir paisinéirí, báid farantóireachta, soithí míleata, agus soithí ceannaithe. D'fhéadfaí go n-úsáidtear plátaí ceannbheannacha cruach freisin chun ardán amach ón gcósta agus ráillí tram a thógáil, ach san Aontas ní bhaineann an cur i bhfeidhm seo plátaí ceannbheannacha cruach ach le méideanna imeallacha ('an táirge faoi imscrúdú').

2.2. An Táirge i gceist

- (30) Is é an táirge lena mbaineann ná an táirge atá faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, a thagann, faoi láthair, faoi chód CN ex 7216 50 91 (cód TARIC 7216 50 91 10) ('an táirge lena mbaineann').

^(?) <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2640>.

2.3. Táirge comhchosúil

- (31) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag na táirgí seo a leanas chomh maith leis na bunúsáidí céanna:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce
 - an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.
- (32) Chinn an Coimisiún ag an gcéim seo gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Éilimh maidir le raon feidhme an táirge

- (33) Ní bhfuarthas aon éileamh maidir le raon feidhme an táirge.

3. DUMPÁIL

3.1. An tSín

3.1.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (34) I bhfianaise na fianaise leordhóthanaí a bhí ar fáil ar thionscnamh an imscrúdaithe, lena dtugtar le fios go bhfuil saobhadh suntasach ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh íomchuí an t-imscrúdú a thionscnamh maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír seo ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (35) Dá bhrí sin, d'fhonn na sonraí a bhailiú atá riachtanach chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ar deireadh, san Fhógra Tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin go léir sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgeadh. Chuir tionscadal amháin as an tSín, Changshu Longteng Special Steel Co, Ltd., an t-eolas cuí isteach. Ina theannta d'fhonn an fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne.
- (36) Thairis sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil saobhadh suntasach sa tSín. Thug an Coimisiún cuireadh do Rialtas na Síne a bharúil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 a thíolacadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (37) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gurbh í an Tuirc an tríú tír ionadaíoch íomchuí féideartha de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith íomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.
- (38) An 24 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an Chéad Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgthe go léir amhail amháibhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach, bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil in aighneacht Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., arb é an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin den táirge lena mbaineann é, atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne agus a chomhoibrigh. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna neamhsaofa nó na dtagarmharcanna neamhsaofa, shainaithe an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch íomchuí. Fuair an Coimisiún tuairimí ón táirgeoir onnmhairiúcháin Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. ar an gCéad Nóta.

- (39) An 3 Aibreán 2023, agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas agus ar an bhfaisnéis bhreise a chuir Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le dara nóta ('an Dara Nóta') faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus an Tuirc mar an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go mbunódh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SG&A') agus brabúis bunaithe ar shonraí ó tháirgeoir sa tír ionadaíoch, eadhon Kocaer Çelik Sanayi. Thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara a barúlacha a thabhairt agus fuair sé barúlacha ó Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.
- (40) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas sa Dara Nóta, bhain an Coimisiún de tháthar ar bhonn sealadach go raibh an Tuirc ina rogha iomchuí mar thír ionadaíoch óna bhfaighfí praghsanna agus costais neamhshaofa chun an gnáthluach a chinneadh. Déantar cur síos níos mionsonraithe ar na bunchúiseanna leis an rogha sin i Roinn 3.4 thíos.

3.1.2. Gnáthluach

- (41) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'déanfar an gnáthluach a shuí de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.
- (42) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'i gcás ina gcinntear [...] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa', agus 'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolachán agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús'*.
- (43) Mar a mhínítear thíos tuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.1.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (44) In imscrúduithe le déanaí maidir leis an earnáil chruach i nDaon-Phoblacht na Síne ⁽⁴⁾, chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach i gceist de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (45) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ⁽⁵⁾. Go háirithe, bhain an Coimisiún de tháthar as san earnáil chruach – gurb í cruach an príomh-amhábhhar chun an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh, nach amháin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne, de réir

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí áirithe cruacha leacaithe fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Cónaidhm na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de thúir gaoithe cruach áirithe ar scála fónais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí agus feadáin tathaithe áirithe déanta as iarann nó cruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh na Bealarúise tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

⁽⁵⁾ Féach aithris 80 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 149- 150.

bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ⁽⁶⁾, ach go bhfuil sé de chumas ag Rialtas na Síne freisin cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ⁽⁷⁾. Thairis sin, shuigh an Coimisiún go mbíonn éifeacht shaobhach bhreise ar an margadh ag láithreach an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margáí airgeadais agus i soláthar amhábh agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó earnálacha atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽⁸⁾. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoinne na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ⁽⁹⁾. Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil chruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁰⁾, mar aon le saobhadh sna margáí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain i nDaon-Phoblacht na Síne ⁽¹¹⁾.

- (46) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil chruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí pointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise sa ghearán, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin ar Shaobhadh Suntasacha i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúitithe Cosanta Trádála ⁽¹²⁾ ("Tuarascáil"), a bhraitheann ar fhoinse atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach. Chuir an Coimisiún tuilleadh leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurbh ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

⁽⁶⁾ Féach aithris 64 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 46, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún aithris 115-118.

⁽⁷⁾ Féach aithris 66 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 47, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 119-122. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le tríúr comhaltá de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an cuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.

⁽⁸⁾ Féach aithris 68 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún aithris 48-52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 123-129.

⁽⁹⁾ Féach aithris 74 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 130-133.

⁽¹⁰⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithris 134-135.

⁽¹¹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithris 136-145.

⁽¹²⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: [https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD\(2017\)483&lang=en](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en).

- (47) Líomhain an gearán go bhfuil tionchar agus dul i bhfeidhm forleathan ar gheilleagar na Síne ina iomláine ag idirghabhálacha uile-chuimsitheach éagsúla ag Rialtas na Síne nó ag údaráis phoiblí eile ar leibhéal éagsúla rialtais agus an mhargaidh, i bhfianaise na praghsanna intíre agus costais thionscal cruach na Síne nach bhféadfar a úsáid san imscrúdú seo.
- (48) Go sonrach, leagadh amach sa ghearán, i gcomhthéacs an chúla de 'gheilleagar margaidh sóisialach' atá cumhdaithe i mBunrecht Dhaon-Phoblacht na Síne, uileláithreach Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') agus a thionchar ar an ngeilleagar trí bhíthin tionscnaimh phleanála straitéisí – ar nós an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana ('FYP') – agus go mbíonn foirmeacha éagsúla ag baint le hidirghabháil an Rialtais na Síne, eadhon riaracháin, airgeadais agus rialála.
- (49) Sa ghearán, cuireadh samplaí ar fáil d'eilimintí a léirigh go bhféadfadh saobhadh a bheith ann, mar atá liostaithe sa chéad go dtí an séú fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ag tagairt go háirithe d'imscrúduithe roimhe seo ón gCoimisiún san earnáil chruach, don Tuarascáil, chomh maith le foinsí breise, d'áitigh an gearánach an méid seo a leanas:
- Téann Stát na Síne i ngleic le beartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna a thagann i gcomhthráth leis an gclár oibre polaitiúil arna socrú ag Páirtí Cumannach na Síne seachas na dálaí eacnamaíocha atá i réim i saormhargadh a léiriú. Leis an ardleibhéal idirghabhála rialtais sa tionscal cruach, a léirítear sa 13^ú FYP um an Tionscal Cruach a Choigeartú agus a Uasghrádú, agus sciar ard d'fhiontair faoi úinéireacht an Stáit ('SOEnna') san earnáil, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí cruach faoi úinéireacht phríobháideach oibriú faoi choinníollacha an mhargaidh. Mar sin tá an margadh cruach, agus mar sin an earnáil plátaí ceannbheannacha cruach, comhdhéanta go mór d'fhiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú agus maoirseacht bheartais údaráis na Síne;
 - Breathnaítear ar an tionscal cruach mar earnáil bhunúsach de gheilleagar na Síne, cloch choirnél náisiúnta ag Rialtas na Síne, agus mar sin is tionscal a bhfuil tacaíocht ar leith aige. D'fhéadfaí a mhaíomh gurb í fadhb reatha an ró-acmhainn an léiriú is soiléire ar impleachtaí bheartais Rialtais na Síne don tionscal agus an saobhadh dá bharr;
 - Is fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad beagnach leath de na cuideachtaí go léir in earnáil Cruach na Síne agus tagann ceithre cinn de na deichniúr táirgeoirí cruach is mó ar domhan faoin gcatagóir seo, rud a thugann ról ceannasach do na fiontair sin faoi úinéireacht an Stáit sa mhargadh cruach. Mar thoradh air sin, tá idirghabháil shuntasach stáit ar chostas na n-amhábhair san earnáil cruach, go háirithe don earnáil longtógála cruach agus plátaí ceannbheannacha cruach, rud a chruthaíonn saobhadh i bpraghsanna cruach. Sa 13^ú FYP, tugadh breacchuntas ar longthógáil cruach mar earnáil straitéiseach le tacaíocht le bheith curtha ar fáil ag Rialtas na Síne. Ag cur san áireamh go n-úsáidtear agus go ndéantar tromlach na dtáirgí plátaí ceannbheannacha cruach don earnáil longthógála cruach, is féidir an earnáil plátaí ceannbheannacha cruach a mheas mar earnáil straitéiseach do Rialtas na Síne agus mar sin mar earnáil a faigheann tacaíocht ón stát. Léirítear sa ghearán freisin gur fiontair faoi úinéireacht an stáit iad an dá longchlós is tábhachtaí sa tSín, eadhon China State Shipbuilding Corporation agus China Shipbuilding Industry Corporation. Tá an dá cheann acu faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit ('SASAC') agus, dá bhrí sin, déanann bearta poiblí agus beartais phoiblí ar mhaithe le táirgeoirí intíre difear dóibh;
 - Saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea seasamh láidir na mbanc faoi úinéireacht an Stáit, a chuireann san áireamh, agus rochtain á tabhairt acu ar airgeadas, critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail. Go deimhin, ní mór a mbeartas iasachtaithe a ailíniú le cuspóirí beartais thionsclaíoch Rialtais na Síne seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar an timpeallacht eacnamaíoch agus ar thuillteanais tionscadail ar leith.
 - Mar a dúradh in imscrúduithe roimhe seo ag an gCoimisiún maidir le cruach, tá idirghabháil shuntasach rialtais i margadh na Síne, rud a fhágann go bhfuil saobhadh pá san earnáil chruach, chomh maith le heasnaimh i bhféimheacht na Síne agus dlí maoiné.
- (50) Ní dharna Rialtas na Síne trácht ná ní chuir sé fianaise ar fáil a thacaigh le nó a bhréagnaigh an fhianaise atá ar an gcomhad cáis, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a chuir an gearánach ar fáil, ar shaobhadh suntasach a bheith ann agus/nó oiriúnacht chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás idir lámha.
- (51) Go sonrach in earnáil an táirge atá faoi imscrúdú, ar fho-earnáil den earnáil chruach í, gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fleasc den bhun-Rialachán. Ós rud é nach raibh aon chomhar ó onnmharioirí na Síne ar an táirge atá faoi imscrúdú, níorbh fhéidir an cóimheas cruinn idir na táirgeoirí príobháideacha agus faoi úinéireacht an Stáit a chinneadh.

- (52) Deimhníodh leis an imscrúdú, áfach, go bhfuil an dá tháirgeoir is mó san earnáil cruach, is é sin Angang Steel Group ('Ansteel') agus China Baowu Steel Group ('Baowu') faoi úinéireacht iomlán an Stáit nó go bhfuil leas urlámhais ag an Stát iontu. Thairis sin, tá roinnt príomhchuideachtaí táirgthe plátaí ceannbheannacha cruach ar nós Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd, Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd agus Hebei Jingye Group Co. Ltd, faoi réir cur isteach rialtais. Dearbhaíonn an chuideachta Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd., fochuideachta faoi lánúinéireacht na cuideachta príobháidí Tangshan Baigong Industry Development co. (¹³), i measc a chuspóirí '*cur le forbairt na cuideachta, le dul chun cinn na ré, agus leis an máthairthír*' (¹⁴). Ina theannta sin, tá Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd á sealbhú agus á rialú ag Nanjing Steel, fiontar faoi úinéireacht an Stáit faoi Nanjing SASAC (¹⁵). I gcás Hebei Jingye Group Co. Ltd., eagraíodh gníomhaíochtaí tógála CCP éagsúla faoi cheannas leas-rúnaí Choiste Páirtí an Ghrúpa (¹⁶).
- (53) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil anois mar ghnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha (¹⁷), agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh atá ar thionchar an Stáit trí struchtúir Páirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí ná go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, ag cur san áireamh cé chomh fada agus atá struchtúir an Stáit agus an Pháirtí tar éis fás le chéile i nDaon-Phoblacht na Síne.
- (54) Tá sé sin soiléir freisin ag leibhéal Chumann Iarainn agus Cruach na Síne ('CISA'). De réir Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, CISA '*cloíonn sé le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne*' agus '*go nglacann sé le treoraíocht ghnó, maoirseacht agus bainistíocht na n-eintiteas atá i bhfeighil clárúcháin agus bainistíochta, na n-eintitis atá i gceannas ar neartú an pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail*' (¹⁸).
- (55) Tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon san earnáil chruach faoi réir maoirseachta agus treorach beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais Shíneacha is déanaí maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne san earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Tá sé seo léirithe ag dréacht-Thuairim Treorach na hAireachta Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise maidir le Forbairt Ardchaighdeán ar Thionscal Cruach a Chothú, ina n-éilítear go ndéanfaí an bunús tionsclaíoch a chomhdhlúthú tuilleadh agus feabhas suntasach ar leibhéal nuachóirithe an tslabhra tionscail (¹⁹), ag an 14^ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt, a dhéanfaidh an earnáil dá réir '*cloí leis an meascán de cheannaireacht margaidh agus cur chun cinn rialtaí*' agus beidh '*grúpa cuideachtaí mór le rá á chothú a mbeidh ceannaireacht éiceolaíoch agus croi-iomaíochas acu*' (²⁰), nó ag an 14^ú FYP ar Fhorbairt Tionscal

(¹³) Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd. (n.d.). Baidu, ar fáil ag: <https://baike.baidu.com/item/%E6%B2%B3%E5%8C%97%E5%90%89%E6%B3%B0%E7%89%B9%E9%92%A2%E9%9B%86%E5%9B%A2%E6%9C%89%E9%99%90%E5%85%AC%E5%8F%B8/4599958> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(¹⁴) Déan staidéar ar stair an pháirtí céad bliain d'aois agus bogadh ar aghaidh le misneach - Tangshan Baigong Industrial Development Co., Ltd ag tabhairt cuairte ar Halla Cuimhneacháin Li Dazhao. (2021, an 17 Meitheamh). Tsuniversal, ar fáil ag: <https://www.tsuniversal.com/news/74.html> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(¹⁵) *Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd.* (n.d.). QCC, ar fáil ag: <https://www.qcc.com/firm/e466e01d6e0994f2d8c8736a6d7e4da7.html> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(¹⁶) *Mhol coiste páirtí Jingye Group na craobhacha páirtí agus baill eiseamláireacha an pháirtí in 2022.* (2023, 3 Márta). Grúpa Jingyo, ar fáil ag: <http://www.hbjyjt.com/content/?2085.html> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(¹⁷) Féach mar shampla Art. 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachta na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhrona Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua arna n-eisiúint ag Oifig Ghinearálta Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne in 2020.

(¹⁸) ar fáil ar: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=5b2ddec5eba936fba45d7bd801b09f6ff30d867762906011672eaeda213c54ac&columnlb2b2525_220e0aa19ceb0ee2cd7a7e325a35f6591cdbg66a (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(¹⁹) Féach: https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(²⁰) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14^ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt

Dramhchruach a bhfuil sé mar phríomhchuspóirí aige ‘méadú leanúnach ar an gcóimheas iarratais de dhramhchruach, agus faoi dheireadh an 14^ú FYP, sroichfidh an cóimheas dramh cuimsitheach de dhéantús cruach náisiúnta 30 %.’⁽²¹⁾ Maidir leis an táirge atá á imscrúdú go sonrach, d’eisigh na cúigí Shandong agus Jiangsu a 14^ú FYP faoi seach maidir le trealamh longthógála agus innealtóireachta mara a fhorbairt, an earnáil longthógála agus an táirgeadh cruach gaolmhar a chur chun cinn go sainráite, mar shampla plátaí ceannbheannacha cruach⁽²²⁾.

- (56) Is féidir samplaí cosúla den rún atá ag údarais na Síne maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí na hearnála cruach a mhaoirsiú agus a threorú i gcúigí eile, mar shampla in Hebei a bhfuil sé beartaithe acu ‘forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontair faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontair phríobháideacha iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mór den chéad scoth a bhunú, 3-5 grúpaí móra le tionchar intíre mar thacaíocht’ agus ‘bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta dramh-chruach a leathnú tuilleadh agus scagadh agus aicmiú dramh-chruach a neartú.’⁽²³⁾ Is féidir tionchar an Stáit a aimsiú freisin ar an leibhéal bardasach, mar shampla i bplean gníomhaíochta 1 + 3 Iarainn agus Cruach 2022 de Bhordas Hebei Tangshan, ina gcuirtear de chúram ar eintitis bhordasacha éagsúla ‘comhghuaillíochtaí agus atheagrú fiontar a bhfuil táirgí comhchosúla acu sa réigiún a chothú’, murar nós an dá ghrúpa cruach mór Shougang (Jingtang, Qiangang) agus Ceantar Nua Tangsteel, ‘institiúidí airgeadais a lorg agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d’fhiontair iarainn agus cruach chun ligean dóibh aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna [...] fóirdheontais a sholáthar i bhfoirm lascainí ráta úis’ chomh maith le ‘tacú le leas iomlán a bhaint as struchtúr na dtáirgí’ trí dheontais a thabhairt do ‘Fiontair déantúsaíochta curaidh agus táirgí curaidh nua ar an leibhéal náisiúnta [...] de RMB 1 mhiliúin agus RMB 500 000 faoi seach, agus fiontair déantúsaíochta curadh nua ar leibhéal an chúige agus táirgí curaidh [de] RMB 300 000 agus RMB 100 000 faoi seach’⁽²⁴⁾.
- (57) Ar an gcaoi chéanna, i bplean Forfheidhmithe Henan um Athrú agus Uasghrádú ar an Tionscail Cruach le linn na 14^ú FYP, déantar foráil do ‘bhunáiteanna táirgeachta cruach ar leith a thógáil’ is é sin ‘6 bhunáit táirgthe cruach shonracha mhóra a thógáil in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhoukou, srl., agus leathnú, diansaothrú agus speisialtóireacht an tionscail a chinntiú. Ina measc, faoi 2025, déanfar an cumas táirgthe muciarainn in Anyang a rialú faoi bhun 14 mhiliúin tona, agus déanfar cumas táirgthe cruach amh a rialú faoi bhun 15 mhiliúin tona.’⁽²⁵⁾
- (58) Deimhníodh freisin san t-imscrúdú go bhfuil Rialtas na Síne ag cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais de bharr láithreach an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, lena mbunaitear go bhfuil naisc phearsanta ann idir táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach agus Páirtí Cumannach na Síne. Mar shampla, tá an duine céanna fostaithe mar Rúnaí Choiste Páirtí an fhiontair agus mar Chathaoirleach Bhord Stiúrthóirí an táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd⁽²⁶⁾. Thairis sin, shínigh an chuideachta comhaontú straitéiseach le fiontar faoi úinéireacht an stáit Jiangsu Huaneng, fochuideachta faoi lánúinéireacht Huaneng, fiontar faoi úinéireacht an stáit faoin SASAC láir⁽²⁷⁾ agus shínigh sé comhaontú intinne comhar a dhoimhniú le Brainse Jiangsu de Bhanc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne, ag díriú ar thacaíocht airgeadais ón Stát⁽²⁸⁾. Is léir freisin cur isteach an choiste CCP Bardasach ar obair Longteng ón alt seo a leanas a

⁽²¹⁾ Féach Roinn II, Foroinn 1 den 14^ú FYP ar Thionscail Dramhchruach a Fhorbairt

⁽²²⁾ Féach 14^ú FYP de Chúige Shandong ar longthógáil agus trealamh innealtóireachta muirí a chur chun cinn, ar fáil ar: http://gxt.shandong.gov.cn/art/2022/3/29/art_103885_10301690.html (arna rochtain an 04 Aibreán 2023) agus an 14^ú Plean Cúigí Bliana chun Tionscail Trealamh Innealtóireachta Loinge agus Mara a Fhorbairt i gCúige Jiangsu, ar fáil ar: https://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2022/3/22/art_6197_10385582.html (arna rochtain an 04 Aibreán 2023).

⁽²³⁾ Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Cúige Hebei maidir le Forbairt Braisle sa Slabhra Tionscail Cruach, Caibidil I, Roinn 3; ar fáil ar: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽²⁴⁾ D’eisigh Rialtas Bardasach Phobal Tangshan an Plean Gníomhaíochta ‘1 + 3’ do Thionscail Cruach Tangshan. (2022, an 6 Meitheamh). Cumann Iarainn agus Cruach na Síne, ar fáil ar: <http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2b5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&3columnId7647552b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽²⁵⁾ Féach Plean Chur chun Feidhme Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach le linn na 14^ú FYP, Caibidil II, Roinn 3; ar fáil ar: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023)

⁽²⁶⁾ Liming, C. (2018, 2 Nollaig). Agallamh le Ji Bingyuan, Cathaoirleach, Bainisteoir Ginearálta agus Rúnaí Páirtí Longteng Special Steel.

⁽²⁷⁾ Tháinig Longteng Special Steel agus Huaneng Jiangsu ar chomhar straitéiseach. (2021, 22 Meitheamh). Aip Airgeadais Sina. <https://finance.sina.com.cn/money/future/indu/2021-06-22/doc-ikqcfca2450921.shtml> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽²⁸⁾ Shínigh Brainse Jiangsu de Bhanc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne ‘Comhaontú Comhair um Dhoimhniú’ le Daon-Rialtas Bardasach Changshu. (2021, 26 Márta). JSCINA, ar fáil ar: https://jsnews.jschina.com.cn/xh/news/202103/t20210326_2753645.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023)

foilsíodh ar shuíomh gréasáin Bhardas Changshu: *'déanfaidh Coiste Páirtí an Bhiúró Iompair an obair bheirte a dhoimhniú tuilleadh. A bhúiochas le ceannaireacht an fhoirgnimh Pháirtí, cinnteoidh sé comhar níos dlúithe agus níos doimhne leis na fiontair phéireáilte, ionas go n-athrófar níos fearr na buntáistí polaitiúla a bhaineann le tógáil Páirtí i dtéarmaí tacaíochta frithpháirteacha agus cur chun cinn frithpháirteach agus buntáistí forbartha agus gníomhartha praiticiúla chun freastal ar an ngnáthphobal. Le chéile, bainfimid torthaí nua, dul chun cinn nua, agus buanna nua amach i Máirseáil Fhada na Ré Nua.'* ⁽²⁹⁾ Ar an gcaoi chéanna, tá an duine céanna fostaithe mar Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Cathaoirleach Bhord Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd. agus a mháthairchuideachta Nanjing Steel ag an am céanna. ⁽³⁰⁾

- (59) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi imscrúdú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó beartais a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaitníodh san imscrúdú doiciméid bheartais a léirigh go mbaineann an tionscal leas as treoraíocht agus idirghabháil rialtais maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú mar chuid den earnáil cruach.
- (60) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur tionscal ríthábhachtach atá sa tionscal cruach ⁽³¹⁾. Deimhnítear é seo sna pleananna, sna treoracha agus sna doiciméid iomadúla eile atá dírithe ar chruach, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. Faoin 14^ú FYP, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach i leataobh le haghaidh claochlú agus uasghrádú, chomh maith le leas iomlán a bhaint agus coigeartú struchtúrach ⁽³²⁾. Mar an gcéanna, sa 14^ú FYP ar Thionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, atá infheidhme freisin don tionscal cruach, liostaítear an earnáil mar *'bhunchloch an fhíorghilleagair'* agus *'príomhréimse a mhúnláionn buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne'* agus leagtar amach roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, uasghrádú teicneolaíochta dá leithéid a d'fheabhsódh struchtúr na hearnála (trí bhíthin comhchruinnithe comparáideacha breise go háirithe) nó claochlú digiteach ⁽³³⁾.
- (61) Is é an t-amhíarann an t-amhábhar tábhachtach a úsáidtear do tháirgeadh an táirge faoi imscrúdú. Luaitear amhíarainn freisin sa 14^ú FYP maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, ina bhfuil sé beartaithe ag an Stát *'acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach'. 'Taiscéaláíocht amhíarainn a neartú [...], beartais chánach tosaíochta a chur i bhfeidhm, glacadh le hardtheicneolaíocht agus trealamh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú.'* ⁽³⁴⁾ I gcúigí, mar Hebei, déanann na húdaráis an méid seo a leanas a thuar don earnáil: *'fóirdheontas lascaime infheistíochta tionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaime ar fáil.'* ⁽³⁵⁾ Mar sin, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monarú plátaí ceannbheannacha cruach. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.
- (62) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú seo nach ndéanadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor dlíthe féimheachta agus maoinne de réir Airteagal 2 (6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán san earnáil cruach, dá dtagraítear thuas in aithris (45) aon difear do mhonaróirí an táirge atá faoi imscrúdú.

⁽²⁹⁾ Thionóil Coiste Páirtí an Bhiúró Iompair agus Longteng Special Steel searmanas sínithe le haghaidh tógáil páirtí. (2020, 5 Lúnasa). Rialtas Changshu, ar fáil ar: <http://www.changshu.gov.cn/zgcs/c100297/202008/03d86105d1b24c0093db89f968f834f7.shtml> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽³⁰⁾ Huang Yixin. (n.d.). Aiqicha Baidu, ar fáil ar: <https://aiqicha.baidu.com/person?personId=4736c00788016f6251d98eb690072596> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽³¹⁾ Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lch. 346 ff.

⁽³²⁾ Féach Daon-Phoblacht na Síne 14^ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta agus Sóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, ar fáil ar: <https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

⁽³³⁾ Féach go háirithe Roinn I agus II den 14^ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt.

⁽³⁴⁾ Féach an 14^ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

⁽³⁵⁾ Féach Plean Gníomhaíochta Iarann agus Cruach Bardas Hebei Tangshan 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; ar fáil ar: <http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&3columnId7647552b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a> (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

- (63) Ina theannta sin, tá an earnáil cruach, dá dtagraítear thuas in aithris (45), faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán. Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil cruach, lena n-áirítear táirgeoirí de phlátaí ceannbheannacha cruach faoi réir chóras dlí saothair na Síne. Bíonn tionchar díreach ag na saobhadh sin ar an earnáil (nuair a bhíonn plátaí ceannbheannacha cruach á dtáirgeadh nó na príomhionchuir), agus go hindíreach freisin (nuair a bhíonn rochtain acu ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ⁽³⁶⁾.
- (64) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéantar difear d'earnáil na cruaiche, dá dtagraítear thuas in aithris (45), leis an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.
- (65) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach na hionchuir sin a cheannach/conradh dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.
- (66) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre plátaí ceannbheannacha cruach a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, srl.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghsamhúnú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhair le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh é féin i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.
- (67) Níor thug Rialtas na Síne san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin. Ina aighneacht an 6 Feabhra 2023, áfach, d'áitigh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., nár cheart go dtiocfadh líomhaintí maidir le saobhadh suntasach chun cinn mar chonclúid réamhchinnte agus gur cheart don Choimisiún an saobhadh líomhnaithe a fhíorú ar dtús agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an saobhadh suntasach sula bhféadfaidís sonraí gnáthluacha a chuardach ó fhoinsí eile. Is é dearcadh na cuideachta, áfach, gur thosaigh an Coimisiún ró-luath ag lorg foinsí malartacha gnáthluacha ag céim luath den imscrúdú.
- (68) Ní féidir glacadh leis an argóint seo. Mar a léiríodh san Fhógra Tionscnaimh, mheas an Coimisiún ag céim an tionscnaimh go raibh dóthain fianaise ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léireadh go hiondúil, mar gheall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, go mbeadh úsáid praghsanna intíre agus costais i nDaon-Phoblacht na Síne míchuí, rud a d'fhágfadh go mbeadh údar le himscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mheabhraigh an Coimisiún sa chomhthéacs seo, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, go gcuirfeadh páirtithe an imscrúdaithe ar an eolas go pras tar éis tionscnamh faoi na foinsí ábhartha a bheartaíonn an Coimisiún a úsáid chun gnáthluach a chinneadh. Dealraíonn sé, mar sin go bhfuil argóint Longteng nár cheart don Choimisiún foinsí eile de ghnáthluach a lorg ach amháin tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le saobhadh suntasach a bheith ann bunaithe ar mhíléamh ar an mbun-Rialachán. Ar aon chuma, i bhfad ón gCoimisiún teacht ar aon chonclúidí réamhchinnte maidir le saobhadh suntasach arna maíomh ag Longteng, le linn an imscrúdaithe reatha, tá tuilleadh faisnéise á bailiú ag an gCoimisiún chun na foinsí atá ar fáil a chomhlánú chun na líomhaintí a rinneadh ag an gcéim tionscnaimh a fhíorú agus, ar deireadh, chun a chinneadh an bhfuil saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i láthair san earnáil plátaí ceannbheannacha cruach. Cé nach ndéanfar cinntí den sórt sin ach ag an gcéim chinntitheach den imscrúdú, tá torthaí imscrúdaithe sealadacha an Choimisiúin leagtha amach in aithrisí (44) go (67) thuas agus beidh deis ag páirtithe leasmhara tuilleadh barúlacha a thabhairt ina leith.

⁽³⁶⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

3.1.2.2. Tír ionadaíoch

Barúlacha ginearálta

- (69) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:
- Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine acu atá cosúil le hollioncam náisiúnta na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽³⁷⁾;
 - Táirgeadh an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;
 - Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;
 - I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin in ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (70) Mar a mhínítear in aithrisí (38) agus (39), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an Chéad Nóta faoi thosca táirgeachta an 24 Eanáir 2023 agus an Dara Nóta faoi na tosca táirgeachta an 3 Aibreán 2023. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bonn leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le fachtóirí táirgthe, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín

- (71) Sa Chéad Nóta ar fhachtóirí táirgthe, d'aithin an Coimisiún an Tuirc agus an Rúis mar thíortha a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíoch acu leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. tá siad go léir aicmithe ag an mBanc Domhanda mar thíortha 'uas-mheánioncaim' ar bhonn ollioncaim náisiúnta i gcás inarb eol go ndearnadh an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaitníodh sa nóta sin.
- (72) Sa Dara Nóta, tar éis barúlacha a fuarthas ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch Changshu Longteng Special Steel Co, Ltd. maidir leis an gCéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl gur breithníodh an Mhalaeisia chun na fachtóirí táirgthe seo a leanas a shuíomh: nítrigin, ocsaigin agus aolchloch. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaitníodh sa nóta sin.

Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

- (73) Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl, maidir leis na tíortha atá sainaitheanta mar thíortha ina bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú á tháirgeadh, eadhon an Rúis agus an Tuirc, gur gá infhaighteacht na sonraí poiblí a fhíorú tuilleadh go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú.
- (74) Maidir leis an Rúis, ní raibh ráitis airgeadais na cuideachta amháin a aithníodh sa Chéad Nóta mar tháirgeoir, eadhon 'JSC Omutninsk Metallurgical Plant', ar fáil go héasca. Chinn an Coimisiún mar sin nach bhféadfadh sé sonraí na cuideachta seo a úsáid san imeacht.
- (75) Ina theannta sin, bhí sonraí staidrimh allmhairiúcháin na Rúise ar fáil suas go dtí Eanáir 2022, agus mar sin ní chumhdaigh siad ach aon trian den tréimhse imscrúdúcháin.
- (76) Mar thoradh air sin, bhain an Coimisiún de thatal as nach bhféadfaí an Rúis a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

⁽³⁷⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

- (77) Maidir leis an Tuirc, d'aithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca do tháirgeoir amháin den táirge a bhí faoi imscrúdú, ar ráitis iad a raibh cailteanas in 2021 ina leith, áfach. Cé go raibh ráitis airgeadais an táirgeora chomhoibríoch onnmhairiúcháin sa Tuirc, Özkan Demir, ar fáil go héasca de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, bhí an chuideachta ag déanamh cailteanas in 2021 agus mar sin níorbh fhéidir iad a úsáid chun an gnáthluach a thógáil. Dá bhrí sin, i dteannta leis an gcuideachta sin shainnithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca do tháirgeoirí de tháirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil chéanna i dtíortha ionadaíoch ionchasacha a léirigh leibhéal réasúnta brabúsachta ar feadh tréimhse a bhí forluiteach go páirteach leis an IP. Aithníodh na tháirgeoirí sin sa ghearán nó ar liosta na dtáirgeoirí a tháirgeann táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 7216 50 91 'Pláta ceannbheannach', lena n-áirítear an dá tháirge atá faoi imscrúdú 'pláta plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail atá sa raon suas le 204 mm ar leithead' mar a shainmhínítear san Fhógra Tionscnaimh agus gach cineál eile de tháirgí plátaí ceannbheannacha cruach. Rinne an Coimisiún cros-seiceáil freisin ar liosta na dtáirgeoirí agus na cinn a chuir údaráis na Tuirce ar fáil ag an gcéim réamhthionscanta.
- (78) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, mheas an Coimisiún an Tuirc mar rogha iomchuí mar thír ionadaíoch.
- (79) Ina gcuid tuairimí ar an gCéad Nóta, thug Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd le fios nach raibh cuid de na tháirgeoirí Turcacha liostaithe sásúil toisc, nach raibh ach ráitis airgeadais chomhdhlúite ar fáil i gcás ceathrar as cúigear tháirgeoirí, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir an SG&A iarbhír agus corrlaigh bhrabúis de tháirgeoir plátaí ceannbheannacha cruach a léiriú. Thairis sin, bhí an SG&A agus an brabús, arna ríomh ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil ó na cúigear tháirgeoirí seo, míréasúnta ard, de réir Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. Ar deireadh, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. gur cheart don Choimisiún neamhaird a dhéanamh ar an Tuirc do thagarmharc roinnt amhábhbar a bhunú (i.e. aolchloch agus ocsaigin).
- (80) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, rinne an Coimisiún athscrúdú ar an SG&A agus ar na brabúis a thuiriscigh ceathrar as na cúigear tháirgeoirí cruach aitheanta sa Tuirc agus mheas sé go raibh sé ró-ard. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún neamhaird ar na cuideachtaí sin agus chinn sé úsáid a bhaint as an SG&A agus na corrlaigh bhrabúis arna dtuirisciú ag tháirgeoirí amháin de chuid na Tuirce, is é sin Kocaer Çelik Sanayi do shonraí airgeadais 2022 (i.e. don tréimhse atá forluiteach go páirteach leis an tréimhse imscrúdaithe). Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd gur thabhaigh Kocaer Çelik Sanayi, costais airgeadais an-ard nach bhféadfaí sonraí a fháil ina leith. Thairis sin, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd nach raibh speansais airgeadais ard den sórt sin acu.
- (81) Roghnaigh an Coimisiún cuideachta a bhfuil ráitis airgeadais ar fáil go héasca aici, lena léirítear méid réasúnta SG&A agus corrlaigh bhrabúis don tionscal táirgthe cruach, agus chuir sé SG&A agus brabús Kocaer Çelik Sanayi sa Tuirc i bhfeidhm. B'ionann an SG&A arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh ('COGS') agus a cuireadh i bhfeidhm ar chostais táirgthe neamhshaofa, agus 10,98 %. B'ionann an brabús a cuireadh in iúl mar chéatadán den COGS agus a cuireadh i bhfeidhm ar chostais táirgthe neamhshaofa agus 8,8 %. D'úsáid an Coimisiún sonraí comhdhlúite, toisc gurbh iad seo an t-aon sonraí a bhí ar fáil go poiblí. Ina theannta sin, níor mheas an Coimisiún go raibh na céatadáin sin ró-ard, ach go raibh siad ag teacht leis an gcostas agus leis na brabúis a thabhaítear sa chineál seo tionscail. Ina theannta sin, tá na céatadáin seo i gcomhréir leis na cinn a úsáideadh in imscrúduithe roimhe seo maidir le tionscal na cruach, mar shampla maidir le túir ghaoithe cruach ⁽³⁸⁾ agus cruach orgánach brataithe ⁽³⁹⁾. Ní raibh aon fhaisnéis ar fáil don Choimisiún lena léiríodh a mhalairt.
- (82) Dá bhrí sin, in éagmais aon bharúil eile ná aon sonraí eile a bhfuil fáil orthu go héasca a chur isteach, chinn an Coimisiún go sealadach maidir leis na foinsí a bheartaigh sé a úsáid le haghaidh SG&A agus le haghaidh brabúis, go raibh na foinsí sin neamhshaofa agus réasúnach de réir bhrí na míre deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

⁽³⁸⁾ IO L 450, 16.12.2021, lch. 59.

⁽³⁹⁾ IO L 116, 3.5.2019, lch. 5

Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

- (83) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

Conclúid

- (84) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun í a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí.

Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí

- (85) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na fachtóirí táirgthe amhail amhábhair, fuinneamh agus saothair a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh.
- (86) D'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, d'úsáid an Coimisiún Global Trade Atlas ⁽⁴⁰⁾ ('GTA') agus Metal Bulletin ⁽⁴¹⁾ chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgthe sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé Institiúid Staidrimh na Tuirce chun costais neamhshaofa saothair ⁽⁴²⁾ agus fuinnimh ⁽⁴³⁾ a shuí agus staidrimh Ard-Stiúthóireacht Bhardas Cathrach Izmir le haghaidh costas neamhshaofa uisce ⁽⁴⁴⁾.
- (87) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt agus faisnéis a bheadh ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa do gach ceann de na fachtóirí táirgthe a luaitear sa nóta sin.
- (88) Ina thuairimí ar an gCéad Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd go raibh éagsúlacht ag praghsanna allmhairithe fearócróimiam sa Tuirc bunaithe ar an gcóimheas idir meáchan carbóin agus cróimiam. D'fhóirigh an Coimisiún an cóimheas iarbhair de mheáchan carbóin agus cróimiam a úsáideann Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. Maidir leis seo, chun costas comhfhreagrach fearócróimiam a bhunú, chinn an Coimisiún tagarmharcanna tionscail neamhspleácha den Metal Bulletin a úsáid don tionscal domhanda miotail agus mianadóireachta (praghsanna Fastmarkets) a léiríonn cóimheasa difriúla meáchain carbóin agus cróimiam.
- (89) Tar éis an Chéad Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd freisin nach bhféadfaí meánphraghsanna na Tuirce ar amhábhair áirithe (i.e. ocsaigin agus aolchloch) a úsáid mar gheall ar líon íseal allmhairí. Ina theannta sin, ar bhonn fhreagra ceistneora Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd, shainaithin an Coimisiún fachtóirí táirgeachta breise, i.e. nítrigin, a allmhairíodh freisin i gcainníochtaí neamh-ionadaithe isteach sa Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

⁽⁴⁰⁾ <https://www.gtis.com/gta>

⁽⁴¹⁾ <https://xml.metalbulletin.com/mb-index.html>

⁽⁴²⁾ [https://data.tuik.gov.tr/Bulten/In\\$dex?p=Labour-Cost-Statistics-2020-37495](https://data.tuik.gov.tr/Bulten/In$dex?p=Labour-Cost-Statistics-2020-37495)

⁽⁴³⁾ <https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I-January-June,-202245567>

⁽⁴⁴⁾ <https://www.izsu.gov.tr/YuklenenDosyalar/AtikSuTarifeleti>

- (90) Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún méid na n-allmhairí isteach sa Téalainn, sa Mhalaeisia, sa Bhrasaíl agus i Meicsiceo ós rud é go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil leis an tSín ag na tíortha sin agus gur breithníodh iad mar thíortha ionadaíocha i roinnt imscrúduithe le déanaí san earnáil cruach amhail rothaí bóthair cruach ⁽⁴⁵⁾, táirgí cothroma teorollta cruach dosmálta ⁽⁴⁶⁾, túir ghaoithe cruach ⁽⁴⁷⁾, cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi ⁽⁴⁸⁾, feisteas feadán nó píobán, as iarann nó as cruach ⁽⁴⁹⁾. Shuigh an Coimisiún, tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ó thíortha nach baill de EDT iad a eisiáimh, gurb í an Mhalaeisia amháin a raibh allmhairí i gcainníochtaí ionadaíocha leordhóthanacha den trí thoisic tháirgeachta ar fad lena mbaineann aici le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chuir an Coimisiún in iúl sa Dara Nóta go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, agus an gnáthluach á thógáil, costais na n-ionchur sin a úsáid bunaithe ar allmhairí chuig an Mhalaeisia.
- (91) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, thug an Coimisiún an liosta tosca táirgthe cothrom le dáta bunaithe ar thuairimí na bpáirtithe agus ar fhaisnéis a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch isteach sa fhreagra ceistneora.
- (92) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd nach raibh méid allmhairí na Malaeisia de nítrigin agus ocsaigin agus méid allmhairithe na Tuirce d'argón ionadaíoch toisc go raibh na méideanna allmhairithe i bhfad níos ísle ná a n-ídiú iarbhir de na hamhábhar sin. Ina theannta sin, dúirt Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd go bhfuil praghsanna aonaid míréasúnta ard agus costais iompair ard ag roinnt tíortha soláthair do gach ceann de na hamhábhair sin.
- (93) Dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh seo ó rinneadh measúnú ar ionadaíochas méideanna allmhairí bunaithe ar chainníocht absalóideach de mhéideanna allmhairí. Toisc nach raibh na méideanna sin ar na leibhéil chéanna le tomhaltas na n-amhábhar sin de chuid an táirgeora onnmhairiúcháin, níor tháinig aon athrú ar an gconclúid gur measadh go raibh dearbhmhéideanna na n-allmhairí sin ionadaíoch.
- (94) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin, mar gheall ar líon mór fachtóirí táirgthe den táirgeoir comhoibríoch onnmhairiúcháin a sholáthair faisnéis iomlán agus an meáchan diomaibhseach a bhain le cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na míreanna diomaibhseacha a ghrúpáil faoi 'earraí inchaite'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na n-earraí inchaite ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofo na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa seanbhunaithe á n-úsáid aige sa tír ionadaíoch iomchuí.

Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna

Tosca táirgeachta

- (95) I bhfianaise na faisnéise go léir a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuartheanna fíoraithe, sainaitníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

⁽⁴⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/353 ón gCoimisiún an 3 Márta 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí rothaí bóthair cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 65, 4.3.2020, lch. 9).

⁽⁴⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta cruach dosmálta áirithe de thionscnamh na hIndinéis, Daon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 325, 7.10.2020, lch. 26).

⁽⁴⁷⁾ IO L 450, 16.12.2021, lch. 59.

⁽⁴⁸⁾ IO L 116, 3.5.2019, lch. 5

⁽⁴⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

Tábla 1 –

Tosca táirgeachta plátaí ceannbheannacha cruach

Toisc Tháirgeachta	Cód HS	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach neamhsaofa
Amhábhair			
Aolchloch	252100	GTA maidir le Malaeisia	0,243 CNY/kg
Amhiarann	260111	GTA maidir leis an Tuirc	0,83 CNY/kg
Amhiarann sintéir	260112	GTA maidir leis an Tuirc	1,28 CNY/kg
Gual	270111	GTA maidir leis an Tuirc	1,53 CNY/kg
Cóc/púdar cóic	270400	GTA maidir leis an Tuirc	3,35 CNY/kg
Púdar carbóin	280300	GTA maidir leis an Tuirc	10,08 CNY/kg
Túrmailín Íon	284910	GTA maidir leis an Tuirc	8,67 CNY/kg
Fearó-mhangainéis	720211	GTA maidir leis an Tuirc	10,68 CNY/kg
Fearósileacain	720221	GTA maidir leis an Tuirc	15,86 CNY/kg
Sileacamangainéis	720230	GTA maidir leis an Tuirc	11,76 CNY/kg
Fearócróimiam	720241	MB-FEC-0005	8,97 CNY/kg
Fearómolaibdéineam	720270	GTA maidir leis an Tuirc	160,64 CNY/kg
Fearótíotáiniam	720291	GTA maidir leis an Tuirc	43,32 CNY/kg
Fearóvanaidiam	720292	GTA maidir leis an Tuirc	190,12 CNY/kg
Fearóniaibiam	720293	GTA maidir leis an Tuirc	176,27 CNY/kg
Fearó-alúmanam	720299	GTA maidir leis an Tuirc	19,24 CNY/kg
Dramhchruach	720410	GTA maidir leis an Tuirc	2,15 CNY/kg
Alúmanam	760110	GTA maidir leis an Tuirc	19,67 CNY/kg
Argón	280421	GTA maidir leis an Tuirc	7,30 CNY/m ³
Nítrigin	280430	GTA maidir leis an Malaeisia	5,85 CNY/m ³
Ocsaigin	280440	GTA maidir leis an Malaeisia	2,46 CNY/m ³
Costais uisce		Praghas an uisce a ghearrann Bardas Chathrach Izmir ar úsáideoirí tionsclaíochta	8,25 CNY/m ³
Lucht saothair			
Costais saothair		Institiúid Staidrimh na Tuirce (bunaithe ar mheánchostas saothair in aghaidh na huaire san earnáil déantúsaíochta)	37,03 CNY/uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas		Institiúid Staidrimh na Tuirce - praghas an leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha	0,60 CNY/uair an chloig
Gás nádúrtha		Institiúid Staidrimh na Tuirce - praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha	2,75 CNY/m ³

3.1.2.3. Amhábhair

- (96) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an Tuirc agus le haghaidh nítrigine, ocsaigine agus aolchloiche chuig an Mhalaeisia mar a tuairiscíodh i GTA agus tagarmharc tionscail neamhspleách de chuid Metal Bulletin le haghaidh Fearócróimiam ar cuireadh dleachtanna iompórtála agus costais iompair leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁰⁾. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.3.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saofa shuntasacha a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear combhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis dó na hallmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín agus ó thíortha geilleagair neamh-mhargaidh a eisiáimh, chinn an Coimisiún go raibh allmhairí na bpríomh-amhábhar ó thríú tíortha eile ionadaíoch i gcónaí.
- (97) D'imigh an Coimisiún ón modheolaíocht a bhfuil cur síos déanta uirthi thuas maidir le líon teoranta amhábhar.
- (98) Mar a léiríodh in aithris (88), chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an bhFeasachán Miotail (praghsanna Fastmarkets) chun tagarmharc an fhearócróimiam a bhunú.
- (99) Mar a léiríodh in aithris (90), maidir le haolchloch, nítrigin agus ocsaigin, chinn an Coimisiún costas na n-ionchur seo a úsáid bunaithe ar allmhairí chuig an Mhalaeisia, gan allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus tíortha nach baill den ETD iad a áireamh.
- (100) Na costais iompair arna dtabhuú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair a sholáthar, shloinn an Coimisiún iad mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus ansin chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, go bhféadfaí an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairithe agus na costais iompair tuairiscithe a úsáid le réasún mar chomhartha chun costais iompair neamhshaofa na n-amhábhar a mheas nuair a sheachadtar iad chuig monarcha na cuideachta é.
- (101) I gcás roinnt fachtóirí táirgthe b'ionann na costais iarbhír a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch agus sciar diomaibhseach (thart ar 3,3 % go carnach) de chostas iomlána amhábhar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh sin ar na ríomhanna corrlaigh dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh mar thomhaltáin mar a mhínítear in aithris (94).

Lucht saothair

- (102) D'úsáid an Coimisiún na staidrimh a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ⁽⁵¹⁾. Foilsíonn an institiúid sin faisnéis mhionsonraithe faoi chostais saothair in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Tuirc. Bhuígh an Coimisiún an tagarmharc bunaithe ar mheánchostais saothair in aghaidh na huaire do 2020 don ghníomhaíocht eacnamaíoch Chód NACE 24 de 'Monarú Míotal Neamhlómhar' de réir aicmiú NACE Rev.2. Rinneadh na luachanna a choigeartú tuilleadh le haghaidh boilscithe ag baint úsáide as an treoir-innéacs praghsanna do thomhaltóirí intíre ⁽⁵²⁾ chun na costais don thréimhse imscrúdúcháin a léiriú.

⁽⁵⁰⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

⁽⁵¹⁾ <https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Cost-Statistics-2020-37495>

⁽⁵²⁾ <https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Consumer-Price-Index-January-2023-49655>.

Fuinneamh

- (103) D'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna leictreachais agus gáis tionsclaíochta d'úsáideoirí tionsclaíochta sa Tuirc arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ⁽⁵³⁾ don tréimhse ó Iúil 2021 go Meitheamh 2022, glan ar CBL.

Uisce

- (104) Bhain an Coimisiún úsáid as an taraif uisce arna ghearradh ag Ard-Stiúrthóireacht Bhardas Chathrach Izmir atá freagrach as soláthar uisce, bailiú séarachais agus cóireáil i mBardas Chathrach Izmir áit a bhfuil cuideachta ionadaíoch an táirge atá á imscrúdú lonnaithe. Leis an bhfaisnéis is féidir na taraifí is infheidhme don tionscal a shainathint agus is meán-tharaif mhíosúil don tréimhse imscrúdúcháin, glan ó CBL, a bheadh sa thagarmharc ⁽⁵⁴⁾.
- (105) Maidir le huisce, mheas Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd an tagarmharc a úsáideadh, is é sin costais uisce in Izmir gan a bheith ionadaíoch toisc go bhfuil Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd suite i gceantar tuaithe le rochtain éasca ar uisce agus dá bhrí sin an ní féidir costas uisce Changshu Longteng Special Steel Co. a chur i gcomparáid le cathair turasóireachta sa Tuirc.
- (106) D'úsáid an Coimisiún mar thagarmharc taraif uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch sa réigiún ina bhfuil táirgeoir an táirge atá faoi imscrúdú, Kocaer Çelik Sanayi, lonnaithe sa Tuirc. Ina theannta sin, tá bonn tionsclaíoch dea-fhorbartha ag an réigiún roghnaithe. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

Forchostais déantúsaíochta, SG&A agus brabúis

- (107) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.
- (108) Léiríodh na forchostais déantúsaíochta a thabhaigh an tairgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch mar sciar de na costais déantúsaíochta a thabhaigh an tairgeoir onnmhairiúcháin iarbhír. Cuireadh an céatadán seo i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na déantúsaíochta.
- (109) Chun méid réasúnta neamhshaofa a bhunú do SG&A agus brabús, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí airgeadais Kocaer Çelik Sanayi in 2022, mar a bhaintear as bunachar sonraí Orbis.

3.1.3. *Ríomh*

- (110) Ar bhonn an méid thuas, thóg an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an chineáil tairge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (111) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír fachtóirí aonair tairgthe an tairgeora chomhoibríoch onnmhairiúcháin. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin a chuir an tairgeoir comhoibríoch onnmhairiúcháin ar fáil le linn na seiceála cianda. D'iolraigh an Coimisiún na fachtóirí úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a breathnaíodh sa tír ionadaíoch nó faoi chostais neamhshaofa eile in aghaidh an aonaid a shainathnítear sa tábla thuas.
- (112) Ar an dara dul síos, chun teacht ar chostas déantúsaíochta neamhshaofa iomlán, chuir an Coimisiún na forchostais déantúsaíochta i bhfeidhm. Méadaíodh na forchostais déantúsaíochta arna dtabhú ag na tairgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch tré chostais na n-earraí inchaite dá dtagraítear in aithris (101) agus léiríodh ina dhiaidh sin iad mar sciar de chostais déantúsaíochta a thabhaigh gach ceann de na tairgeoirí onnmhairiúcháin iarbhír. Cuireadh an céatadán seo i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na déantúsaíochta.

⁽⁵³⁾ <https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I-January-June,-2022-45567>.

⁽⁵⁴⁾ https://www.izsu.gov.tr/YuklenenDosyalar/AtikSuTarifeleri/Tarifeler_01092022.jpg.

- (113) Ar deireadh, chuir an Coimisiún SG&A agus an brabús leis an méid sin agus sloinneadh iad mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostas iomlán neamhsaofa na monaríochta (i.e. ba ionann SG&A agus 10,98 % agus ba ionann an brabús agus 8,8 %).
- (114) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún meán ar gnáthluach in aghaidh an chineál táirge a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.1.4. An praghas onnmhairiúcháin

- (115) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.
- (116) Ba é an praghas onnmhairiúcháin, dá bhrí sin, an praghas a íocadh i ndáiríre nó is iníoctha don táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.1.5. Comparáid

- (117) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha de réir an chineáil táirge.
- (118) I gcás ina bhfuil údar maith leis mar gheall ar an ngá atá le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus inchomparáideacht phraghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar chostais iompair, árachais, láimhseála, lódála, dleacht chustaim, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

3.1.6. Corrlach dumpála

- (119) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe an chineáil chomhfhreagraigh den táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (120) Bhí leibhéal an chomhair sa chás seo ard, toisc gurbh ionann onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch agus na hallmhairí go léir le linn an IP. Mhaígh Changshu Longteng Speisialta Cruach Co. go raibh táirgeoir onnmhairiúcháin eile den táirge lena mbaineann i nDaon-Phoblacht na Síne. Níor tháinig aon chuideachta eile chun tosaigh, áfach, agus níor shainithin an Coimisiún onnmhairí breise sa staidreamh allmhairiúcháin. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shocrú do tháirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar an leibhéal céanna leis an gcuideachta chomhoibríoch.
- (121) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas teorann an Aontais CIF, dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
Gach cuideachta eile	14,7 %

3.2. An Tuirc

3.2.1. Gnáthluach

- (122) Scrúdaigh an Coimisiún ar dtús an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don táirgeoir onnmhairiúcháin Özkan Demir ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolachán intíre ionadaíoch más rud é gurb é atá i gceist le méid iomlán na ndíolachán intíre den táirge comhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin ná 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin den táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhe imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, b'ionadaíoch díolachán iomlána Özkan Demir den táirge comhchosúil ar an margadh intíre.

- (123) Ina dhiaidh sin, shainnaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha.
- (124) Scrúdaigh an Coimisiún ansin an raibh díolacháin Özkan Demir ar a mhargadh intíre do gach cineál táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre de chineál táirge ionadaíoch más ionann méid iomlán na ndíolachán baile den chineál sin táirge le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin den chineál táirge comhionann nó inchomparáide leis an Aontas. Bhuígh an Coimisiún nach raibh aon díolacháin intíre ar chor ar bith i gcás líon beag cineálacha táirgí a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nó go raibh díolacháin intíre an chineáil táirge sin faoi bhun 5 % de réir toirte agus mar sin nach raibh siad ionadaíoch.
- (125) Ina dhiaidh sin shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre do gach cineál táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh an mbainfear úsáid as díolacháin intíre iarbhir chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.
- (126) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhir in aghaidh an chineáil táirge, is cuma an bhfuil na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:
- (a) B'ionann méid díolacháin an chineáil táirge, a díoladh ar ghlanphraghas díolacháin a bhí comhionann le costas ríofa an táirgthe nó os a chionn, agus níos mó ná 80 % de mhéid díolacháin iomlán an chineáil táirge seo; agus
 - (b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.
- (127) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe ar dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (128) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhir in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, má:
- (a) is ionann méid na ndíolachán brabúsach den chineál táirge agus 80 % nó níos lú de mhéid iomlán na ndíolachán den chineál seo: nó
 - (b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.
- (129) San anailís ar dhíolacháin intíre léiríodh go raibh [50-70] % de na díolacháin intíre go léir brabúsach agus go raibh an meánphraghas ualaithe díolacháin níos airde ná an costas táirgthe.
- (130) Maidir leis na cineálacha táirgí a raibh na díolacháin brabúsach ina n-iomláine, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe de phraghsanna na ndíolachán intíre go léir le linn na tréimhse imscrúdaithe (aithrisí (126) agus (127)) nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin (aithris (128)) ag brath ar mhéid na ndíolachán brabúsach.
- (131) Maidir leis na cineálacha táirgí a raibh (1) díolachán neamhbhrabúsach ina leith nó (2) nach raibh díolacháin ar bith nó nach raibh dóthain díolachán ar an margadh intíre agus i gcás nach raibh aon fhaisnéis shonrach faoi phraghsanna an mhargaidh do na cineálacha táirgí sin nár dhíol Özkan Demir ar an margadh intíre, cheap an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.
- (132) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin:
- (a) na meánchaitheachais ualaithe SG&A arna dtabú ag an táirgeoir comhoibríoch onnmhairithe ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe arna réadú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(133) Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais SG&A agus an meánbhrabús idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre le haghaidh na gcineálacha sin leis sin. Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh in aon chor ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais SG&A agus an meánbhrabús a bhain le gach idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis sin.

3.2.2. An praghas onnmhairiúcháin

(134) D'onnmhairigh táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.

(135) Ba é an praghas onnmhairiúcháin, dá bhrí sin, an praghas a íocadh i ndáiríre nó is iníoctha don táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.3. Comparáid

(136) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(137) I gcás ina bhfuil údar maith leis mar gheall ar an ngá atá le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus inchomparáideacht phraghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe maidir le hiompar, árachas, láimhseáil agus lódáil, costais phacála, costais chreidmheasa agus táillí bainc, coimisiúin, lacáistí agus liúntais eile.

(138) D'aithin an Coimisiún saincheistanna comhshó airgeadra le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Foráiltear le hAirteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán gur cheart dáta an díolacháin a bheith mar dháta an tsonraisc, agus go bhféadfaí dáta an chonartha, an ordaithe ceannaigh nó dhaingniú an ordaithe a úsáid más rud é gurb iad is iomchuí le téarmaí nithiúla an díolacháin a shuíomh. Ar an gcéad dul síos, bhreithnigh an Coimisiún luaineacht ráta malairte Lira na Tuirce (agus titim shuntasach foriomlán i gcoinne an Euro ⁽⁵⁵⁾). Ar an dara dul síos, bhreithnigh an Coimisiún cleachtas socraithe pragsanna an táirgeora onnmhairiúcháin Turcach, faoinar socraíodh na téarmaí ábhartha díola tráth an ordaithe ceannaigh seachas ag dáta an tsonraisc, maidir le díolacháin intíre ⁽⁵⁶⁾ agus onnmhairí araon. Mar sin d'úsáid an Coimisiún an ráta malairte ar dháta an ordaithe ceannaigh chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a thiontú go Lira na Tuirce.

3.2.4. Corrlach dumpála

(139) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir an meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ar chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(140) Ar an mbonn sin, is é 13,6 % an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, dleacht neamhíoctha.

(141) Tá leibhéal an chomhair sa chás seo ard toisc gurbh é a bhí i gceist le honnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch ná na honnmhairí go léir a cuireadh chuig an Aontas ón Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin, toisc gur léirigh an t-imscrúdú gurb eisean an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin a bhí ann maidir leis an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shocrú do tháirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar an leibhéal céanna leis an gcuideachta chomhoibríoch.

⁽⁵⁵⁾ Ó 1 euro = 10,6809 Lira na Tuirce sa chéad mhí den IP (Deireadh Fómhair 2021), go 1 euro = 18,1465 Lira na Tuirce sa mhí seo caite den IP (i.e. +70 % san iomlán). Foinse: An Banc Ceannais Eorpach, Ard-Stiúthóireacht an Bhuiséid, an tSeirbhís um Rátaí Malairte i Réigiún an Aigéin Chiúin.

⁽⁵⁶⁾ Réitíodh díolacháin intíre in airgeadra eachtrach.

- (142) Is iad seo a leanas na corrlaigh dumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas teorann an Aontais CIF, dleacht neamhíochta:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %
Gach cuideachta eile	13,6 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (143) De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, rinneadh an táirge comhchosúil a mhonarú ag triúir táirgeoirí san Aontas go dtí 2020, agus beirt le linn na coda eile den tréimhse faoi bhreathnú agus den tréimhse imscrúdúcháin. Comhdhéanann siad 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (144) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na sonraí maidir le méid na n-allmhairí, sciar den mhargadh agus praghsanna allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Tuirc a nochtadh toisc go bhfuil sé íogair agus rúnda don mhargadh faoi Airteagal 19 den bhun-Rialachán, i bhfianaise líon teoranta na bpáirtithe atá ag oibriú ar mhargadh an Aontais (beirt táirgeoirí Aontais, táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ón Tuirc agus táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ón tSín). Dá nochtfaí an fhaisnéis sin, d'fhéadfaí na páirtithe sonraí rúnda a bhaineann go sonrach le cuideachtaí a shiar-riomh. Mar sin chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil i raonta agus in innéacsanna, a thug faisnéis bhríoch leordhóthanach do na páirtithe leasmhara go léir chun anailís agus conclúidí an Choimisiúin a thuiscint agus chun barúlacha a sholáthar ina leith sin. Cuireadh na sonraí ar fáil freisin i bhfoirm treochtaí fiúntacha ionas go bhféadfadh gach páirtí leasmhar a leasanna a chosaint. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an modh chun na raonta a chruthú a nochtadh mar go ligfeadh sé sin do na páirtithe na huimhreacha beachta a aisghabháil ó na raonta.
- (145) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suíodh go raibh sé thart ar [15 000-18 000] tona. Shuigh an Coimisiún táirgeadh an Aontais ar bhonn na faisnéise go léir a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an fhaisnéis a chuir an gearánach ar fáil, na meastacháin a rinneadh sa ghearán agus sonraí staidrimh ó Eurostat. Mar a léiríodh in aithris (17), ba é an gearánach an t-aon táirgeoir comhoibríoch de chuid an Aontais, arb ionann é agus [75-85] % de tháirgeadh iomlán an Aontais den táirge comhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.2. Tomhaltas an Aontais

- (146) Bhuígh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais de plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas móide allmhairí iomlána isteach san Aontas ó thríú tíortha. Mínítear an mhodheolaíocht chun allmhairí a mheas go mion i Roinn 4.3.2 thíos.
- (147) Mar a mhínítear freisin in aithrisí (11) agus (12), bhí triúir táirgeoirí de chuid an Aontais ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú: Losal (an gearánach), Olifer agus Laminorul. Níor chomhoibrigh Olifer san imscrúdú agus chuir Laminorul iarratas isteach ar fhéimheacht in 2019. Mar sin, bhí méideanna díolacháin Olifer agus Laminorul san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú bunaithe ar an meastachán a rinneadh sa ghearán⁽⁷⁾. Dhíol Laminorul plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach amháin in 2019 agus 2020, arbh ionann é agus thart ar [18- 22]% [4- 7]% faoi seach de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais ar an táirge a bhí faoi imscrúdú sna blianta sin. Maidir leis na díolacháin in 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, measadh gurbh é an táirge a bhí faoi imscrúdú gach díolachán a rinne tionscal an Aontais. Le blianta beaga anuas, measadh gur bhain 75 % de dhíolacháin Laminorul leis an táirge atá faoi imscrúdú, agus bhain an 25 % eile de na díolacháin le plátaí ceannbheannacha cruach de leithead níos mó nach bhfuil mar chuid de raon feidhme an táirge. Mheas an Coimisiún gur sholáthair na toimhdí sin, bunaithe ar eolas margaidh an ghearánaigh, meastachán réasúnta a bhí ag teastáil chun tomhaltas an Aontais a ríomh. Fuarthas méid na ndíolachán don ghearánach óna fhreagra ceistneora agus fóraíodh é ar an láthair.

⁽⁷⁾ Iarscríbhinn F.7.9 agus H.9.1 den ghearán.

(148) Forbraíodh tomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

Tábla 2 —

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[70 000-75 000]	[42 000-46 000]	[44 000-48 000]	[47 000-51 000]
Innéacs (2019 = 100)	100	60	63	68

Foinse: Gearán, freagra ceistneora gearánach, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus Eurostat

(149) Tháinig laghdú 32 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tar éis titim mhór tosaigh de 40 % in 2020, tháinig méadú beag ar thomhaltas sna blianta ina dhiaidh sin. Tharla an titim in 2020 ag an am céanna leis an mbliain inar fhulaing an tAontas de bharr phaindéim COVID-19 agus an ‘dianghlasáil’ arb chúis go mór leis nuair a dúnadh monarchana na dtáirgeoirí agus na n-úsáideoirí plátaí ceannbheannacha cruach ar bhonn sealadach araon. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (29), úsáidtear plátaí ceannbheannacha cruach go príomha sa tionscal longthógála. San Aontas, úsáidtear an chuid is mó den táirge lena mbaineann i dtáirgeadh long cúrsála agus soithí só eile, chomh maith le soithí míleata. Ar cheann d’iarmhairtí phaindéim COVID-19 bhí moilliú ar orduithe do shoithí sócúla agus ar tháirgeadh soithigh só, a raibh tionchar láidir aige ar tháirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach. Cé go bhfuil méadú tagtha ar thomhaltas ó 2020, tá sé fós i bhfad ón leibhéal roimh an bpaindéim.

4.3. Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

4.3.1. Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

(150) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann a mheasúnú go carnach, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(151) Rinneadh an lamháil dumpála a shuí i ndáil leis na hallmhairí ón tSín agus ón Tuirc os cionn na tairsí de minimis atá leagtha síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. B’ionann na scaireanna margaidh sa tréimhse imscrúdúcháin agus [4.0-6,0] % agus [53,0-58,0] % faoi seach.

(152) Ba chosúil na coinníollacha iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus ón Tuirc agus an táirge comhchosúil. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus leis na plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgtear san Aontas toisc go gcaithfidh siad na caighdeáin theicniúla céanna a chomhlíonadh agus go gcaithfidh siad a bheith deimhnithe ag na hinstitiúidí céanna sula gcáilíonn siad don úsáid deiridh atá beartaithe dóibh. Díoltar plátaí ceannbheannacha cruach ó gach foinse trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí comhchosúla custaiméirí. Úsáideann tógálaithe long na plátaí ceannbheannacha cruach céanna chun na críche céanna agus ní dhéanann siad idirdhealú ach ar ghnéithe teicniúla an táirge (m.sh. leithead, fad, grád cruach etc.), ní bunús an táirge.

(153) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir go léir atá leagtha amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ón tSín agus ón Tuirc go carnach chun críocha chinneadh díobhála.

4.3.2. Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

- (154) Bhunaigh an Coimisiún líon na n-allmhairí ón tSín agus ón Tuirc ar bhonn shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríochacha. Measadh go raibh na sonraí fíoraithe ó na táirgeoirí seo níos cruinne ná sonraí Eurostat, ós rud é go dtuairiscíonn Eurostat gach allmhaire a thagann faoin gcód AC le haghaidh plátaí ceannbheannacha cruach. Áirítear sa chód seo freisin plátaí ceannbheannacha cruach le toisí a thagann lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe seo.
- (155) Bunaíodh sciar den mhargadh na n-allmhairí ar bhonn na scaire a léirigh na hallmhairí sin de thomhaltas iomlán an Aontais. Mar a mhínítear in aithris (146), bhí tomhaltas an Aontais bunaithe ar dhíolacháin plátaí ceannbheannacha cruach ag tionscal an Aontais san Aontas féin móide iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas ó thríú tíortha. Bunaíodh líon na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, mar a léirítear i dTábla 3 thíos freisin, ar bhonn sonraí ó Eurostat. Chun meastachán a dhéanamh ar an gcuid de na hallmhairí sin a bhaineann leis an táirge lena mbaineann, lean an Coimisiún na toimhdí a mhínítear i roinn C.1.1.1 den ghearán. Mheas an gearánach gur bhain 25 % d'allmhairí ón Ríocht Aontaithe leis an táirge a bhí faoi imscrúdú in 2019 agus 2020, agus 45 % sna blianta eile nuair a mhéadaigh an táirgeoir aitheanta sa Ríocht Aontaithe a raon de tháirgí plátaí ceannbheannacha cruach. Mheas an gearánach freisin go raibh baint ag 75 % d'allmhairí ó gach tír eile leis an táirge a bhí faoi imscrúdú. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, mheas an Coimisiún gur meastachán réasúnta ar allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú na toimhdí sin.
- (156) D'fhorbair na hallmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann mar seo a leanas:

Tábla 3 —

Méid (tonaí) na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ón Dhaon-Phoblacht na Síne	[1 200-1 600]	[800-1 200]	[2 800-3 200]	[2 000-2 400]
<i>Innéacs</i>	100	68	204	151
Méid na n-allmhairí ón Tuirc	[37 000-41 000]	[23 000-27 000]	[24 000-28 000]	[24 000-28 000]
<i>Innéacs</i>	100	65	66	67
Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	[38 200-42 600]	[23 800-28 200]	[26 800-31 200]	[26 000-30 400]
<i>Innéacs</i>	100	65	71	70
Sciar den mhargadh Dhaon-Phoblacht na Síne (%)	[1,1-3,1]	[1,4-3,4]	[6,0-8,0]	[4,0-6,0]
<i>Innéacs</i>	100	113	324	223
Sciar de mhargadh na Tuirce (%)	[53,0-58,0]	[57,0-62,0]	[55,0-60,0]	[53,0-58,0]
<i>Innéacs</i>	100	107	104	99
Tíortha a bhfuil sciar den mhargadh acu lena mbaineann (%)	[54,1-61,1]	[58,4-65,4]	[61,0-68,0]	[57,0-64,0]
<i>Innéacs</i>	100	107	112	104

Foins: Gearán, freagra ceistneora an ghearánaí, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríochacha agus Eurostat

(157) Tháinig laghdú de 30 % ar líon na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin, rud a thit go mór in 2020 sular éirigh le haisghabháil páirteach go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Ag an am céanna, tháinig méadú de 4 % ar a sciar den mhargadh. Tháinig laghdú ar líon na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i gcomhthráth le laghdú 32 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar a mhínítear in aithris (149). Toisc go raibh na tíortha i dtrácht in ann a sciar den mhargadh a choinneáil agus fiú a mhéadú in aimsir laghdaithe tomhaltais, bhí an méadú sin ar an sciar den mhargadh chun dochair do rannpháirtithe eile sa mhargadh, go háirithe tionscal an Aontais. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin thit sciar den mhargadh na dtíortha lena mbaineann arís le hocht faoin gcéad i gcomparáid le 2021, ach d'fhan sé ag leibhéal níos airde ná a sciar den mhargadh in 2019. Bhain an titim seo i sciar den mhargadh do na tíortha lena mbaineann go mór le méadú suntasach ar dhíolacháin ón ngearánach le cliant tábhachtach amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, níor léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún go raibh an méadú sin struchtúrach nó go leanfadh an treocht sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.

4.3.3. Pragsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann: sladghearradh praghais agus srianadh pragsanna

(158) Bhunaigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí ar bhonn shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, i gcomhréir le cinneadh mhéid na n-allmhairí mar a mhínítear in aithrisí (154)-(155). Bunaíodh tearcghearradh praghais ar allmhairí ar bhonn sonraí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus ó tháirgeoir an Aontais chomhoibríoch.

(159) Is mar seo a leanas a d'fhorbair meánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 4 –

Pragsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Daon-Phoblacht na Síne	[800-900]	[800-900]	[850-1 000]	[1 000-1 200]
Innéacs	100	95	108	133
An Tuirc	[700-800]	[700-800]	[850-1 000]	[1 000-1 200]
Innéacs	100	92	119	139

Foinse: Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(160) Tháinig méadú 33 % agus 39 % ar phragsanna allmhairiúcháin i gcás na Síne agus na Tuirce, faoi seach. Ba é ba chúis leis an méadú sin den chuid is mó ná an méadú ar phragsanna amhábhbar agus ar phragsanna fuinnimh i ndiaidh phaindéim COVID-19 agus an méadú a tháinig orthu le déanaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar gheall ar an gcogadh leanúnach san Úcráin. Mar sin féin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú níos mó fós, 46 %, ar phragsanna díolacháin an Aontais.

(161) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir:

- (1) na meánphraghsanna díolacháin ualaithe in aghaidh an chineáil táirge de chuid an táirgeora chomhoibríoch de chuid an Aontais a mhuirearaítear ar chustaiméirí neamhghaolmhara mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal an praghais díreach ón monarcha; agus
- (2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge de na hallmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa tSín agus sa Tuirc chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna mbunú ar bhonn Costais, árachais, lastais (CIF), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh iar-allmhairithe costais.

- (162) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna choigeartú go cúí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Léiríodh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil an táirgeora chomhoibríoch de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh ann meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 6,5 % don tSín agus 11,1 % don Tuirc de réir na n-allmhairí ar mhargadh an Aontais.
- (163) Sa bhreis air sin, shuigh an Coimisiún go raibh ann do shochtadh praghsanna. Go deimhin, mar a léirítear i dTábla 8, bhí tionscal an Aontais ag díol faoi bhun an chostais táirgthe ar feadh na tréimhse lena mbaineann. Mar gheall ar an mbrú praghsais suntasach de bharr na n-allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a gcuid praghsanna díolacháin a mhéadú chun staid bhrabúsach a bhaint amach, rud a d'fhág go raibh cailleanais ann le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Go háirithe, fuair an Coimisiún tearcdhíol de 21,7 % don tSín agus 30,0 % i gcás Türkiye.

4.4. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

4.4.1. Barúlacha ginearálta

- (164) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, áiríodh leis an scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha go léir a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (165) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa ghearán agus sonraí fíoraithe tháirgeoir an Aontais chomhoibríoch. Bhain na sonraí le tháirgeoirí uile an Aontais a bhí ag táirgeadh agus ag díol an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a mhínítear in aithris (147) bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais i dtús na tréimhse faoi bhreathnú, agus níor fhan ach dhá cheann díobh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar fhéimheacht Laminorul. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa fhreagra ceistneora ó tháirgeoir an Aontais chomhoibríoch. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ina iomláine, go háirithe toisc gurbh ionann tháirgeoir an Aontais chomhoibríoch agus níos mó ná 75 % de tháirgeadh iomlán an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin.
- (166) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrleigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.
- (167) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

4.4.2. Táscairí maicreacnamaíocha

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (168) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 5 –

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid táirgeachta (tonaí)	[25 000-30 000]	[12 500-15 500]	[13 500-17 000]	[15 000-18 000]

<i>Innéacs</i>	100	51	56	60
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[65 000-85 000]	[48 000-63 000]	[39 000-52 000]	[39 000-52 000]
<i>Innéacs</i>	100	74	61	61
Úsáid acmhainne (%)	[33-39]	[22-27]	[30-36]	[32-38]
<i>Innéacs</i>	100	69	91	98

Foinse: Gearán agus sonraí fíoraithé ón ngearánach

- (169) Tháinig laghdú ar mhéid táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé seo i bpáirt mar gheall ar fhéimheacht Laminorul a luadh cheana, ach léirigh méideanna táirgeachta an dá chuideachta a bhí fágtha laghdú géar in 2020 freisin. ⁽⁵⁸⁾ Cé gur tháinig méadú ar líon na táirgeachta sna blianta ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse imscrúduithe, bhí an méid táirgeachta fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2019. Tá an laghdú sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú freisin i gcomhréir leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais sna blianta céanna.
- (170) Laghdaigh cumas táirgthe freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar gheall ar fhéimheacht Laminorul. D'fhan cumas táirgthe an dá chuideachta atá fágtha seasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig laghdú 2 % ar an ráta úsáide acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, suas ó laghdú géar in 2020 mar gheall ar an laghdú ar an tomhaltas agus ar mhéideanna táirgeachta gaolmhara i ndiaidh phaindéim COVID-19, mar a mhínítear in aithris (149). Maidir leis an dá chuideachta a bhí fágtha, chuaigh an ráta úsáide acmhainne níos ísle fós idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. ⁽⁵⁹⁾

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

- (171) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 6 —

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[25 000-29 000]	[11 000-15 000]	[12 000-16 000]	[15 000-19 000]
<i>Innéacs</i>	100	47	51	62
Sciar den mhargadh (%)	[35-40]	[27-32]	[28-33]	[32-37]
<i>Innéacs</i>	100	77	82	91

Foinse: Gearán, freagra ceistneora an ghearánaí, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus Eurostat

⁽⁵⁸⁾ Deimhníodh an treocht seo freisin i dTábla 5 de fhreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir do tháirgeoirí Aontais, sa leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara (Doiciméad Tron t22.006788).

⁽⁵⁹⁾ Deimhníodh an treocht seo freisin i dTábla 7 de fhreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir do tháirgeoirí Aontais, sa leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara (Doiciméad Tron t22.006788).

(172) Tháinig laghdú de 38 % ar líon na ndíolachán i dtionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a thit go mór in 2020 roimh théarnamh páirteach a bhaint amach go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú 9 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais. Breathnaítear freisin ar an treocht anuas i méid na ndíolachán, cé go bhfuil sé beagán níos lú, nuair a bhreathnaítear ar an dá chuideachta atá fágtha, cé gur ghnóthaigh siad sciar éigin den mhargadh in 2021 agus sa tréimhse imscrúdúcháin ⁽⁶⁰⁾. Tharla an titim ar sciar den mhargadh agus ar mhéideanna díolacháin an Aontais in 2020 ag an am céanna le féimheacht Laminorul. Cé gur tháinig laghdú ar an tomhaltas, allmhairí agus méideanna díolacháin an Aontais in 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19, mar a mhínítear in aithris (149), cuireadh allmhairí in ionad cuid de na méideanna díolacháin a cuireadh i leith Laminorul roimhe seo seachas le díolacháin eile o tháirgeoirí eile de chuid an Aontais. Is léir é seo ó na sonraí i dTáblaí 3 agus 6, a thaispeánann gur mhéadaigh sciar den mhargadh na Síne agus na Tuirce in 2020 agus ag an am céanna chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh. Ó 2020 i leith bhí tionscal an Aontais in ann cuid den sciar den mhargadh a cailleadh a ghnóthú, ach níor shroich sé an leibhéal a raibh ann roimh 2020.

4.4.2.3. Fás

(173) Mar a mhínítear in aithrisí (169) agus (170) thuas, tháinig laghdú ar mhéid táirgeachta agus ar ráta úsáide acmhainneachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a d'fhág go raibh costais sheasta níos airde in aghaidh an aonaid táirgthe. Ag an am céanna, tháinig laghdú suntasach ar an éileamh ar phlátaí ceannbheannacha cruach in 2020, sular tháinig sé ar ais beagán go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhthéacs an laghdaithe ar thomhaltas, chaill tionscal an Aontais méideanna suntasacha díolacháin agus sciar den mhargadh. Ní raibh sé in ann cuid dá líon díolacháin agus a sciar den mhargadh a fháil ar ais ach amháin ar chostas a phraghsanna díolacháin a d'fhan go seasta faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, mar a mhínítear thíos i roinn 4.4.3.1. Dá bhrí sin, tá peirspictíochtaí fáis thionscal an Aontais imithe in olcas freisin.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(174) Tháinig forbairt ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 7 —

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Líon na bhfostaithe	[250-300]	[130-160]	[130-160]	[130-160]
Innéacs	100	53	54	52
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	[100-110]	[95-105]	[103-113]	[115-125]
Innéacs	100	97	103	115

Foinse: Gearán, sonraí fíoraithe ón ngearánach agus Orbis van Dijk ⁽⁶¹⁾

(175) Lean an fhostaíocht san earnáil an treocht chéanna agus a bhí ag an táirgeacht agus an tomhaltas ar mhargadh an Aontais agus bhí titim ollmhór 48 % ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Féimheacht Laminorul ba chúis leis sin go príomha, ach tháinig laghdú freisin ar an bhfostaíocht i gcás an ghearánaigh, cé gur tháinig sé ar ais beagán óna phointe is ísle in 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ⁽⁶²⁾. Lean an laghdú seo an treocht anuas a chonacthas i gcás thomhaltas an Aontais in 2020 agus lean sé an téarnamh teoranta a tháinig ar an tomhaltas go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

⁽⁶⁰⁾ Deimhníodh an treocht seo freisin i dTábla 12 de fhreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir do tháirgeoirí Aontais, sa leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara (Doiciméad Tron t22.006788).

⁽⁶¹⁾ Bunachar sonraí Orbis, arna sholáthar ag Bureau Van Dijk (<https://orbis.bvdinfo.com>).

⁽⁶²⁾ Deimhníodh an treocht seo freisin i dTábla 29 de fhreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir do tháirgeoirí Aontais, sa leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara (Doiciméad Tron t22.006788).

- (176) Ag an am céanna, tháinig méadú de 15 % ar tháirgiúlacht idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, tá tionchar ag an bhfigiúr seo ar an bhfric go raibh Laminorul tar éis cuid mhór dá bhfoireann a asbhaint in 2019, ach go raibh díolacháin fós acu in 2019 agus, go pointe níos lú, in 2020. Tháinig laghdú ar tháirgiúlacht don dá tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí fágtha le linn na tréimhse faoi bhreathnú ⁽⁶³⁾. Léiríonn táirgiúlacht laghdaitheach an dá tháirgeoir de chuid an Aontais atá fágtha go bhfuil costas méadaithe saothair in aghaidh an tona plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgtear.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe seo

- (177) Bhí na corrlaigh dumpála go léir os cionn an leibhéil de minimis. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhir ar an tionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.
- (178) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.4.3. Táscairí micreacnamaíocha

4.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí lena ndéantar difear do phraghsanna

- (179) Is mar seo a leanas ar fhorbair meánphraghsanna díolacháin aonaid an táirgeora comhoibríoch de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas thar an tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8 –

Praghsanna díola san Aontas

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	[850-950]	[850-950]	[1 000-1 150]	[1 200-1 400]
Innéacs	100	100	118	146
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[950-1 050]	[950-1 050]	[1 100-1 250]	[1 300-1 500]
Innéacs	100	100	121	141

Foinse: Sonraí fíoraithe ón ngearánach

- (180) Tháinig méadú de 46 % ar mheánphraghsanna díolacháin an táirgeora chomhoibríoch de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú beagán níos lú ar an gcostas aonaid táirgthe le 41 % le linn na tréimhse céanna. Mar sin féin, ar feadh na tréimhse iomlán faoi bhreathnú, bhí praghsanna díolacháin faoi an mheánchostas táirgthe ar bhonn seasta. Chiollaigh sé sin nach raibh táirgeoir an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú go leibhéal ina gcumhdóidh costas méadaithe an táirgthe.

⁽⁶³⁾ Deimhníodh an treocht seo freisin i dtábla achoimre de fhreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir do tháirgeoirí Aontais, sa leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara (Doiciméad Tron t22.006788).

- (181) Bhí díolacháin an tairge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais bunaithe ar chonarthaí réime le custaiméirí a shocraigh na cainníochtaí agus na praghsanna don tréimhse ina dhiaidh sin (idir bliain agus cúpla m), nó bunaithe ar luachana agus spotphragsanna. Dá bhrí sin bhí corrlach ag tairgeoir comhoibríoch an Aontais chun praghsanna díolacháin a ardú i gcomhthéacs praghsanna amhábar agus fuinnimh a mhéadú tráth athchaibidlíochta conarthaí nó tráth a raibh luachana á dtairiscint. Mar sin féin, níor éirigh leis é sin a dhéanamh chomh fada agus ba ghá le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar bhrú praghaís ó allmhairí a lean ar aghaidh ag teacht isteach i méideanna ard. Ba é an toradh a bhí air sin ná cailteanas leanúnach a bheith ag tairgeoir comhoibríoch an Aontais, mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.4 thíos.

4.4.3.2. Costais saothair

- (182) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tairgeoira chomhoibríoch an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9 —

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[48 000-53 000]	[45 000-50 000]	[45 000-50 000]	[53 000-58 000]
Innéacs	100	94	94	112

Foinse: Sonraí fíoraithe ón ngearánach

- (183) Tháinig méadú 12 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé seo nasctha leis an laghdú ar líon na bhfostaithe gan laghdú comhchosúil ar na costais sheasta.

4.4.3.3. Fardail

- (184) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na leibhéil stoic de tháirgeoir comhoibríoch an Aontais thar an tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10 —

Fardail

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tona)	[2 000-2 500]	[1 600-2 100]	[2 000-2 500]	[2 300-2 800]
Innéacs	100	82	104	117
Stoic dheiridh mar chéatadán den tairgeacht	[11-14]	[14-17]	[15-18]	[16-19]
Innéacs	100	129	136	141

Foinse: Sonraí fíoraithe ón ngearánach

- (185) Tháinig laghdú 18 % ar fhardail ar dtús in 2020 sular tháinig méadú orthu le linn na coda eile den tréimhse faoi bhreathnú a shroich leibhéal 17 % níos airde ná mar a bhí in 2019. Mhéadaigh na stoic dheiridh mar chéatadán den tairgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus shroich siad idir 16 agus 19 % den tairgeadh bliantúil. Bhí tionchar diúltach ag an staid sin ar staid airgeadais tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíocht agus cumas caipiteal a cruinniú

- (186) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí de táirgeoir comhoibríoch an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11 —

Brabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[(- 11)-(- 7)]	[(- 10,5)-(- 6,5)]	[(- 10)-(- 6)]	[(- 6)-(- 3)]
<i>Innéacs</i>	- 100	- 94	- 91	- 46
An sreabhadh airgid (EUR)	[700 000- 800 000]	[(- 700 000)- (- 600 000)]	[(- 1 700 000)- (- 1 400 000)]	[25 000- 30 000]
<i>Innéacs</i>	100	- 84	- 208	4
Infheistíochtaí (EUR)	[1 000 000- 1 200 000]	[1 250 000- 1 450 000]	[600 000- 700 000]	[650 000- 750 000]
<i>Innéacs</i>	100	122	60	64
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[(- 51)-(- 46)]	[(- 28)-(- 23)]	[(- 26)-(- 21)]	[(- 18)-(- 13)]
<i>Innéacs</i>	- 100	- 53	- 51	- 35

Foinse: Sonraí fíoraithe ón ngearánach

- (187) Bhuígh an Coimisiún brabúsacht táirgeora chomhoibríoch an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. D'éirigh le táirgeoir comhoibríoch an Aontais a chaillteanas a laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach bhí caillteanas á ndéanamh aige ar feadh na tréimhse iomláine. Ba é ba chúis leis an bhfíric gur laghdaigh sé a chaillteanas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le blianta roimhe sin, go príomha mar gheall ar a chumas méadaithe, a bhain le hoiriúnú a straitéise tráchtála, a praghsanna a ath-idirbheartú agus a oiriúnú do chostais mhéadaithe fuinnimh agus amhábhair. Mar sin féin, i ngeall ar an mbrú leanúnach praghais ó allmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann, ar éirigh leo fiú a sciar den mhargadh a bhí an-ard cheana féin a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh táirgeoir comhoibríoch an Aontais in ann na costais go léir a léiriú sna praghsanna dá gcustaiméirí.
- (188) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú ar an treocht sa ghlanshreabhadh airgid go dtí an tréimhse imscrúdúcháin le sreabhadh airgid diúltach in 2020 agus 2021, agus suas arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí laghdú foriomlán de 96 % ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríodh leis an treocht dhiúltach sin go raibh deacrachtaí ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais a chuid gníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú, rud a bhí ina léiriú eile ar a staid airgeadais a bhí ag dul in olcas.
- (189) Is ionann an toradh ar infheistíochtaí agus an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí. D'infheistigh táirgeoir comhoibríoch an Aontais ar bhonn leanúnach chun éifeachtúlacht a shaoráidí táirgthe a fheabhsú, amhail innealra nua pléasccha lámhaigh agus péintéireachta a fháil chun go bhféadfaí na codanna sin den phróiseas táirgthe a chomhlíonadh go hinmheánach a eisfhóinsíodh roimhe sin, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus aga tionscanta a laghdú. Mar sin féin, bhí a chumas chun infheistíocht a dhéanamh teoranta mar gheall ar a staid de chaillteanas leanúnacha. Ina theannta sin, bhí an toradh ar infheistíocht, cé gur tháinig feabhas air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fós diúltach i rith na tréimhse iomláine. Dá bhrí sin, ní raibh táirgeoir comhoibríoch an Aontais in ann i ndóthain brabús a ghiniúint chun a chuid infheistíochtaí a chumhdach.

(190) Chuir a staid dhiúltach airgeadais isteach ar chumas táirgeoirí comhoibríocha an Aontais caipiteal a chruinniú. Léirigh na cailteanais leanúnacha agus an glanshreabhadh airgid inní thromchúiseach a mhéid a bhaineann lena staid leachtachta agus a chumas caipiteal a chruinniú chun a ghníomhaíocht oibríúcháin agus infheistíochtaí riachtanacha a mhaoiniú.

4.4.4. *Conclúid ar dhíobháil*

(191) Rinneadh díobháil do thionscal an Aontais ar feadh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Tharla na cailteanais leanúnacha i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse sin ag an am céanna le méideanna suntasacha allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ag praghsanna a bhí faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais. Mar a pléadh i roinn 4.3.3, rinneadh sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais agus bhí siad curtha faoi chois mar gheall ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(192) Le linn tréimhse ina raibh laghdú foriomlán ar thomhaltas an Aontais agus tar éis roinnt téarnaimh tar éis laghdú suntasach tosaigh ar dhíolacháin plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas in 2020, sháraigh an méadú ar mhéideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann an méadú ar mhéideanna díolacháin an Aontais ar mhargadh an Aontais. Tar éis titim tosaigh de 35 % in 2020, tháinig méadú ar thoirteanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann go leibhéil 70 % de mhéideanna allmhairí 2019. Tháinig laghdú de 53 % ar líon na ndíolachán i dtionscal an Aontais ar dtús agus níor tháinig siad ar ais ach go dtí leibhéil de 62 % de mhéideanna díolacháin 2019 amháin.

(193) Ag an am céanna, tháinig méadú ar phraghsanna díolacháin do thionscal an Aontais agus don dá thír lena mbaineann. Mar sin féin, cé nach raibh tionscal an Aontais in ann a leibhéal praghsanna a ardú go seasta chun staid bhrabúsach a bhaint amach, tháinig méadú ar an difríocht idir praghsanna díolacháin thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairí ón dá thír lena mbaineann. Tháinig méadú de 46 % ar phraghsanna an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 33 % ar phraghsanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus 39 % ón Tuirc le linn na tréimhse céanna. Chiollaigh sé sin, in ainneoin méaduithe praghsais ar allmhairí agus ar dhíolacháin an Aontais araon, gur chuir praghsanna na n-allmhairí ón dá thír lena mbaineann brú méadaitheach ar phraghsanna díolacháin thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, cé gur cuireadh iallach ar thionscal an Aontais leanúint ar aghaidh ag díol ar chailteanais, chuaigh a sciar den mhargadh ar gcúl in aghaidh na dtíortha lena mbaineann idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur ghnóthaigh tionscal an Aontais cuid dá sciar den mhargadh a cailleadh arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor shroich sé an leibhéal a raibh sé ag in 2019. Mar a mhínítear in aithris (157), ní de chineál struchtúrach a bhí an méadú ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach bhí sé nasctha den chuid is mó le méadú sealadach ar orduithe ó chliant ar leith.

(194) Léirigh beagnach gach táscaire díobhála treocht dhiúltach fhoriomlán ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig meath ar tháirgeadh, ar chumas táirgthe agus ar úsáid acmhainne, ag teacht le laghdú ar líon na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh. Ar dtús tháinig forbairt dhiúltach ar na táscairí in 2020, go príomha mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus fhéimheacht Laminorul mar a mhínítear in aithrisí (149), (160), (170) agus (172). Ó 2020 i leith bhí an tAontas ábalta téarnamh go pointe áirithe de réir mar a mhéadaigh an t-éileamh ar phlátaí ceannbheannacha cruach agus tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais arís i ndiaidh phaindéim COVID-19. Mar sin féin, cé gur léirigh na táscairí díobhála feabhas ó 2020, le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí siad ar fad fós i bhfad faoi na leibhéil roimh 2020. Mar gheall ar líon mór leanúnach agus sciartha margaidh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, atá ar phraghas faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais, níorbh fhéidir leis na tíortha sin téarnamh a mhéid is gá chun staid airgeadais chobhsaí agus bhrabúsach a bhaint amach.

(195) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú de 36 % ar ghlan-infheistíochtaí agus d'fhan an toradh ar infheistíocht fós diúltach. D'athraigh an sreabhadh airgid go suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sé diúltach den chuid is mó nó gar do nialas ó 2020 i leith. Chuir sé sin isteach ar chumas thionscal an Aontais a chuid oibríochtaí a fhéinmhaoiniú.

(196) Tháinig laghdú de 48 % ar líon na bhfostaithe le linn na tréimhse céanna, arbh fhéimheacht Laminorul in 2020 go príomha ba chúis leis, ach bhí treocht anuas den chineál céanna le feiceáil freisin do tháirgeoirí eile an Aontais. An tráth céanna, tháinig laghdú ar tháirgiúlacht (nuair nár cuireadh díolacháin Laminorul san áireamh mar a mhínítear in aithris (176)), rud a d'fhág go raibh costas saothair níos airde in aghaidh an tona plátaí ceannbheannacha cruach.

(197) Mar atá leagtha amach thuas, bhí táscairí eacnamaíocha amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir sé sin isteach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féin-mhaoinithe a dhéanamh, infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a chruinniú, rud a chuir bac ar a fhás agus ag cur bagartha fiú ar a mharthanacht.

- (198) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as ag an gcéim seo gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

- (199) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cibé an ndearna nó nach ndearna na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh nó nach bhféadfadh fachtóirí aitheanta eile dochar a dhéanamh do thionscal an Aontais ag an am céanna. Chinntigh an Coimisiún nár cuireadh i leith na n-allmhairí dumpáilte aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Ba iad na fachtóirí sin ná allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais, paindéim COVID-19 a rinne difear do thomhaltas an Aontais, an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus easpa líomhnaithe d'éagsúlacht táirgí.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

- (200) Scrúdaigh an Coimisiún éabhlóid mhéid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a dtionchar ar thionscal an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán.

5.1.1. Cainníocht agus sciar den mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann

- (201) Tháinig laghdú 30 % ar na cainníochtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig an laghdú sin, mar a mhínítear in aithris (157), i gcomhthráth le laghdú comhchosúil ar thomhaltas an Aontais, a tharla go príomha de bharr phaindéim COVID-19 agus an laghdú a tháinig dá bharr ar an éileamh ar longthógáil agus na hionchuir ghaolmhara amhail plátaí ceannbheannacha cruach. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithrisí (192)-(193), bhí an méadú a breathnaíodh ar mhéideanna allmhairí tar éis 2020 níos mó ná an méadú ar mhéideanna díolacháin an Aontais le linn na tréimhse céanna.
- (202) In 2020 chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, mar gheall go príomha ar mheath Laminorul. Mar a léirítear i dTáblaí 3 agus 6, chuaigh an sciar den mhargadh, a bhí ag Laminorul roimhe seo, chuig an Tuirc agus an tSín go páirteach. Tháinig méadú leanúnach ar an sciar den mhargadh a bhí ag na tíortha lena mbaineann idir 2019 agus 2021. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chaill na tíortha lena mbaineann cuid den sciar den mhargadh a ghnóthaigh siad sna blianta roimhe sin chun leasa thionscal an Aontais. Mar sin féin, cé gur éirigh le tionscal an Aontais cuid den sciar den mhargadh a chaill sé in 2020 a athghnóthú, níl na leibhéil a raibh ann roimh 2020 bainte amach aige go fóill. Mhéadaigh sciar den mhargadh d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ó [54,1-61,1] % in 2019 go [57,0-64,0] % le linn na tréimhse imscrúdaithe, i.e. méadú 4 %, agus chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, tá méadú suntasach tagtha ar allmhairí dumpáilte de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán.

5.1.2. Pragas na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus éifeacht praghais

- (203) Ina theannta sin, rinneadh na hallmhairí sin ar phraghsanna a bhí i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais thar an tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Cé go raibh tionscal an Aontais in ann a chuid praghsanna a ardú ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú chun freastal go páirteach ar phraghsanna méadaithe amhábhbar agus ionchuir, ní raibh sé in ann a phraghsanna a mhéadú a mhéid is gá chun a chostais táirgthe a chlúdach. Ag an am céanna, cé gur tháinig méadú freisin ar phraghsanna allmhairí ón tSín agus ón Tuirc le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé sin go pointe ní ba lú ná praghsanna thionscal an Aontais agus ag tosú ó leibhéal praghsanna níos ísle. Go deimhin, bhí an meánphraghas ar allmhairí ón tSín agus ón Tuirc araon faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais ar feadh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.
- (204) Mar gheall ar an mbrú praghais a chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ón tSín agus ón Tuirc araon, ní raibh de rogha ag tionscal an Aontais ach an socrú praghsanna sin a leanúint chun iarracht a dhéanamh cuid de na méideanna díolacháin a chaill sé in 2020 a athghnóthú, i dtréimhse inar tháinig laghdú ar thomhaltas agus méadú ar chostais táirgthe. Cé gur éirigh le tionscal an Aontais a mhéideanna díolacháin a mhéadú tar éis 2020 le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí 62 % de na leibhéil de 2019, ní raibh sé ábalta é sin a dhéanamh a mhéid céanna leis an méadú ar thomhaltas an Aontais (a bhí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag 68 % de na leibhéil de 2019) agus allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (ag 70 % de na leibhéil de 2019). Dá bharr sin, d'fhulaing táirgeoir comhoibríoch an Aontais cailteanas leanúnach ar feadh na tréimhse a measadh. Le linn na tréimhse céanna léiríodh forbairt chomh diúltach céanna ar tháscarí airgeadais eile cosúil leis an toradh ar an infheistíocht agus sreabhadh airgid thirim. Cé gur tháinig feabhas ar an toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé fós diúltach ar bhonn seasta lena linn sin, agus níor athghnóthaíodh an sreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach go dtí 4 % de na leibhéil de 2019.

5.1.3. *Nasc cúiseach idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus ón Tuirc, agus an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais*

- (205) Tharla an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ag an am céanna le láithreacht shuntasach allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhthéacs margaidh atá ag dul i laghad, bhí tionchar diúltach ar staid airgeadais thionscal an Aontais ag sciar méadaithe den mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann in éineacht lena meánphraghsanna díolacháin ísle. Cé go raibh tionscal an Aontais in ann téarnamh go pointe áirithe go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ón laghdú ar líon na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh a tharla in 2020, ní raibh sé ábalta a bpraghsanna díolacháin a mhéadú go leordhóthanach chun na costais táirgthe a bhí ardaithe go láidir a chumhdach go hiomlán, mar gheall ar an láithreacht mhéadaithe d'allmhairí dumpáilte den táirge lena mbaineann ó na tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba chúis le cosc praghsanna mar gheall ar allmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann.
- (206) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go sealadach gur allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna ar an.

5.2. **Éifeachtaí fachtóirí eile**5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

- (207) Méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile a forbraíodh thar an tréimhse faoi bhreathnú mar seo a leanas:

Tábla 12 —

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An Ríocht Aontaithe	Méid (tona)	[2 000-2 400]	[2 800-3 200]	[1 000-1 400]	[1 700- 2 100]
	<i>Innéacs</i>	100	140	51	84
	Sciar den mhargadh (%)	[2,0-4,0]	[5,0-7,0]	[1,5-3,5]	[2,5-4,5]
	Meánphraghas	[700- 800]	[650- 750]	[800- 950]	[1 150- 1 350]
	<i>Innéacs</i>	100	93	110	167
Tríú tíortha eile	Méid (tona)	[0-10]	[300- 600]	[200- 500]	[100- 400]
	<i>Innéacs</i>	100	11 295	8 086	6 324
	Sciar den mhargadh (%)	[0,0-0,5]	[1,0-1,5]	[0,5-1,0]	[0,3-0,8]
	Meánphraghas	[1 100-1 200]	[1 100-1 200]	[700- 850]	[1 100- 1 300]
	<i>Innéacs</i>	100	101	73	104
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tona)	[2 000-2 400]	[3 100-3 800]	[1 200-1 900]	[1 800- 2 500]
	<i>Innéacs</i>	100	162	66	97

	Sciar den mhargadh (%)	[2,0-4,5]	[6,0-8,5]	[2,0-4,5]	[2,8-5,3]
	Meánphraghas	[700- 800]	[700- 800]	[800- 950]	[1 150- 1 350]
	Innéacs	100	100	109	165

Foinse: Gearán, freagra ceistneora an ghearánaí, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríochá agus Eurostat

- (208) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba í an Ríocht Aontaithe an t-aon tríú tír eile ónar allmhairíodh méideanna suntasacha plátaí ceannbheannacha cruach isteach san Aontas. Mar sin féin, ní raibh na plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe ach go páirteach mar an táirge a bhí faoi imscrúdú. Níor tháirg British Steel, an t-aon táirgeoir plátaí ceannbheannacha cruach aitheanta sa Ríocht Aontaithe, ach plátaí de 200 mm ar leithead agus níos airde in 2019, leithead 180 mm agus os a chionn ó 2020, agus faoi láthair freisin ag 160 mm agus os a chionn ⁽⁶⁴⁾. Mar a mhínítear in aithris (154), áirítear leis an bhfaisnéis staidrimh maidir le plátaí ceannbheannacha cruach atá ar fáil in Eurostat don tréimhse faoi bhreathnú gach méid pláta ceannbheannaigh cruach, ní hamháin an táirge atá faoi imscrúdú. Bunaithe ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa ghearán, rinne an Coimisiún meastachán ar an gcuid de na méideanna allmhairiúcháin a cláraíodh in Eurostat a bhain leis an táirge lena mbaineann sna blianta éagsúla.
- (209) Mar a leagtar amach in aithrisí (157) agus (172), tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann chomh maith le méideanna díolacháin thionscal an Aontais in 2020, sula raibh téarnamh páirteach amach sna blianta ina dhiaidh sin. Ag an am céanna, mhéadaigh allmhairí ón Ríocht Aontaithe le 40 % in 2020, thit siad go dtí leath de líon 2019 in 2021 agus mhéadaigh siad arís go leibhéal 16 % faoi bhun líon 2019. Mhínigh an t-úsáideoir comhoibríoch go dtáirgeann an táirgeoir sa Ríocht Aontaithe plátaí ceannbheannacha cruach (agus onnmhairí) ar bhonn neamhrialta agus ach amháin nuair nach leithdháileann siad a gcumas táirgthe ar tháirgí eile.
- (210) Na méaduithe agus laghduithe a breathnaíodh ar mhéideanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe, níorbh ionann iad agus laghdú comhthreomhar agus méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann nó ó dhíolacháin thionscal an Aontais. Ina theannta sin, bhí praghsanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe i bhfad níos airde ná leibhéal praghsanna allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann, agus gar do phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (211) I bhfianaise an mhéid thuas agus i bhfianaise na méideanna móra allmhairí ar phraghsanna ísle ó na tíortha lena mbaineann i gcomparáid leo siúd ó thríú tíortha eile, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nár laghdaigh allmhairí ó thríú tíortha eile an nasc cúiseach idir an díobháil a d'fhulaing thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

5.2.2. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

- (212) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13 —

Feidhmíocht onnmhairiúcháin de tháirgeoirí an Aontais

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[1 700-2 100]	[1 600-2 000]	[800-1 000]	[300-500]
Innéacs	100	93	46	17

⁽⁶⁴⁾ Féach ar an ngearán Iarscríbhinn F.7.8, atá ar fáil sa chomhad oscailte, agus an bróisiúr plátaí ceannbheannacha cruach de chuid British Steel, atá ar fáil anseo: <https://britishsteel.co.uk/what-we-do/special-profiles/bulb-flats/> (rochtain dheireanach faighte an 14 Aibreán 2023).

Meánphraghas (EUR/tona)	[800-900]	[700-800]	[1 200-1 350]	0 (*)
Innéacs	100	94	161	0 (*)

Foinse: Eurostat, gearánach agus sonraí fíoraithe maidir le méideanna onnmhairithe, meánphraghas ón ngearánach

(*) Ní raibh aon onnmhaire ag an ngearánach le linn na tréimhse imscrúdúcháin

- (213) Tháinig laghdú leanúnach ar onnmhairí thionscal an Aontais ó 2019 go méideanna diomaibhseacha le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug tionscal an Aontais aird ar an titim dhomhanda ar thomhaltas tar éis phaindéim COVID-19 mar chúis leis an laghdú seo, chomh maith leis an iomaíocht go háirithe onnmhairí na Tuirce ar phraghas íseal a tharla ní hamháin ar an margadh intíre ach ar mhargaí tríú tíortha freisin.
- (214) Ní raibh in onnmhairí ach cuid bheag de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais, b'ionann iad agus [5-9] % dá tháirgeadh in 2019 agus laghdaigh siad go [3-1] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh an laghdú ar fheidhmíocht onnmhairithe cur leis an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais, mar a líomhain Rialtas na Tuirce freisin ina chuid tuairimí ar thionscnamh, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as, ag féachaint don sciar ard de dhíolacháin an Aontais i gcomparáid le díolacháin onnmhairiúcháin le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, níor mhaolaigh an laghdú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.3. Paindéim COVID-19 agus tomhaltas laghdaithe

- (215) Ina gcuid tuairimí ar an tionscnamh, chuir Rialtas na Tuirce, Özkan agus Fincantieri go léir in iúl gur chuir paindéim COVID-19 agus an laghdú comhthreomhar ar an tomhaltas, gur chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais nó ba chúis leis an díobháil sin. Mar a léirítear i dTábla 2, tháinig laghdú 32 % ar thomhaltas plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a bhí nasctha go príomha le paindéim COVID-19, mar a leagtar amach in aithris (149). An tráth céanna, áfach, ba mhó fós an laghdú a tháinig ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, óir ba laghdú 38 % a bhí ann sin. Ina theannta sin, bhí cás díobhálach ann de bharr líon suntasach allmhairí ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais in 2019 cheana féin, agus ní raibh an tionchar ag paindéim COVID-19 le brath ach ó 2020 ar aghaidh. Dá bhrí sin, seachas mar chúis le staid dhíobhálacha thionscal an Aontais, ba cheart go mbreathnófaí ar phaindéim COVID-19 agus an laghdú ar thomhaltas plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas mar fhachtóir níos measa in 2020.
- (216) Ar an mbonn sin, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nár laghdaigh éabhlóid thomhaltas an Aontais an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.4. Méadú ar phraghsanna fuinnimh

- (217) Mhaígh Rialtas na Tuirce gur chuir an méadú ar phraghsanna fuinnimh ó dheireadh 2021 i leith, agus go háirithe in 2022 mar gheall ar an ionsaí míleata a rinne Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, isteach ar chás díobhálach an ghearánaigh agus nár cheart é a chur i leith allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.
- (218) Mar a léirítear i dTábla 8, áfach, bhí tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna díolacháin a mhéadú ó EUR [1 000-1 150] go [1 200-1 400] idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Sháraigh an méadú seo de thart ar 24 % an t-ardú ar chostas táirgthe le linn na tréimhse céanna, rud a thugann le fios go bhféadfaí an méadú ar chostais nó ar phraghsanna fuinnimh a chur ar aghaidh chuig na custaiméirí. Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais fós in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú chun a chostas iomlán táirgthe a chlúdach go hiomlán, i ngeall ar an mbrú praghaís a chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann i gcónaí.

- (219) Mar a mhínítear in aithrisí (163), (180) agus (181) thuas, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a choigeartú go leordhóthanach chun staid bhrabúsach a bhaint amach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Ós rud é gur breathnaíodh an patrún seo le linn tréimhse fada ama, níorbh fhéidir é a mhíniú ach leis an méadú ar chostais fuinnimh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tagann an dodhéantacht seo chun praghsanna díolacháin a choigeartú i gcomhthráth leis an méadú ar sciar den mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ag leibhéal shuntasacha tearcghearrtha, rud a chuir faoi chois praghsanna díolacháin thionscal an Aontais, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais filleadh ar staid bhrabúsach.
- (220) Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nach bhféadfadh éabhlóid na bpraghsanna fuinnimh a bheith ina chúis leis an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.5. Éagsúlú táirgí

- (221) Mhaígh Özkan gurb é ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais go páirteach ná gur cleachtas ginearálta san earnáil longhógála gach méid agus cineál éagsúil pláta ceannbheannaigh cruach a cheannach le haghaidh tionscadal ar leith ón bhfoinse chéanna, ar mhaithe le hinrianaitheacht níos éasca. Ós rud é nár tháirg tionscal an Aontais ach suas le 204 mm ar leithead phlátaí ceannbheannacha cruach ní raibh, de réir Özkan, an buntáiste iomaíoch a bhí ag Özkan ó tháirg sé plátaí ceannbheannacha cruach de gach méid.
- (222) Mar sin féin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise ar chleachtas na dtógálaithe long líomhnaithe gach pláta ceannbheannach cruach a cheannach cothrom ó fhoinsé amháin, agus níor chuir Özkan an fhianaise sin ar fáil. Os a choinne sin, chuir an t-úsáideoir comhoibríoch agus an t-allmhaireoir neamhghaolmhar araon aighneachtaí ar fáil inar luaigh siad go raibh gá le foinsé soláthair éagsúlaithe, in ionad a bheith ag brath ach ar sholáthraí amháin. Thug an t-úsáideoir le fios freisin gur cheannaigh siad plátaí ceannbheannacha cruach go ginearálta ar bhonn stoic, go bhféadfaí gach pláta ceannbheannach cruach den mhéid céanna a úsáid go hidirmhalartaithe neamhspleách ar a bhfoinse, agus nach raibh ceannacháin nasctha le tionscadal ar leith.
- (223) Ina theannta sin, tá infheistíocht déanta ag tionscal an Aontais in éagsúlú táirgí le blianta beaga anuas trína raon méideanna na bplátaí ceannbheannacha cruach a leathnú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir leis seo, chuir Fincantieri a chuid tuairimí in iúl do sliocht sa ghearán inar luaigh an gearánach *'tá sé níos saoire suas le leithead ainmniúil de 180mm a tháirgeadh'*. Dá bhrí sin cheistigh Fincantieri cinneadh an ghearánaigh infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh méideanna níos mó agus mhaígh sé gur chuir sé le brabúis laga thionscal an Aontais.
- (224) Mar sin féin, contrártha leis an méid thuas, léirigh an gearán agus sonraí fíoraithe an ghearánaigh araon go bhfuil táirgeadh méideanna níos mó plátaí ceannbheannacha cruach níos eacnamaí, toisc go dteastaíonn níos lú rollta agus go bhfuil sé níos éifeachtúla ó thaobh ama de. I mír 1.3 den ghearán luaigh sé freisin *'dá laghad méid an phláta ceannbheannaigh cruach, is airde an costas'*. Thabharfadh sé sin le fios go gcuirfeadh straitéis éagsúlaithe thionscal an Aontais san am a chuaigh thart go dearfach lena staid bhrabúsachta seachas rannchuidiú leis an díobháil a fulaíngíodh.
- (225) Chinn an Coimisiún go sealadach mar sin nach raibh an easpa líomhnaithe éagsúlú líomhnaithe i gcineálacha plátaí ceannbheannacha cruach i dtionscal an Aontais de chineál go maolódh sé an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain le tionscal an Aontais.

5.3. Conclúid maidir le cúisíocht

- (226) Tháinig meath foriomlán ar staid airgeadais thionscal an Aontais idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an meath seo suntasach go háirithe in 2020, agus ina dhiaidh sin tháinig feabhas ar an scéal go pointe áirithe go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Ag deireadh na tréimhse lena mbaineann, áfach, bhí tionscal an Aontais fós ag déanamh caillteanais agus ní raibh sé fós de chumas air athshlánu go dtí na leibhéil a raibh ann roimh 2020. Tharla na cúinsí diúltacha sin ag an am céanna agus sciar méadaithe den mhargadh d'allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann, a rinneadh ar phraghsanna dumpáilte, a mhéadaigh ach níos lú ná iad siúd ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a luadh i Roinn 5.1 thuas.

- (227) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na bhfachtóirí uile is eol ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Ba theoranta amháin an éifeacht d'allmhairí ó thrú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais, paidéim COVID-19 a dhéanann difear do thomhaltas an Aontais, an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh agus easpa líomhnaithe éagsúlachta táirgí ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais i dtéarmaí méideanna táirgeachta, praghsanna díolacháin agus brabúsacht.
- (228) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as ag an bpointe seo gur díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ba chúis leis na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus nár leor na fachtóirí eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, chun an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a mhaolú.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

- (229) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún an leor dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a dhéanann allmhairí dumpáilte chuig tionscal an Aontais.

6.1. Corrlach díobhála

- (230) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh Tionscal an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus 7(2d) den bhun-rialachán.
- (231) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: an leibhéal brabúsachta roimh mhéadú na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, an leibhéal brabúsachta is gá chun costais iomlána agus infheistíochtaí, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht a chlúdach, agus an leibhéal brabúsachta a mbeifear ag súil leis faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Níor cheart go mbeadh an corrlach brabúis sin níos ísle ná 6 %.
- (232) Ba é an táirgeoir comhoibríoch de chuid an Aontais a bhain cailteanas le linn na tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Mhol an gearánach spriocbhrabús 7,4 %, bunaithe ar an mbrabús a baineadh amach ar a línte táirge eile in 2019. Mar sin féin, mheas an Coimisiún gur bhain na línte táirge eile le hinsí feithicleacha agus próifílí speisialta, ar táirgí iad ar phraghas níos airde, ar tháirgí níos casta agus ar tháirgí speisialaithe do chustaiméirí. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach brabúis go sealadach ag 6 % i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.
- (233) Ar an mbonn sin, is é EUR [1 300] - [1 600] an praghas neamhdhíobhálach in aghaidh an tona plátaí ceannbheannacha cruach, a eascraíonn as an gcorrlach brabúis thuasluaite de 6 % a chur i bhfeidhm ar chostas an táirghe le linn thréimhse imscrúdúcháin an táirgeora chomhoibríoch de chuid an Aontais.
- (234) Chinn an Coimisiún ansin leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáide idir mheánphraghas ualaithe allmhairithe na dtáirgeoirí onnmhairithe comhoibríocha sna tíortha lena mbaineann, arna bhunú le haghaidh ríomh sladghearrtha praghais, le meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid seo mar chéatadán de mheánluach ualaithe CIF allmhairithe.
- (235) Sainmhínítear an leibhéal díothaithe díobhála do 'gach cuideachta eile' ar an mbealach céanna leis an gcorrlach dumpála do na cuideachtaí sin (féach aithrisí (120) i gcás Dhaon-Phoblacht na Síne agus aithris (141) i gcás na Tuirce).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)	Corrlach díobhála sealadach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %	21,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %	21,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %	30,0 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %	30,0 %

6.2. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

- (236) Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart dleachtanna sealadacha frithdhumpála a shocrú mar atá thíos i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %

7. LEAS AN AONTAIS

- (237) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

- (238) Tá dhá chuideachta ag táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas. Fostaíonn siad [130-160] oibrí go díreach, agus tá siad lonnaithe sa Spáinn agus san Iodáil. In 2019 bhí táirgeoir amháin breise de chuid an Aontais fós ann, atá lonnaithe sa Rómáin. Mar thoradh air sin, bhí an fhostaíocht dhíreach iomlán maidir le plátaí ceannbheannacha cruach in 2019 beagnach dhá oiread líon na bhfostaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (239) Fuarthas amach san imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhforchuirfí bearta ligfí do thionscal an Aontais a sciar den mhargadh a choinneáil, táirgeadh agus úsáid acmhainne a mhéadú, praghsanna a ardú chun costais táirgthe a chlúdach agus leibhéal brabúsachta a bhaint amach a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Chuirfeadh sé sin ar thionscal an Aontais filleadh ar staid inbhuanaithe agus ligfeadh dó infheistíochtaí a dhéanamh amach anseo.
- (240) Is dócha go gcaillfí tuilleadh sciar den mhargadh agus meath ar an mbrabúsacht as neamh-fhorchur beart, rud a bhí diúltach cheana féin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chúis le dúnadh breise saoráidí táirgthe agus dífhostú, rud a chuirfeadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol. Tá sé seo ábhartha go háirithe i bhfianaise nach bhfuil ach beirt tháirgeoir de chuid an Aontais fágtha faoi láthair, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad araon.
- (241) Chinn an Coimisiún go sealadach, dá bhrí sin, go mbeadh sé chun leasa thionscal an Aontais bearta sealadacha frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann.

7.2. Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara

- (242) Le linn an imscrúdaithe níor tháinig ach allmhaireoir amháin nach raibh gaol aige leis, Baglietto, chun tosaigh agus thug sé freagra ar an gceistneoir. Ar an drochuair, in ainneoin roinnt leasuithe ar fhreagra an cheistneora bhí an méid faisnéise a bhí fós neamhiomlán, lena n-áirítear an chuid insinte den fhreagra, chomh mór sin go raibh an freagra ró-easnamhach le glacadh san imscrúdú. D'aontaigh an t-allmhaireoir go gcuirfeadh sé aighneacht ar fáil ina ionad sin maidir le díobháil agus leas an Aontais. Ina aighneacht, chuir Baglietto i gcoinne na mbeart frithdhumpála, toisc gur mhaígh sé go gcuirfeadh bearta den sórt sin teorainn le hinfhaighteacht plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas agus go bhféadfadh siad, dá bhrí sin, staid déoplachtach nó monaplacht a chruthú ar mhargadh an Aontais.

- (243) Tháinig beirt úsáideoir ar aghaidh freisin agus chuir siad freagraí ar an gceistneoir ar fáil. Bhí freagra úsáideoir amháin ró-easnamhach le glacadh san imscrúdú, agus glacadh le freagra an úsáideora Fincantieri agus fíoraíodh é ar an láthair. Is é Fincantieri an chuideachta longthógála is mó san Aontas agus mar sin tá sé ar cheann de na húsáideoirí is tábhachtaí den táirge atá á imscrúdú.
- (244) Mhaígh Fincantieri, ar an gcéad dul síos, dá gcuirfí bearta frithdhumpála i bhfeidhm nach mór an margadh a dhúnadh d'allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach agus go mbeadh baol ann go mbeadh ganntanas soláthair ann, go háirithe do mhéideanna comhréidh den phláta ceannbheannach cruach idir leithead 160 – 200 mm, rud nár tháirg ach táirgeoir Aontais amháin. Ar an dara dul síos, d'áitigh an t-úsáideoir go ndéanfaí an easpa infhaighteachta ar mhargadh an Aontais níos measa dá gcuirfí bearta i bhfeidhm. De réir Fincantieri, níl i ndóthain acmhainne ag tionscal an Aontais chun riachtanas na hearnála longthógála ar fad a shásamh. Ina theannta sin, bhí moilleanna agus saincheisteanna lóistíochta ag bagairt ar sholáthairtí tionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir iallach ar Fincantieri glacadh le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar an rogha dheiridh. Ar an tríú dul síos, dúirt Fincantieri, seachas na tíortha lena mbaineann, nach bhfuil aon soláthraí iontaoifa eile ann maidir le plátaí ceannbheannacha cruach.
- (245) I dteannta leis an allmhaireoir agus leis an úsáideoir, d'áitigh Rialtas na Tuirce freisin go dtiocfadh staid mhonaplachta ar mhargadh an Aontais dá gcuirfí bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Mar an gcéanna, thug Rialtas na Tuirce aird ar na bearta cosanta atá ann cheana maidir le hallmhairí táirgí cruach, lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach, a thugann cosaint leordhóthanach cheana féin do thionscal an Aontais dar leo.
- (246) Go bunúsach, bhain na príomhargóintí a chuir an t-úsáideoir, an t-allmhaireoir agus Rialtas na Tuirce ar aghaidh go bhfuil eagla ar pháirtithe faoi bhaol ganntanas soláthair agus go mbeadh staid mhonaplachta orthu ar mhargadh an Aontais má fhorchuirtear bearta frithdhumpála. Mar sin féin, is é an aidhm agus an éifeacht atá beartaithe le bearta frithdhumpála a fhorchur gan margadh an Aontais d'allmhairí ó thríú tíortha a dhúnadh riamh. Tá sé mar aidhm leis deireadh a chur le héifeachtaí saobhadh trádála na dumpála díobhálaí agus, ar an gcaoi sin, an iomaíocht agus cothrom na Féinne a thabhairt ar ais do tháirgeoirí an Aontais. Toisc nár oibrigh tionscal an Aontais faoi lánacmhainneacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tugadh le tuiscint go bhféadfadh táirgeoirí an Aontais níos mó plátaí ceannbheannacha cruach a dhíol ar mhargadh an Aontais.
- (247) Ina theannta sin, níor tugadh le fios nach mbeidh allmhaireoirí ná úsáideoirí in ann an méadú praghais a bheadh mar thoradh ar bhearta frithdhumpála a fhorchur a ionsú. Níor cheadaigh an fhaisnéis a chuir Baglietto ar fáil a chinneadh cibé an bhféadfadh allmhaireoirí an dleacht frithdhumpála atá beartaithe a ionsú.
- (248) Mar sin féin, léiríodh leis na sonraí fíoraithe agus ráitis an úsáideora chomhoibríoch nach mbeadh costas méadaithe plátaí ceannbheannacha cruach chun aimhleas na n-úsáideoirí. B'ionann plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann agus níos lú ná 10 % de na ceannacháin iomlána a rinne an t-úsáideoir plátaí ceannbheannacha cruach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, b'ionann costas plátaí ceannbheannacha cruach agus cuid diomaibhseach de chostas iomlán táirgthe Fincantieri (níos lú ná 0,5 %) do na táirgí go léir a chuimsíonn plátaí ceannbheannacha cruach. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh aon tionchar a bheidh ag costas méadaithe plátaí ceannbheannacha cruach ar chorrlach brabúis mór Fincantieri an-teoranta.
- (249) Thairis sin, maidir le heaspa foinsí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann, mura ndéanfaí bearta frithdhumpála a fhorchur, bheadh sé sin chun dochair do staid airgeadais thionscal an Aontais agus d'fhéadfadh go mbeadh sé mar chúis leis an mbeirt táirgeoirí de chuid an Aontais atá fágtha athmheasúnú a dhéanamh ar a straitéisí infheistíochta agus díriú ar a gcuid línte táirgeachta eile atá níos brabúsaí faoi láthair, rud a chuirfí deireadh go héifeachtach le táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas.
- (250) Faoi imthosca den sórt sin, bheadh allmhaireoirí an Aontais agus úsáideoirí plátaí ceannbheannacha cruach ag brath go hiomlán ar allmhairí ó thríú tíortha nach mbaineann, de réir na bpáirtithe go léir, ach leis an tSín agus leis an Tuirc amháin i ndáiríre. Ionas nach mbeidh siad ag brath ar allmhairí ach ó líon an-teoranta soláthraithe tríú tíortha, tá gá le foinsé éagsúlaithe soláthair, lena n-áirítear foinsí soláthair laistigh den Aontas. Trí dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur, a d'athbhunófaí iomaíochas agus cothrom na Féinne, chinnteodh éagsúlú agus an fhéidearthacht rogha foinsé soláthair a d'iarr na páirtithe go léir.
- (251) I bhfianaise an méid atá thuasluaite, diúltaíodh go sealadach do na héilimh maidir le heaspa foinsí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann agus cás déoplachta/monaplachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

- (252) Mar a luaitear in aithris (245), rinne Rialtas na Tuirce an argóint bhreise go bhfuil tionscal an Aontais á chosaint cheana féin trí na bearta cosanta atá i bhfeidhm faoi láthair i gcoinne táirgí cruach, lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach ⁽⁶⁵⁾. Mar sin féin, is bearta sealadacha iad na bearta coimirce agus tá réasúnaíocht agus oibiachtúlacht éagsúil acu ná mar a bhaineann le bearta frithdhumpála. Dá bhrí sin, diúltaíodh go sealadach don éileamh seo a bhaineann leis na bearta cosanta.

7.3. Conclúid ar leas an Aontais

- (253) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as nach raibh aon chúiseanna láidre ann nach raibh sé chun leasa an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh na Síne agus na Tuirce ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

- (254) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur ar dhíobháil bhreise do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte.
- (255) Ba cheart bearta sealadacha frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, i gcomhréir leis an rialí maidir le dleacht níos lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún comparáid idir na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála (aithrisí (229) - (236) thuas). Socraíodh méid na ndualgas ar an leibhéal is ísle den dumpáil agus na corrlaigh dhíobhála.
- (256) I bhfianaise an mhéid thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála shealadaigh, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %

- (257) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorghníomhú i gceart, ba cheart feidhm a bheith ag an dleacht frithdhumpála do gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríochá sa imscrúdú seo, ach maidir leis na táirgeoirí nach ndearna onnmhairí chuig an Aontas le linn an tréimhse imscrúdúcháin.

9. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

- (258) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoin bhforchur atá beartaithe ar dhleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.
- (259) Luaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin Turcach gur slánaíodh na cainníochtaí díolacháin intíre go dtí na figiúirí is gaire go hearráideach, arbh é ba chúis le corrlach dumpála ab airde. Tar éis na hanailíse, ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus cheartaigh sé an earráid trí úsáid a bhaint as figiúirí nár slánaíodh go na figiúirí is gaire. Ba é an toradh a bhí air sin athrú ar an gcorrlach frithdhumpála sealadach ó 14,3 % go 13,6 %.

⁽⁶⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/978 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart cosanta cinntitheach ar allmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 167, 24.6.2022, lch. 58).

(260) Thug an tairgeoir onnmhairiúcháin Changshu Longteng a bharúlacha freisin, ach níor bhain siad le cruinneas na ríomhanna. Déileálfar leis na barúlacha sin ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

10. FORÁLACHA DEIRIDH

(261) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(262) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail sa raon suas le 204 mm ar leithead, a thagann faoi láthair faoi chód CN ex 7216 50 91 (cód TARIC 7216 50 91 10) agus de thionscnamh Phoblacht Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce.

2. Is mar a leanas a bheidh dleacht frithdhumpála shealadach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an tairge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %	899J
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	14,7 %	8999
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %	899K
An Tuirc	Gach cuideachta eile	13,6 %	8999

3. Beidh scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas den tairge dá dtagraítear i mír 1 faoi réir taise ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha ábhartha maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo iarradh ar éisteacht leis an gCoimisiún, iarrfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirfeadh isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchúf.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.ss

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú eitlíochta eora-mheánmhara idir an tAontas eorpach agus a bhallstáit, de pháirt, agus rialtas stát iosrael, den pháirt eile

an 4 Iúil 2023

lena n-ionadaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile (2023/1445)

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 27(6) de,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, ón 1 Lúnasa 2023.

Arna dhéanamh in Tel Aviv, an 4 Iúil 2023.

Thar ceann an Chomhchoiste

Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh
Klaus GEIL

Ceann Thoscaireacht Rialtas Iosrael
Ishay DON-YEHIYA

⁽¹⁾ IO L 208, 2.8.2013, lch. 3.

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN IV

RIALACHA A BHAINNEANN LEIS AN EITLÍOCHT SHIBHIALTA

Beidh na ceanglais agus caighdeáin rialála a bheidh coibhéiseach le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, bunaithe ar na gníomhartha seo a leanas. I gcás inar gá, leagtar amach anseo thíos oiriúnuithe sonracha le haghaidh gach gnímh aonair. Beidh na ceanglais agus caighdeáin rialála choibhéiseacha infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn VI mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn seo nó in Iarscríbhinn II maidir le Forálacha Idirthréimhseacha.

A. SÁBHÁILTEACHT NA HEITLÍOCHTA

A.1. Liosta na n-aeríompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú

Déanfaidh Iosrael bearta, a luaithe agus is féidir, a chomhfhreagróidh do na bearta arna ndéanamh ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar bhonn liosta na n-aeríompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú ar chúiseanna sábháilteachta.

Déanfar na bearta i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le liosta a bhunú agus a fhoilsiú d'aeríompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le haerphaisinéirí a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeríompróra a oibríonn na heitiltí ar a dtaistealaíonn siad, arna mbunú sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh:

Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeríompróirí a bhunú atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeríompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeríompróra, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, arna leasú le:

— Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1;

— Rialachán (AE) 2019/1243 an 20 Meitheamh 2019, IO L 198, 25.7.2019, lch. 241.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 13, an Iarscríbhinn

Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme don liosta Comhphobail d'aeríompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 84, 23.3.2006, lch. 8.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 6, Iarscríbhinní A go C

Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeríompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 84, 23.3.2006, lch. 14, de réir mar a leasaítear le Rialachán tráthrialta ón gCoimisiún.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, Iarscríbhinní A go B

I gcás ina mbíonn beart ina chúis mhór inni d'Iosrael, féadfaidh Iosrael a chur i bhfeidhm a chur ar fionraí agus tarchuirfidh sí an t-ábhar chuig an gComhchoiste de bhun Airteagal 22(11), pointe (f), den Chomhaontú seo gan moill mhíchuí.

A.2. Inscrúdú ar thionóiscí agus teagmhais agus tuairisciú tarluithe**A.2.1: Rialachán (AE) Uimh. 996/2010**

Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais san eitlíocht shibhialta a inscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, arna leasú le:

- Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 an 3 Aibreán 2014, IO L 122, 24.4.2014, lch. 18;
- Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 5, Airteagail 8 go 18(2), Airteagail 20, 21, 23, Iarscríbhinn.

NB:

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1128 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2019 maidir le cearta rochtana ar mholtaí agus freagairtí sábháilteachta a stóráiltear sa Stór Lárnach Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/780/AE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 177, 2.7.2019, lch. 112.

A.2.2: Rialachán (AE) Uimh. 376/2014

Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 agus (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, arna leasú le:

- Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 7; Airteagal 9(3); Airteagal 10(2) go (4); Airteagal 11(1) agus (7); Airteagal 13, seachas mír (9); Airteagail 14 go 16; Airteagail 21 go 23; Airteagal 24(3), Iarscríbhinní I go III.

Rialachán Tarmlichthe (AE) 2020/2034 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcomhscéim Eorpach um aicmiú riosca, (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 416, 11.12.2020, lch. 1.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2015 lena leagtar síos liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta atá le tuairisciú ar bhonn éigeantach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 163, 30.6.2015, lch. 1

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 2, Iarscríbhinní I go V.

B. BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

BUNRIALACHÁIN

Roinn A:

B.1: Rialachán (CE) Uimh 549/2004

Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun Aerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, arna leasú le:

- Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1(1) go 3, Airteagal 2, Airteagal 4(1) go (4), Airteagail 9, 10, Airteagal 11(1), (2), (3)(b) agus (d), (4) go (6), Airteagal 13.

Chun ceanglais Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 a chur chun feidhme, déanfaidh Iosrael scéim náisiúnta feidhmíochta a fhorbairt agus a chur ar bun lena n-áireofar:

- Spriocanna feidhmíochta náisiúnta i dtaca leis na réimsí tábhachtacha feidhmíochta a bhaineann leis an tsábháilteacht, leis an gcomhshaol, leis an toilleadh agus leis an gcostéifeachtúlacht; Socróidh sásra rialtais na spriocanna tar éis dó ionchur ón údarás maoirseachta náisiúnta a chur san áireamh;
- Plean feidhmíochta a bheidh comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta agus a mbeidh faisnéis ann maidir le hinflheistíochtaí BAT, go háirithe leo siúd a bhaineann leis an ailíniú le pleananna imlonnaithe SESAR, lena n-áirítear comhthionscadail. Is é soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta a tharraingeoidh an plean feidhmíochta suas tar éis dul i gcomhairle dó le húsáideoirí an aerspáis;

Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta measúnú ar chomhsheasmhacht an phlean feidhmíochta leis na spriocanna feidhmíochta náisiúnta agus i gcás neamhréireachta féadfaidh an t-údarás sin moladh a eisiúint chuig soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe agus bearta iomchuí a mholadh. I gcás ina gcinneann an t-údarás maoirseachta náisiúnta nach leormhaith na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe nó na bearta iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh go ndéanfaidh soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta bearta ceartaitheacha.

Is í Iosrael a chinnfidh an tréimhse thagartha don scéim feidhmíochta agus tuairisceofar an tréimhse sin don Chomhchoiste.

Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta measúnuithe tráthrialta ar bhaint amach na spriocanna feidhmíochta.

B.2: Rialachán (CE) Uimh 550/2004

Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san Aerspás Eorpach Aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí), (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(1), (2), agus (4) go (6), Airteagal 4, Airteagal 7(1), (2), (4) go (5), agus (7), Airteagal 8(1), (3), agus (4), Airteagail 9, 10, 11, Airteagal 12(1) go (4), Airteagal 18(1) agus (2), Iarscríbhinn II

B.3: Rialachán (CE) Uimh 551/2004

Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerispáis san aerispás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1, Airteagal 3a, Airteagal 4, Airteagal 6(1) go (5) agus (7), Airteagal 7(1) agus (3), Airteagal 8

B.4: Rialachán (CE) Uimh 552/2004

Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an Líonra Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 26, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, Airteagal 4(2), Airteagail 5 go 6a, Airteagal 7(1), Airteagal 8, Iarscríbhinn I go V.

NB: Aisghaireadh an Rialachán sin (552/2004) le Rialachán (AE) 2018/1139 le héifeacht ón 11 Meán Fómhair 2018. Beidh feidhm i gcónaí, áfach, ag Airteagail 4, 5, 6, 6a agus 7 den Rialachán sin agus ag Iarscríbhinn III agus ag Iarscríbhinn IV a ghabhann leis go dtí dáta cur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 46 den Rialachán seo agus a mhéid a chumhdaíonn na gníomhartha sin ábhar fhorálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 552/2004, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023.

Rialacháin Uimh. 549/2004 go 552/2004 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn feidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú.

B.5: Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1087 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021, IO L 236, 5.7.2021, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 40 go 54, Iarscríbhinn VIII

Roinn B:**B.2: Rialachán (CE) Uimh 550/2004**

Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(3), Airteagal 7(6) agus (8), Airteagal 8(2) agus(5), Airteagal 9a(1) go (5), Airteagal 13

B.3: Rialachán (CE) Uimh 551/2004

Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 3, Airteagal 6(6)

Rialachán Uimh. 549/2004 go 552/2004 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn feidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú.

B.5: Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1087 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021, IO L 236, 5.7.2021, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 40 go 54, Iarscríbhinn VIII

RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

Beidh na gníomhartha seo a leanas infheidhme agus ábhartha mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn VI i ndáil leis na ceanglais agus caighdeáin rialála choibhéseacha a bhaineann leis na 'Bunrialacháin':

Soláthar seirbhísí (Rialachán (CE) Uimh. 550/2004)

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12.

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1338 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2021, IO L 289, 12.8.2021, lch. 12.

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/938 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022, IO L 209, 10.8.2022, lch. 1.

Féadfaidh Iosrael a soláthraí seirbhísí meitéareolaíochta a choinneáil ina chomhlacht rialtais.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2013 maidir le comhthionscadail a shainiú, rialachas a bhunú agus dreasachtaí chun tacú le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta a shainiú (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 123, 4.5.2013, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021, IO L 36, 2.2.2021, lch. 10

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021 maidir le bunú Chomhthionscadal a hAon lena dtacaítear le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2014 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 36, 2.2.2021, lch. 10.

An tAerspás (Rialachán (CE) Uimh. 551/2004)

Rialachán (AE) Uimh. 255/2010 ón gCoimisiún an 25 Márta 2010 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le bainistíocht na sreibe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 80, 26.3.2010, lch. 10, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012, IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1006 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2016, IO L 165, 23.6.2016, lch. 8,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2159 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2017, IO L 304, 21.11.2017, lch. 45

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015, IO L 63, 6.3.2015, lch. 1,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1185 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2016, IO L 196, 21.7.2016, lch. 3,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14.

Rialachán (CE) Uimh. 2150/2005 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2005 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid sholúbtha aerispáis (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 342, 24.12.2005, lch. 20.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 28, 31.1.2019, lch. 1.

An Rialachán um Idir-Inoibritheacht (CE) Uimh. 552/2004

Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 ón gCoimisiún an 30 Márta 2009 lena leagtar síos na ceanglais maidir le leithdháileadh comhordaithe agus úsáid cód ceistiúcháin Mhodh S le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 84, 31.3.2009, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2345 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2016, IO L 348, 21.12.2016, lch. 11.

Rialachán (CE) Uimh. 633/2007 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2007 lena leagtar síos na ceanglais maidir le prótacal aistrithe teachtaireachta eitlete a úsáidtear chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 146, 8.6.2007, lch. 7, arna leasú le:

— Rialachán (AE) Uimh. 283/2011 ón gCoimisiún an 22 Márta 2011, IO L 77, 23.3.2011, lch. 23.

Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2006 lena leagtar síos na ceanglais ar nósanna imeachta le haghaidh pleananna eitilte sa chéim réamheitlete le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 186, 7.7.2006, lch. 46, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012, IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 428/2013 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2013, IO L 127, 9.5.2013, lch. 23,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2120 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2016, IO L 329, 3.12.2016, lch. 70,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/139 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2018, IO L 25, 30.1.2018, lch. 4.

Rialachán (CE) Uimh. 1032/2006 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2006 lena leagtar síos ceanglais maidir le córais uathoibríocha le haghaidh malartú sonraí eitilte chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 186, 7.7.2006, lch. 27, arna leasú le:

Rialachán (CE) Uimh. 30/2009 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009, IO L 13, 17.1.2009, lch. 20.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais ar aitheantas aerárthaigh le haghaidh faireachas le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 305, 23.11.2011, lch. 23, arna leasú le:

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/587 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020, IO L 138, 30.4.2020, lch. 1.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1207/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais le haghaidh feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an fhaireachais le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 305, 23.11.2011, lch. 35, arna leasú le:

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1028/2014 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2014, IO L 284, 30.9.2014, lch. 7,

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/386 ón gCoimisiún an 6 Márta 2017, IO L 59, 7.3.2017, lch. 34,

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/587 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020, IO L 138, 30.4.2020, lch. 1.

Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009 lena leagtar síos ceanglais ar sheirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair, (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 13, 17.1.2009, lch. 3, arna leasú le:

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/310 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2015, IO L 56, 27.2.2015, lch. 30,

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1170 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019, IO L 183, 9.7.2019, lch. 6,

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2012 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019, IO L 312, 3.12.2019, lch. 95

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/208 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 43, 17.2.2020, lch. 72.

Glacfaidh an Comhchoiste Cinneadh maidir leis an dáta nach mór d'Iosrael ceanglais agus caighdeáin a bheidh coibhéiseach le Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 a chur i bhfeidhm uaidh. Go dtí go nglacfaidh an Comhchoiste an Cinneadh sin, measfar nach cuid den Iarscríbhinn seo Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 chun críocha na meastóireachta dá bhforáiltear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II.

Ceanglais bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta a eascraíonn ó Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) Uimh. 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 63, 6.3.2015, lch. 1.

Ní cheanglófar ar Iosrael ionaid aerleighis a bhunú mar institiúidí. Díreofar an measúnú coibhéise ar na ceanglais iarbhír le haghaidh scrúdaitheoirí aerleighis agus caighdeáin leighis.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, arna leasú le:

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1338 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2021, IO L 289, 12.8.2021, lch. 12.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/938 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022, IO L 209, 10.8.2022, lch. 1.

Ní cheanglófar ar Iosrael soláthraí seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta nó faireachais a bhunú a bheidh neamhspleách ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta eile, ná é a dheimhniú go neamhspleách ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí eile sin. Ag deimhniú di an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta atá freagrach freisin as seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta agus faireachais a sholáthar, fíoróidh Iosrael an gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 6 a-c de Rialachán (AE) 2017/373 agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ní cheanglófar uirthi neamhspleáchas an tsoláthraí seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta agus faireachais ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta eile a fhíorú.

C. AN COMHSHAOL

C.1: Rialachán (AE) Uimh. 598/2014

Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE, IO L 173, 12.6.2014, lch. 65.

Forálacha ábhartha: Airteagail 3, 4, 5, 6, 8, 10, Iarscríbhinní I agus II

Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 a bhaineann le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú, IO L 189, 18.7.2002, lch. 12, arna leasú le:

Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 an 22 Deireadh Fómhair 2008, IO L 311, 21.11.2008, lch. 1,

Treoir (AE) 2015/996 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2015, IO L 168, 1.7.2015, lch. 1,

Rialachán (AE) 2019/1010 an 5 Meitheamh 2019, IO L 170, 25.6.2019, lch. 115,

Rialachán (AE) 2019/1243 an 20 Meitheamh 2019, IO L 198, 25.7.2019, lch. 241,

Treoir (AE) 2020/367 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020, IO L 67, 5.3.2020, lch. 132,

Forálacha ábhartha: de réir mar is gá chun Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 a chur i bhfeidhm i gceart.

C.2: Treoir 2006/93/CE

Treoir 2006/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le rialáil oibríocht eitleán a chumhdaítear i gCuid II, Caibidil 3, Imleabhar 1 d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, an dara heagrán (1988) (leagan códaithe) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 374, 27.12.2006, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 5

D. DLITEANAS AN AERÍOMPRÓRA

D.1: Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle

Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeríompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer, IO L 285, 17.10.1997, lch. 1, arna leasú le:

Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 an 13 Bealtaine 2002, IO L 140, 30.5.2002, lch. 2.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(1)(a) agus (c) go (g), Airteagail 3 go 6

E. CEARTA NA dTOMHALTÓIRÍ AGUS COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

E.2: Rialachán (AE) 2016/679

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

Forálacha ábhartha: I gcás inarb ábhartha i ndáil leis an eitlíocht shibhialta.

E.3: Rialachán (CE) Uimh. 261/2004

Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfead eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfead moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 46, 17.2.2004, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 16

E.4: Rialachán (CE) Uimh 1107/2006

Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 204, 26.7.2006, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1(1), Airteagail 2 go 16, Iarscríbhinní I go II.

F. GNÉITHE SÓISIALTA

F.1: Treoir 2000/79/CE ón gComhairle

Treoir 2000/79/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 a bhaineann leis an gComhaontú Eorpach maidir le Comhaontú na hEorpa um Eagrú Ama Oibre na nOibrithe Taistil san Eitlíocht Shibhialta arna thabhairt i gcrích ag Cumann Aerlínte na hEorpa (AEA), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF), Cónaidhm Chríúna Eitilte na hEorpa (ECA), Cumann Aerlínte Réigiúin na hEorpa (ERA) agus Cumann na nAeríompróirí Idirnáisiúnta (IACA) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 302, 1.12.2000, lch. 57.

Forálacha ábhartha: Clásal 1(1) agus Clásail 2 go 9 den Iarscríbhinn'

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)